Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022
(OR. en)

15896/22

Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0408(COD)

JUSTCIV 168
ECOFIN 1316
COMPET 1020
JAI 1666
CODEC 1981
IA 220

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 702 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 702 final.

Faoi iamh: COM(2022) 702 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.12.2022
COM(2022) 702 final

2022/0408 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 434 final} - {SWD(2022) 395 final} - {SWD(2022) 396 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tionscnamh seo, a fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2020, mar chuid de thosaíocht an Choimisiúin Aontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn, ar príomhthionscadal é chun comhtháthú airgeadais agus eacnamaíoch san Aontas Eorpach a chur chun cinn[1].

Aithníodh le fada an lá go bhfuil easpa córas dócmhainneachta comhchuibhithe ar cheann de na príomhbhacainní ar shaorghluaiseacht chaipitil san Aontas agus ar chomhtháthú níos fearr mhargaí caipitil an Aontais. In 2015, shainaithin Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) go comhpháirteach an dlí dócmhainneachta mar phríomhréimse chun Aontas na Margaí Caipitil 'fíor' a bhaint amach[2]. Ba é sin dearcadh comhsheasmhach na n-institiúidí idirnáisiúnta freisin, amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus an iliomad meithleacha machnaimh. In 2019, shainaithin CAI cleachtais dhócmhainneachta mar cheann de 'na trí phríomhbhacainní ar chomhtháthú níos fearr sa mhargadh caipitil san Eoraip', in éineacht le trédhearcacht agus cáilíocht rialála. Tá béim leagtha arís agus arís eile ag BCE ar an ngá atá le 'aghaidh a thabhairt ar na móreasnaimh agus ar an éagsúlacht idir creataí dócmhainneachta [..] sa bhreis ar an dréacht-Treoir maidir le Dócmhainneacht, Athstruchtúrú agus an Dara Réiteach ós rud é gur féidir le dlíthe dócmhainneachta níos éifeachtúla agus níos comhchuibhithe [in éineacht le bearta eile] deimhneacht a fheabhsú d'infheisteoirí, costais a laghdú agus infheistíochtaí trasteorann a éascú, agus caipiteal riosca a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inrochtana do chuideachtaí ag an am céanna[3].

Tá na rialacha dócmhainneachta ilroinnte ar bhonn náisiúnta. Dá thoradh sin, cuireann siad torthaí éagsúla ar fáil ar fud na mBallstát, agus go háirithe tá leibhéil éagsúla éifeachtúlachta acu maidir leis an am a thógann sé cuideachta a leachtú agus maidir leis an luach is féidir a aisghabháil sa deireadh. I roinnt Ballstát, bíonn nósanna imeachta dócmhainneachta fada agus meánluach aisghabhála íseal i gcásanna leachtaithe mar thoradh air sin. Cruthaíonn difríochtaí sna córais náisiúnta éiginnteacht dhlíthiúil freisin a mhéid a bhaineann le torthaí imeachtaí dócmhainneachta agus bíonn costais faisnéise agus foghlama níos airde ann do chreidiúnaithe trasteorann i gcomparáid leo siúd nach n-oibríonn ach ar bhonn intíre.

Tá difríocht shuntasach idir torthaí na nósanna imeachta dócmhainneachta ar fud na mBallstát, agus is idir 0.6 bliana agus 7 mbliana a bheidh sa mheántréimhse aisghabhála agus costais bhreithiúnacha idir 0 agus os cionn 10 %. B'ionann meánluachanna aisghabhála na n-iasachtaí corparáideacha san Aontas agus 40 % den mhéid a bhí gan íoc tráth na mainneachtana agus 34 % d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ó 2018 ar aghaidh[4]. Ní bhíonn tionchar ag luachanna ísle aisghabhála, nósanna imeachta fada

---

1 COM/2020/590 final.

2 Tuarascáil an Chúigear Uachtarán (https://ec.europa.eu/info/publications/five-presidents-report-completing-europes-economic-and-monetary-union_en), rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2015 maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Thógáil (2015/2634(RSP)) agus an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt tuilleadh (2020/2036(INI)).

3 An Banc Ceannais Eorpach, 'Financial integration in Europe', Bealtaine 2018, https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/fie/ecb.financialintegrationineurope201805.en.pdf agus 'Financial Integration and Structure in the Euro Area', Aibreán 2022, https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/fie/ecb.fie202204~4c4f5f572f.en.pdf.

4 Eascraíonn na sonraí as cleachtadh tagarmhairc a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach. Féach an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, 'Report on the benchmarking of national loan enforcing frameworks', 2020, EBA/REP/2020/29,

dócmhainneachta agus costais arda ar na nósanna imeachta ar éifeachtúlacht leachtaithe cuideachta amháin. Is príomhthosaíocht é freisin d'infheisteoirí nó do chreidiúnaithe agus leibhéal na préimhe riosca a bhfuil siad ag súil léi a fhorchúiteamh in infheistíocht á chinneadh acu. Is amhlaidh is lú éifeachtacht an chórais dócmhainneachta, is amhlaidh is airde a ghearrfadh na hinfheisteoirí préimhe, agus gach rud eile a bheith seasmhach. Méadaíonn préimh ardriosca costas an chaipitil don chuideachta agus, má tá an riosca thar a bheith ard, díspreagtar infheisteoirí ó chreidmheas a sholáthar. Dá réir sin, cuireann sé sin teorainn leis an rogha maoinithe atá ar fáil don chuideachta agus ar bhonn níos ginearálta cuireann sé teorainn lena cumas maoiniú inacmhainne a aimsiú chun a cuid oibríochtaí a leathnú.

Bhí soláthar creidmheasa trasteorann in 10 go 20 % den 120,000 go dtí 150,000 cás bliantúil dócmhainneachta san Aontas. Is fadhb ar leith d'infheisteoirí trasteorann iad córais dhócmhainneachta éagsúla ar fud an Aontais, agus d'fhéadfadh nach mór dóibh 27 gcóras dócmhainneachta éagsúla a mheas agus measúnú á dhéanamh acu ar dheis infheistíochta lasmuigh dá mBallstát baile. Níl cothrom na Féinne ann, agus meastar go bhfuil infheistíochtaí comhchosúla i mBallstáit ina bhfuil córais dócmhainneachta níos éifeachtúla níos tarraingtí ná mar a mheastar sna Ballstáit ina bhfuil córais dócmhainneachta nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna, rud a chruthaíonn bac suntasach ar shreabhadh trasteorann caipitil agus ar fheidhmiú an mhargaidh aonair le haghaidh caipitil san Aontas. Is dócha freisin go bhfaighidh cuideachtaí sna Ballstáit a bhfuil creataí dócmhainneachta níos éifeachtúla acu rochtain ar chistiú níos saoire, rud a fhágfaidh go mbeidh buntáiste iomaíoch acu i gcomparáid le cuideachtaí ó Bhallstáit eile. Ina theannta sin, díspreagann córais dhócmhainneachta éagsúla ar fud na mBallstát infheisteoirí ó infheistíochtaí a mheas i mBallstáit nach bhfuil na hinfheisteoirí sin chomh eolach céanna ar a gcórais dlí. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na n-infheisteoirí sin nach bhfuil na hacmhainní acu chun measúnú a dhéanamh ar 27 gcóras dócmhainneachta éagsúla. Laghdaíonn sé sin an acmhainneacht fhoriomlán le haghaidh infheistíocht trasteorann san Aontas, rud a chuireann teorainn le doimhneacht agus leithead mhargaí caipitil an Aontais agus a bhaineann an bonn de rath foriomlán thionscadal Aontas na Margaí Caipitil.

Mar thoradh ar an ngéarchéim fuinnimh atá ar siúl faoi láthair agus ar an spás fioscach teoranta d'fhóirdheontais phoiblí, d'fhéadfadh méadú teacht ar imeachtaí gnó amach anseo. D'fhéadfadh sé go mbeadh coinníollacha ann do níos mó cuideachtaí nuair a tharlaíonn go bhfuil a leibhéal fiachais neamh-inbhuanaithe. Ina theannta sin, léiríonn na forbairtí eacnamaíocha is déanaí go bhfuil geilleagar an Aontais fós leochaileach do thurraingí móra eacnamaíocha agus d'anás eacnamaíoch. Dá dtarlódh an dara ceann, mhéadódh rialacha dócmhainneachta níos éifeachtúla agus níos ailínithe san Aontas acmhainneacht ionsúcháin turraingí den sórt sin. Chuideodh siad freisin leis an tionchar diúltach (agus na costais d'infheisteoirí) a bhíonn ag oibríochtaí foirceanta mí-ordúla a theorannú. Sa chás bunlíne, leanfaidh cásanna dócmhainneachta de bheith ag cur i gcoinne acmhainneacht na gcóras breithiúnach, ach ní chuirfí aon réiteach chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na

---

https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/About%20Us/Missions%20and%20tasks/Call%20for%20Advice/2020/Report%20on%20the%20benchmarking%20of%20national%20loan%20enforcement%20frameworks/962022/Report%20on%20the%20benchmarking%20of%20national%20loan%20enforcement%20frameworks.pdf. Léirigh saineolaithe dócmhainneachta náisiúnta, a chuir meastacháin ar fáil don chás tagarmhairc a úsáideadh do tháscairí dócmhainneachta maidir le Gnó a Dhéanamh ón mBanc Domhanda, raon idir 1.5 agus 3.5 bliain le haghaidh an ama aisghabhála agus na gcostas breithiúnach idir 9 agus 15 % do Bhallstáit an Aontais. Tháinig athrú idir 32 % agus 44 % ar na rátaí aisghabhála i gcás leachtaithe i mBallstát den Aontas, agus 38 % ar an meán i gcás na mBallstát lena mbaineann.

fadhbanna a bhaineann le himeachtaí fada agus neamhéifeachtúla, luachanna aisghabhála níos ísle agus, ar deireadh, soláthar creidmheasa agus coigeartú struchtúrach sa gheilleagar a ísliú.

In éagmais tuilleadh cóineasaithe sna córais dhócmhainneachta, ní bhainfí acmhainneacht leibhéal na hinfheistíochta trasteorann agus an chaidrimh ghnó trasteorann amach.

Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun ilroinnt na gcóras dócmhainneachta a laghdú go suntasach. Thacódh sé le cóineasú na ngnéithe spriocdhírithe de rialacha dócmhainneachta na mBallstát agus chruthófaí caighdeáin choiteanna ar fud na mBallstát uile, rud a d'éascódh infheistíocht trasteorann.

D'áiritheofaí le bearta ar leibhéal an Aontais go mbeadh cothrom na Féinne ann agus sheachnófaí saobhadh ar chinntí infheistíochta trasteorann de bharr easpa faisnéise agus difríochtaí i ndearaí na gcóras dócmhainneachta. Chuideodh sé sin le hinfheistíochtaí agus iomaíocht trasteorann a éascú agus feidhmiú ordúil an mhargaidh aonair á chosaint ag an am céanna. Ós rud é gur príomhbhacainn ar infheistíocht trasteorann iad éagsúlachtaí sna córais dócmhainneachta, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an mbacainn sin chun margadh aonair do chaipiteal san Aontas a bhaint amach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhleanúnach le píosaí reachtaíochta eile de chuid an Aontais sa réimse beartais, go háirithe Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)[6], toisc go dtugtar aghaidh ann ar fhadhbanna nach dtéann reachtaíocht eile atá ann cheana i ngleic leo. Dá bhrí sin, tugann an ghníomhaíocht seo de chuid an Aontais aghaidh ar fhíorbhearna reachtach.

Is ionstraim comhchuibhithe spriocdhírithe í Treoir (AE) 2019/1023, a dhírigh ar dhá chineál nós imeachta shonracha: nósanna imeachta réamhdhócmhainneachta; agus nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais d'fhiontraithe ar theip orthu. Bhí an dá nós imeachta nua agus bhí siad in easnamh ó chreataí náisiúnta dócmhainneachta fhormhór na mBallstát. Is éard atá i nósanna imeachta um athstruchtúrú coisctheach (Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023) scéimeanna atá ar fáil d'fhéichiúnaithe atá in anás airgeadais sula n-éiríonn siad dócmhainneach, i.e. nuair nach bhfuil ach dóchúlacht dócmhainneachta ann. Tá siad bunaithe ar an bhfíric go bhfuil seans i bhfad níos mó ann gnólachtaí atá i dtrioblóid a shábháil nuair a bhíonn uirlisí chun a bhfiacha a athstruchtúrú inrochtana dóibh ag céim an-luath, sula n-éiríonn siad go cinntitheach dócmhainneach. Níl feidhm ag íoschaighdeáin chomhchuibhithe Threoir (AE) 2019/1023 maidir leis na creataí um athstruchtúrú coisctheach ach amháin maidir le gnólachtaí nach bhfuil dócmhainneach go fóill agus a bhfuil sé d'aidhm acu imeachtaí dócmhainneachta do ghnólachtaí a d'fhéadfadh a bheith fós inmharthana arís a sheachaint. Ní thugann siad aghaidh ar an gcás ina n-éiríonn gnólacht dócmhainneach agus ina mbíonn air dul faoi imeachtaí dócmhainneachta. Ar an gcaoi chéanna, ní thugtar aghaidh sna híoschaighdeáin maidir leis an dara deis d'fhiontraithe ar theip orthu (Teideal III de Threoir (AE) 2019/1023) ar an gcaoi a ndéantar imeachtaí dócmhainneachta. Ina ionad sin, baineann siad le hurscaoileadh fiachais d'fhiontraithe dócmhainneacha mar thoradh ar

[5] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

[6] Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

dhócmhainneacht agus d'fhéadfaí tuairisc a thabhairt orthu mar rialachán maidir le héifeachtaí iar-dhócmhainneachta nach gcomhchuibhíonn an dlí dócmhainneachta féin, áfach.

Glacadh Rialachán (AE) 2015/848 ar an mbunús dlí le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála (Airteagal 81 CFAE)[7]. Le Rialachán (AE) 2015/848 tugadh isteach rialacha aonfhoirmeacha maidir le dlínse idirnáisiúnta agus an dlí is infheidhme lena gcinntear – i gcásanna dócmhainneachta trasteorann – cén Ballstát inar gá na himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh agus cén dlí atá le cur i bhfeidhm. Ag an am céanna, bhí rialacha aonfhoirmeacha ann a d'áirithigh go n-aithneofaí na breithiúnais a thug na cúirteanna a bhfuil dlínse acu sna cásanna sin, agus, más gá, go bhforfheidhmeofaí iad i gcríoch na mBallstát uile. Níl aon tionchar ag Rialachán (AE) 2015/848 ar ábhar an dlí dócmhainneachta náisiúnta. Cinntear leis an dlí is infheidhme ach ní fhorordaítear leis aon ghné ná íoschaighdeán don dlí sin. Dá bhrí sin, ní thugann sé aghaidh ar na héagsúlachtaí i ndlíthe dócmhainneachta na mBallstát (agus ar na fadhbanna agus na costais a eascraíonn astu).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo go hiomlán comhleanúnach le tosaíocht an Choimisiúin Aontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn agus, go háirithe, le Gníomhaíocht 11 de Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil agus leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún ina dhiaidh sin maidir le hAontas na Margaí Caipitil. Fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil ó 2020[8] go nglacfadh an Coimisiún tionscnamh reachtach nó neamhreachtach le haghaidh comhchuibhiú íosta nó cóineasú méadaithe i réimsí spriocdhírithe den dlí dócmhainneachta corparáidí neamhbhainc chun torthaí imeachtaí dócmhainneachta a dhéanamh níos intuartha. An 15 Meán Fómhair 2021, sa litir intinne uaithi[9] a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus Uachtaránacht na Comhairle, d'fhógair an tUachtarán Von der Leyen tionscnamh maidir le gnéithe áirithe den dlí substainteach maidir le himeachtaí dócmhainneachta a chomhchuibhiú, tionscnamh atá san áireamh i gclár oibre 2022 an Choimisiúin[10]. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Margaí Caipitil, a foilsíodh i mí na Samhna 2021, fógraíodh Treoir atá le teacht, Treoir a d'fhéadfaí a chomhlánú le Moladh ón gCoimisiún, i réimse na dócmhainneachta corparáidí[11].

Tá an togra go hiomlán comhleanúnach freisin leis na moltaí spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le tír faoi leith i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh chun éifeachtúlacht agus luas na gcóras dócmhainneachta náisiúnta a fheabhsú, as ar eascair athchóirithe dócmhainneachta i roinnt Ballstát.

Tá an togra comhleanúnach freisin le Treoir 2001/23/CE ón gComhairle[12], toisc nach gcuireann sé isteach ar an bprionsabal nach gcoimeádann fostaithe a gcearta nuair a dhéantar an t-aistriú mar chuid d'imeachtaí dócmhainneachta. Luaitear go háirithe in Airteagal 5(1) de

---

7 Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

8 COM(2020) 590 final.

9 Féach lch. 4: state_of_the_union_2021_letter_of_intent_en.pdf (europa.eu).

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Clár Oibre an Choimisiúin 2022, An Eoraip a dhéanamh níos láidre le chéile COM(2021)645 final cwp2022_en.pdf (europa.eu)).

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Capital Markets Union - Delivering one year after the Action Plan, COM/2021/720 final, atá ar fáil ar EUR-Lex - 52021DC0720 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

12 Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, ghnóthaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.).

Threoir 2001/23/CE, mura bhforálann na Ballstáit a mhalairt, nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 maidir le cearta fostaithe a choimirciú i gcás úinéireacht cuideachta a aistriú i gcás ina bhfuil an t-aistreoir faoi réir imeachtaí féimheachta nó aon imeacht cosúil leis sin maidir le dócmhainneacht a tionscnaíodh d'fhonn sócmhainní an aistreora a leachtú agus atá faoi mhaoirseacht údaráis phoiblí inniúil. Tá an togra go hiomlán comhleanúnach leis an bhforáil seo agus 'imeachtaí réamhphaca' á rialáil[13]. I gcomhréir le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás 'Heiploeg'[14], soiléiríonn an togra seo go háirithe nach mór céim leachtaithe na n-imeachtaí réamhphaca a mheas mar imeacht féimheachta nó dócmhainneachta a thionscnaítear d'fhonn sócmhainní an aistreora a leachtú faoi mhaoirseacht údaráis phoiblí inniúil chun críche Airteagal 5(1) de Threoir 2001/23/CE.

Tá an togra comhleanúnach freisin le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], a bhfuil sé d'aidhm aici carnadh dliteanas comhshaoil a theorannú agus comhlíonadh an phrionsabail gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a áirithiú. Le Treoir 2004/35/CE, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun oibreoirí eacnamaíocha agus airgeadais iomchuí a spreagadh chun ionstraimí slándála airgeadais agus margaí a fhorbairt, lena n-áirítear sásraí airgeadais i gcás dócmhainneachta, agus é d'aidhm acu a chur ar chumas oibreoirí ráthaíochtaí airgeadais a úsáid lena bhfreagrachtaí a chumhdach faoi Threoir 2004/35/CE. Is é is aidhm do na sásraí sin a áirithiú go bhfreastalófar ar éilimh fiú i gcásanna ina mbeidh an féichiúnaí dócmhainneach. Ní chuireann an togra isteach ar na bearta sin faoi Threoir 2004/35/CE. Os a choinne sin, dá mbeadh creat dócmhainneachta níos éifeachtúla ann, thacódh sé sin le haisghabháil níos tapúla agus níos éifeachtaí luach sócmhainní ar an iomlán agus, dá bhrí sin, d'éascódh sé cúiteamh i leith éilimh chomhshaoil in aghaidh cuideachta dhócmhainneachta fiú gan dul ar iontaoibh ionstraimí slándála airgeadais, i gcomhsheasmhacht iomlán le haidhmeanna Threoir 2004/35/CE.

Ar deireadh, cuideoidh an togra seo le níos mó fiontraithe tairbhe a bhaint as urscaoileadh fiachais, toisc go dtionscnófar nósanna imeachta dócmhainneachta i gcoinne micrifhiontar ar bhealach níos éifeachtúla agus go ndéanfar iad ar bhealach níos éifeachtúla. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóir an phacáiste faoisimh do FBManna a d'fhógair an tUachtarán Von der Leyen i mí Mheán Fómhair 2022 ina hóráid ar Staid an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena gceadaítear bearta um chomhfhogasú forálacha náisiúnta a ghlacadh arb é is cuspóir leo an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú.

Áirithítear le dlíthe dócmhainneachta go ndéanfar cuideachtaí atá i gcruachás airgeadais agus eacnamaíoch a fhoirceannadh go hordúil. Meastar go bhfuil siad ar cheann de na príomhthosca chun costas na n-infheistíochtaí airgeadais a chinneadh, toisc go gceadaítear leo luach aisghabhála deiridh na hinfheistíochta i gcuideachtaí dócmhainneacha a shuí.

---

13 In imeachtaí réamhphaca, díoltar gnó an fhéichiúnaí nó cuid de mar ghnóthas leantach faoi chonradh a chaibidlítear faoi rún sula dtosaítear ar imeacht dócmhainneachta faoi mhaoirseacht monatóra arna cheapadh ag cúirt agus ina dhiaidh sin imeacht dócmhainneachta gearr, ina ndéantar an díolachán réamhchaibidlithe a údarú agus a fhorghníomhú go foirmiúil.

14 Breithiúnas na Cúirte an 28 Aibreán 2022 i gCás C-237/20 (Federatie Nederlandse Vakbeweging v. Heiploeg Seafood International BV), EU:C:2022:321.

15 Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

Cruthaíonn difríochtaí móra in éifeachtúlacht imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta bacainní ar shaorghluaiseacht chaipitil agus ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, trí tharraingteacht na n-infheistíochtaí trasteorann a laghdú i ngeall ar intuarthacht theoranta thoradh imeachtaí dócmhainneachta corparáideacha ar fud na mBallstát éagsúil agus mar thoradh ar an gcostas fionnachtana faisnéise níos airde d'infheisteoirí trasteorann. Ina theannta sin, mar thoradh ar na difríochtaí sin, bíonn éagsúlachtaí móra ann maidir le luach aisghabhála le haghaidh infheistíochtaí i gcuideachtaí dócmhainneacha ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, níl cothrom na Féinne san Aontas, agus meastar go bhfuil infheistíochtaí comhchosúla i mBallstáit ina bhfuil dlíthe dócmhainneachta níos éifeachtúla níos tarraingtí ná mar a mheastar sna Ballstáit ina bhfuil dlíthe dócmhainneachta nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna. Is féidir le cuideachtaí ó Bhallstáit a bhfuil dlíthe dócmhainneachta níos éifeachtúla acu tairbhe a bhaint as costas caipitil níos ísle ná cuideachtaí ó Bhallstáit eile agus, dá bhrí sin, is féidir leo tairbhe a bhaint go ginearálta as rochtain níos éasca ar chaipiteal.

Tá sé mar chuspóir ag an togra difríochtaí i ndlíthe dócmhainneachta náisiúnta a laghdú agus, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le dlíthe dócmhainneachta níos neamhéifeachtúla i roinnt Ballstát, intuarthacht na n-imeachtaí dócmhainneachta i gcoitinne a mhéadú agus bacainní ar shaorghluaiseacht chaipitil a laghdú. Trí ghnéithe spriocdhírithe de dhlíthe dócmhainneachta a chomhchuibhiú, tá sé d'aidhm ag an togra, go háirithe, costais faisnéise agus foghlama d'infheisteoirí trasteorann a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart, le dlíthe dócmhainneachta níos aonfhoirmí, go leathnófaí an rogha cistiúcháin atá ar fáil do chuideachtaí ar fud an Aontais.

Níl an togra seo bunaithe ar Airteagal 81 CFAE, toisc nach mbaineann sé go heisiach le cásanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Cé gurb é príomhchuspóir an togra deireadh a chur go háirithe le bacainní ar infheistíocht trasteorann, féachann an togra le comhfhogasú a dhéanamh ar fhorálacha náisiúnta a mbeadh feidhm acu i gcónaí maidir le cuideachtaí agus fiontraithe atá ag feidhmiú i mBallstát amháin agus i roinnt Ballstát. Dá bhrí sin, dhéileálfadh an togra le cásanna gan aon ghné thrasteorann agus úsáid Airteagal 81 toisc nach mbeadh údar cuí leis an mbunús dlí.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Cuireann na bacainní a eascraíonn as córais náisiúnta dhócmhainneachta an-éagsúil bac ar bhaint amach margaidh aonair san Aontas ar bhonn níos ginearálta agus ar chruthú Aontas na Margaí Caipitil go háirithe, agus, dá bhrí sin, tá údar maith le creat rialála dócmhainneachta AE níos aontaithe. Mar sin féin, fágann túsphointí, traidisiúin dhlíthiúla agus roghanna beartais éagsúla na mBallstát nach dócha go mbeidh córais dócmhainneachta ag teacht le chéile go hiomlán mar thoradh ar athchóirithe ar an leibhéal náisiúnta sa réimse seo agus, ar an gcaoi sin, go bhfeabhsófar a n-éifeachtúlacht fhoriomlán.

D'fhéadfadh feidhmiú níos aonchineálaí mhargaí caipitil an Aontais a bheith mar thoradh ar chomhchuibhiú na ndlíthe náisiúnta dócmhainneachta, ilroinnt an mhargaidh a laghdú agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú corparáideach a áirithiú. Is fearr is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ilroinnt na gcóras dócmhainneachta náisiúnta a laghdú go suntasach agus a áirithiú go ndéanfar eilimintí spriocdhírithe de rialacha dócmhainneachta na mBallstát a chóineasú a mhéid a d'éascódh infheistíocht trasteorann ar fud na mBallstát uile. D'áiritheofaí le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais freisin go mbeadh cothrom na Féinne ann agus laghdófaí an baol go ndéanfaí saobhadh ar chinntí infheistíochta trasteorann a eascraíonn as difríochtaí iarbhír sna córais dócmhainneachta agus as easpa faisnéise faoi na difríochtaí sin.

- **Comhréireacht**

Is é cuspóir an togra seo rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus bacainní ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha a bhaint, amhail saorghluaiseacht chaipitil agus saoirse bhunaíochta, ar bacainní iad a eascraíonn as difríochtaí idir dlíthe agus nósanna imeachta náisiúnta i réimse na dócmhainneachta corparáidí. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní leagtar amach sa togra seo ach íoscheanglais chomhchuibhithe agus i réimsí spriocdhírithe den dlí substainteach dócmhainneachta amháin ar dócha go mbeidh an tionchar is suntasaí acu ar éifeachtúlacht agus ar fhad imeachtaí den sórt sin.

Fágann an togra seo go bhfuil dóthain solúbthachta ag na Ballstáit bearta a ghlacadh sna réimsí lasmuigh dá raon feidhme chomh maith le bearta breise a leagan síos laistigh de na réimsí atá comhchuibhithe, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir le cuspóir an togra seo. Dá bhrí sin, de réir phrionsabal na coimhdeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an togra seo thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Faoi Airteagal 114 CFAE, is féidir gníomhartha a ghlacadh i bhfoirm Rialacháin nó Treorach. Is fearr is féidir comhtháthú mhargadh inmheánach an Aontais i réimse na ndlíthe dócmhainneachta a bhaint amach trí dhlíthe a chomhfhogasú trí chomhchuibhiú trí Threoir, ós rud é go n-urramaítear le Treoir cultúir dhlíthiúla agus córais dlí éagsúla na mBallstát i réimse an dlí dócmhainneachta agus go bhforáiltear léi do sholúbthacht leordhóthanach sa phróiseas trasuímh chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a chur chun feidhme ar bhealach a bheidh ag luí leis na córais éagsúla sin.

Ní bheadh Moladh in ann an comhfhogasú inmhianaithe a bhaint amach sa réimse beartais seo áit ar sainaithníodh difríochtaí leathana a chumhdaítear i reachtaíocht cheangailteach na mBallstát. Ag an am céanna, ní fhágfadh comhfhogasú trí Rialachán go mbeadh dóthain solúbthachta ag na Ballstáit chun dul in oiriúint do choinníollacha áitiúla agus chun comhleanúnachas rialacha dócmhainneachta nós imeachta leis an gcóras dlí náisiúnta níos leithne a choinneáil.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí i rith an phróisis ina ndearnadh an togra seo a ullmhú. I measc tionscnaimh eile, déanann an Coimisiún an méid seo a leanas go háirithe:

i) chuir sé comhairliúchán poiblí tiomnaithe oscailte i gcrích (18 Nollaig 2020 - 16 Aibreán 2021);

ii) chuaigh sé i gcomhairle leis an bpobal maidir le measúnú ar thionchar tionscanta (11 Samhain 2020 – 9 Nollaig 2020);

iii) bhí cruinnithe tiomnaithe aige le saineolaithe ó na Ballstáit an 22 Márta 2022 agus an [25] Deireadh Fómhair 2022

iv) reáchtáil sé cruinniú tiomnaithe le páirtithe leasmhara an 8 Márta 2022.

Cuireadh 129 bhfreagra ó 17 mBallstát agus ón Ríocht Aontaithe isteach mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí ar líne. Tugadh aon trian de na freagraí thar ceann cleachtóirí agus gairmithe a bhfuil spéis acu i réimse na dócmhainneachta (áirítear cleachtóirí dócmhainneachta chomh maith le dlíodóirí sa chatagóir seo). Chuir páirtithe leasmhara san earnáil airgeadais tuairim is 20 % de na freagraí isteach, bhí thart ar 12 % ó pháirtithe leasmhara ón earnáil ghnó agus trádála, 7 % ó eagraíochtaí leasa shóisialta agus eacnamaíocha agus 5.5 % ó bhreithiúna (breithiúna). Ina theannta sin, fuarthas 10 bhfreagra (7,75 %) ó údaráis phoiblí 8 mBallstát, agus tháinig 7 gcinn de na freagraí sin ar leibhéal an rialtais láir.

Chuir páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil na fadhbanna a cruthaíodh don mhargadh inmheánach mar gheall ar dhifríochtaí i gcreataí dócmhainneachta na mBallstát tromchúiseach, agus go ndíspreagann difríochtaí i gcreataí dócmhainneachta náisiúnta bac ar infheistíocht agus ar iasachtú trasteorann. De réir na bpáirtithe leasmhara, déanann na difríochtaí sin difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: 1) gníomhaíochtaí seachanta; 2) rianú agus aisghabháil na sócmhainní ar leis an eastát dócmhainneachta iad; 3) dualgais agus dliteanas stiúrthóirí i gcomharsanacht na dócmhainneachta; agus 4) an chaoi a dtionscnaítear imeachtaí dócmhainneachta. Dá bhrí sin, bhí tromlach mór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar ghníomhaíocht an Aontais chun cóineasú a fheabhsú sa réimse beartais sin, i bhfoirm reachtaíochta spriocdhírithe (37,21 %), mar mholadh (23,26 %), nó mar mheascán den dá rud (27,13 %).

D'eagraigh an Coimisiún cruinniú tiomnaithe freisin le grúpa páirtithe leasmhara roghnaithe. I measc na ndaoine ar tugadh cuireadh dóibh bhí ionadaithe ón earnáil airgeadais agus ón earnáil ghnó agus trádála, ionadaithe fostaithe, tomhaltóirí, cleachtóirí agus gairmithe atá ag obair in imeachtaí dócmhainneachta, chomh maith le lucht acadúil agus baill de mheithleacha machnaimh. Ag an gcruinniú, rannchuidigh páirtithe leasmhara go réamhghníomhach trí thuairisciú a dhéanamh ar dheacrachtaí praiticiúla a eascraíonn as ilroinnt creataí dócmhainneachta náisiúnta agus as a leibhéil éagsúla feidhmíochta. Chuir siad in iúl freisin go dtacaíonn siad le cóineasú níos mó i dtimpeallacht dhlíthiúil na n-imeachtaí dócmhainneachta san Aontas.

Thacaigh an grúpa saineolaithe ar an dlí athstruchtúraithe agus dócmhainneachta le hullmhú an tionscnaimh. Bhunaigh an Coimisiún an grúpa saineolaithe sin ar dtús chun an togra as ar tháinig Treoir (AE) 2019/1023 a ullmhú. Leathnaíodh an grúpa ansin, agus ceapadh 10 saineolaí aonair mar ionadaithe leasa choitinn i réimse beartais ar leith (ba iad na grúpaí leasmhara a raibh ionadaíocht á déanamh orthu creidiúnaithe airgeadais, creidiúnaithe trádála, creidiúnaithe fostaithe, féichiúnaithe dócmhainneacha nó féichiúnaithe ar rófhéichiúnas).

Mar chuid dá chuid oibre chun an togra a ullmhú, d'iarr an Coimisiún dhá staidéar sheachtracha a bhaineann le réimsí sonracha dócmhainneachta. Coimisiúnaíodh an dá staidéar chuig cuibhreannas ina raibh Tipik agus Spark Legal Network. Sa chéad staidéar, ina ndearnadh measúnú ar chleachtais mhí-úsáideacha maidir le siopadóireacht fóram in imeachtaí dócmhainneachta tar éis na leasuithe a rinneadh in 2015 ar Rialachán (AE) 2015/848, scrúdaítear freisin an cheist maidir lena mhéid a fheidhmíonn na difríochtaí idir creataí náisiúnta dócmhainneachta mar dhreasacht do pháirtithe leasmhara chun siopadóireacht mhí-úsáideach fóram a dhéanamh. Déantar anailís sa dara staidéar ar an ábhar a bhaineann le sócmhainní a rianú agus a aisghabháil in imeachtaí dócmhainneachta. Áirítear sa dá staidéar anailís eimpíreach, a raibh suirbhéanna poiblí ar líne agus agallaimh struchtúrtha le raon páirtithe leasmhara ó na Ballstáit go léir i gceist le haghaidh bailiú sonraí ag an gconraitheoir. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún staidéar tiomnaithe, a

coimisiúnaíodh chuig Deloitte/Grimaldi, maidir leis an tionchar atá ag bearta dócmhainneachta corparáidí spriocdhírithe ar aisghabháil luacha agus ar éifeachtacht na nósanna imeachta dócmhainneachta. Tá na trí staidéar ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis na Ballstáit i roinnt athchóirithe le linn ullmhú an togra. Rinne airí airgeadais na mBallstát a léirigh tacaíocht don tionscnamh an tionscnamh a phlé roinnt uaireanta. Sna Conclúidí ón gComhairle (ECOFIN) an 3 Nollaig 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil[16], moladh don Choimisiún an tionscnamh seo a chur i gcrích. Deimhníodh na Conclúidí sin sa ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro an 11 Nollaig 2020[17]. I mí Aibreáin 2021, tháinig airí an Ghrúpa Euro ar an gconclúid gur cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe náisiúnta ar chórais dócmhainneachta i gcomhréir le sruthanna oibre comhthreomhara faoi stiúir institiúidí an Aontais, a rinneadh i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil[18]. Deimhníodh sa ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro an 25 Meitheamh 2021 gur gá 'dúshláin struchtúracha maidir le comhtháthú agus forbairt na margaí caipitil, go háirithe i réimsí spriocdhírithe de dhlíthe dócmhainneachta corparáidí, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu'[19]. Ar an gcaoi chéanna, léirigh Parlaimint na hEorpa tacaíocht do chórais dócmhainneachta níos éifeachtúla agus níos comhchuibhithe, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún gealltanas níos láidre a thabhairt maidir le dul chun cinn ceart a dhéanamh sa réimse seo, rud atá fós ina bhac mór, dar leis an bParlaimint, ar fhíor-chomhtháthú mhargaí caipitil an Aontais[20].

Ag an am céanna, i bhfianaise an dlúthnaisc idir dlíthe dócmhainneachta agus réimsí eile den dlí náisiúnta (amhail dlí maoine agus dlí an tsaothair), agus na difríochtaí i bpríomhchuspóirí beartais an dlí dócmhainneachta, tá forchoimeádais curtha in iúl ag roinnt Ballstát maidir le reachtaíocht cheangailteach lena gcomhchuibhítear an dlí dócmhainneachta, lena n-áirítear i litir a seoladh chuig an gCoimisiún an 1 Aibreán 2021.

An 22 Márta 2022, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann thiomnaithe le saineolaithe rialtais ó na Ballstáit. Leag na Ballstáit béim ar an ngá atá le hanailís dhomhain mhionsonraithe a dhéanamh ar fhadhb, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le fáthmheas soiléir a dhéanamh ar scála na bhfadhbanna, ar na páirtithe leasmhara a ndéanann siad difear dóibh agus ar an tionchar a mbíonn acu ar an margadh inmheánach. Ar an gcaoi chéanna, maidir le cineál aon ghníomhaíochta a dhéanfar amach anseo ar leibhéal an Aontais, chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil gá le cur chuige faichilleach, agus mhol siad gur cheart go ndíreofaí le bearta ar éifeachtúlacht imeachtaí dócmhainneachta a fheabhsú.

An 25 Deireadh Fómhair 2022, d'eagraigh an Coimisiún an dara ceardlann le saineolaithe rialtais ó na Ballstáit chun iad a chur ar an eolas faoi na roghanna beartais a áirítear sa Mheasúnú Tionchair agus faoi staid na himeartha maidir le hullmhú an togra.

---

16 Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin, doic. Uimh. 12898/1/20 REV 1.

17 Doic. uimh. EURO 502/20.

18 Féach an nóta ón gCoimisiún maidir leis an bplé ag https://www.consilium.europa.eu/media/49192/20210416-eg-com-note-on-insolvency-frameworks.pdf. Tá litir achoimre an phlé ar fáil ag https://www.consilium.europa.eu/media/49366/20210416-summing-up-letter-eurogroup.pdf.

19 Doic. uimh. EURO 502/21.

20 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt tuilleadh: rochtain ar mhaoiniú margaidh caipitil a fheabhsú, go háirithe do FBManna, agus rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola a chumasú tuilleadh (2020/2036(INI)).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo baintear leas as sonraí atá ar fáil ó thaighde deisce agus go háirithe as na staidéir agus an saineolas seo a leanas[21]:

· Deloitte/Grimaldi (2022), Staidéar chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú maidir le tionscnamh de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun cóineasú dlíthe náisiúnta dócmhainneachta a mhéadú, *Dréacht-Tuarascáil Chríochnaitheach, AS JUST*, Márta 2022.

· Spark, Tipik, 'Study on the issue of abusive forum shopping in insolvency proceedings', *AS JUST*, Feabhra 2022 (conradh sonrach uimh. JUST/2020/JCOO/FW/CIVI/0160).

· Spark, Tipik, 'Staidéar ar rianú agus aisghabháil shócmhainní an fhéichiúnaí ag cleachtóirí dócmhainneachta' *DG JUST*, Márta 2022 (conradh sonrach uimh. JUST/2020/JCOO/FW/CIVI/0172).

Bhí an t-ábhar a bailíodh agus a úsáideadh chun bonn eolais a chur faoin measúnú tionchair fíorasach nó tháinig sé ar bhealach eile ó fhoinsí creidiúnacha agus aitheanta a fheidhmíonn mar thagarmharcanna agus mar phointí tagartha don ábhar. Tríd is tríd, rinneadh ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a láimhseáil mar thuairimí, ach amháin de chineál fíorasach.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar thrí phríomhghné den dlí dócmhainneachta: (i) aisghabháil sócmhainní ón eastát dócmhainneachta leachtaithe; (ii) éifeachtúlacht nósanna imeachta; agus (iii) dáileadh intuartha agus cothrom an luacha aisghafa i measc creidiúnaithe. Cumhdaítear leis na trí ghné sin, go háirithe, saincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí seachanta, rianú sócmhainní, dualgais agus dliteanas stiúrthóirí, díolachán cuideachta mar ghnóthas leantach trí 'imeachtaí réamhphaca', an truicear dócmhainneachta, córas speisialta dócmhainneachta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga, rangú éileamh agus coistí creidiúnaithe. Sainaithníodh na roghanna bunaithe ar ionchur ó ghrúpa saineolaithe ar an dlí athstruchtúraithe agus dócmhainneachta, ar staidéar tiomnaithe agus ar mhalartuithe le páirtithe leasmhara. Rinneadh anailís orthu maidir le trí chuspóir, mar atá: (i) luach aisghabhála níos airde a cheadú; (ii) imeachtaí dócmhainneachta níos giorra a bheith mar thoradh air; agus (iii) éiginnteacht dhlíthiúil agus costais faisnéise a laghdú, go háirithe d'infheisteoirí trasteorann.

Tugtar aghaidh sa togra agus sa mheasúnú tionchair athbhreithnithe ar na barúlacha a fuarthas ón mbord um ghrinnscrúdú Rialála, inar thángthas ar an gconclúid sa chéad tuairim uaidh an 24 Meitheamh 2022 go raibh gá le coigeartuithe ar an measúnú tionchair sula leanfaí ar aghaidh níos faide leis an tionscnamh seo. Bailíodh tuilleadh fianaise maidir leis an tionchar diúltach a bhíonn ag imeachtaí dócmhainneachta reatha ar infheistíocht trasteorann sa mhargadh aonair agus ar an gcaoi a gcuirtear sin i gcomparáid le tosca eile. Cuireadh tuilleadh faisnéise maidir le difríochtaí trastíre i rialacha dócmhainneachta leis an mbuntéacs agus

[21] Ullmhaíodh staidéir eile thar ceann an Choimisiúin agus an tionscnamh seo á ullmhú: (1) An Coimisiún Eorpach, 'Improving the evidence base on transfer of business in Europe: iarscríbhinn C: case study on the cross-border dimension of business transfers,' An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, Oifig na bhFoilseachán, Feabhra 2021, ar fáil ag: , (2) Steffek, F., 'Analysis of individual and collective loan enforcement laws in the EU Member States', AS FISMA, Samhain 2019, ar fáil in, (3) McCormack, G. et al., 'Study on a new approach to business failure and insolvency, comparative legal analysis of the Member States', DG JUST, Eanáir 2016, atá ar fáil in, (4) Tuarascáil ÚBE maidir le tagarmharcáil creataí náisiúnta forfheidhmithe iasachtaí, Freagairt ar ghlao an Choimisiúin Eorpaigh ar chomhairle maidir le creataí náisiúnta forfheidhmithe iasachtaí (lena n-áirítear creataí dócmhainneachta) a thagarmharcáil ó thaobh creidiúnaithe bainc de, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, Samhain 2020, ÚBE/Rep/2020/29.

cuireadh Iarscríbhinn 5 leis. Tugadh míniú níos forleithne ar na difríochtaí idir Treoir (AE) 2019/1023, Rialachán (AE) 2015/848 agus an togra seo. Rinneadh anailís bhreise ar thionchar na mbeart éagsúil ar chumas breithiúnach agus ar an dearcadh a bhí ag na páirtithe leasmhara ar na bearta éagsúla. Bhí na comhbhabhtálacha idir na roghanna beartais curtha in iúl ar bhealach níos soiléire, agus tuairiscíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar bhealach níos mionsonraithe.

Scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an measúnú tionchair athbhreithnithe agus d'eisigh sé dara tuairim dhearfach an 10 Deireadh Fómhair 2022 gan aon fhorchoimeádas. Thug an bord dá aire gur tháinig feabhas suntasach ar an measúnú tionchair, agus is beag moladh a rinne sé maidir le tuilleadh feabhsuithe.

Tá tionchar beagán dearfach ag an togra seo ar an digitiú, a thagann chun cinn go háirithe cé go bhfuil leibhéal níos airde uathoibrithe próisis sna himeachtaí foirceanta simplithe do mhicrifhiontair agus úsáid na tairsí digití (tairseach r-Cheartais) chun faisnéis sholáimhsithe a chur ar fáil maidir le príomhghnéithe na gcóras dócmhainneachta agus rangú éileamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Trí éifeachtúlacht imeachtaí dócmhainneachta a mhéadú, cuideofar le fad na n-imeachtaí dócmhainneachta a laghdú agus an luach aisghabhála a mhéadú i gcásanna dócmhainneachta, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais níos ísle ann chun cuideachtaí a fhoirceannadh agus rátaí aisghabhála níos airde ann do chreidiúnaithe agus d'infheisteoirí.

Tá sé d'aidhm ag an togra seo freisin feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do FBManna. Trí na rátaí aisghabhála a bhfuiltear ag súil leo a mhéadú do chreidiúnaithe agus d'infheisteoirí atá neamhchosanta ar FBManna agus ar chuideachtaí eile, féachann an togra le laghdú a dhéanamh ar an riosca a mheastar a bheith ann maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in FBManna, rud a mheastar a léireofar i gcostais chistiúcháin níos ísle do FBManna, agus iad go léir comhionann. Idir an dá linn, ní fhorchuirtear leis an togra oibleagáidí ná costais chomhlíonta ar FBManna atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de agus a dhéanann simpliú ar nósanna imeachta dóibh siúd atá ag dul i ngleic le dócmhainneacht.

Tugtar isteach leis an togra seo freisin nós imeachta speisialta chun foirceannadh micrifhiontar a éascú agus chun dlús a chur leis, rud a fhágfaidh go mbeidh próiseas dócmhainneachta níos costéifeachtúla ann do na micrifhiontair sin. Tacaíonn na socruithe sin freisin le micrifhiontair 'gan sócmhainní' a fhoirceannadh go hordúil, agus aghaidh á tabhairt ar an tsaincheist go ndiúltaíonn roinnt Ballstát rochtain ar imeacht dócmhainneachta má tá an luach aisghabhála réamh-mheasta faoi bhun na gcostas breithiúnach. Tríd an deis a thabhairt do gach micrifhiontar tús a chur le himeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar a ndeacrachtaí airgeadais, áirithítear leis an togra seo go mbeidh fiontraithe bunaidh in ann tairbhe a bhaint as urscaoileadh fiachais agus tosú as an nua, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1023.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na cearta agus na saoirsí bunúsacha mar a chumhdaítear iad i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus ní mór é a chur chun feidhme dá réir. Go háirithe, urramaítear leis an togra seo na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear in Airteagal 7 (an príobháideachas agus saol an teaghlaigh a urramú), Airteagal 8 (sonraí pearsanta a chosaint), Airteagal 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh), Airteagal 16 (saoirse fiontraíochta), Airteagal 17 (an ceart chun maoine), Airteagal 27 (ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin) agus Airteagal 47(2) (an ceart chun triail chóir a fháil).

Leis an togra, tabharfar rochtain do chúirteanna ainmnithe ar chlárlanna náisiúnta cuntas bainc agus ar chórais leictreonacha aisghabhála sonraí agus ar chóras idirnasctha na gclárlann láraithe cuntas bainc, pointe rochtana aonair CCB. Ina theannta sin, tabharfaidh an togra rochtain do chleachtóirí dócmhainneachta ar an gclár um úinéireacht thairbhiúil a bunaíodh sa Bhallstát inar tionscnaíodh an t-imeacht, chomh maith le rochtain ar chóras idirnasctha na gclár úinéireachta tairbhiúla, BORIS.

Déanann clárlanna náisiúnta cuntas bainc agus córais leictreonacha aisghabhála sonraí chomh maith leis na cláir úinéireachta tairbhiúla sonraí pearsanta a lárú. Dá bhrí sin, beidh tionchar ag leathnú na rochtana ar na clárlanna agus ar na córais sin agus ar na pointí rochtana aonair ar chearta bunúsacha na ndaoine is ábhar do na sonraí, go háirithe ar an gceart chun príobháideachta agus ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Comhlíonfaidh aon teorannú a dhéanfar dá bharr sin ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí a aithnítear sa Chairt na ceanglais a leagtar amach sa Chairt, go háirithe in Airteagal 52(1).

Déantar foráil maidir leis an teorannú sa dlí agus tá údar leis i ngeall ar an ngá atá le hinrianaitheacht sócmhainní a neartú go héifeachtach i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta atá ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear i socrú trasteorann, chun aisghabháil luacha ón gcuideachta dhócmhainneach a uasmhéadú do chreidiúnaithe. Ina theannta sin, urramaítear bunbhrí na gceart agus na saoirsí atá i gceist, agus is teorainneacha iad atá i gcomhréir leis an gcuspóir atá á chomhlíonadh. Beidh an tionchar measartha teoranta, ós rud é nach gcumhdaíonn na sonraí inrochtana agus inchuardaithe ach tacar sonraí, arna chinneadh sa togra seo agus in ionstraimí an Aontais lena mbunaítear na córais sin, a bhfuil fíorghá leis chun sócmhainní an eastáit dócmhainneachta a rianú. Áirithítear leis an togra seo go n-urramóidh próiseáil na sonraí sin na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid an Aontais. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725[22] maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais chun críocha an togra seo.

Sonraítear sa togra go háirithe na críocha chun sonraí pearsanta a phróiseáil agus ceanglaítear ar na Ballstáit na cúirteanna dócmhainneachta a ainmniú atá i dteideal faisnéis a iarraidh go díreach ó chlárlanna náisiúnta cuntas bainc agus ó chórais leictreonacha aisghabhála sonraí. Leis an togra, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit freisin a áirithiú go gcoinneoidh foireann na gcúirteanna ainmnithe ardchaighdeáin ghairmiúla maidir le cosaintí sonraí, go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil na sonraí a chosaint ar ardchaighdeáin theicneolaíocha chun críocha feidhmiú na cumhachta ag cúirteanna ainmnithe chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach agus go gcoinneoidh na húdaráis a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc taifid le haghaidh gach uair a dhéanann cúirt ainmnithe rochtain ar fhaisnéis cuntas bainc agus faisnéis cuntas bainc a chuardach.

Thairis sin, sainaithnítear go soiléir sa togra raon feidhme na faisnéise atá sna cláir úinéireachta tairbhiúla a bhfuil rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta orthu.

Ar deireadh, sonraítear sa togra nach mbeadh sonraí pearsanta á stóráil ag an gCoimisiún i ndáil le hidirnascadh na gcóras ríomhcheantála náisiúnta agus go mbeadh forálacha ann maidir le rialú sonraí ag an gCoimisiún.

[22] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí ag an togra ó thaobh costas agus ualach riaracháin don Choimisiún. Eascraíonn na costais agus an t-ualach sin as an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 51 den togra seo córas a chruthú lena n-idirnasctar córais ríomhcheantála náisiúnta tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Bunaithe ar thaithí le tionscadail idirnaisc eile na Tairsí r-Cheartais, meastar gurb ionann na costais cur chun feidhme don Choimisiún agus EUR 1,75 milliún don bhuiséad fadtéarmach reatha (an Creat Airgeadais Ilbhliantúil)[23]. Cumhdófar na costais bhreise trí ath-imlonnú laistigh den chlár um Cheartas.

Mínítear tionchar airgeadais agus buiséadach an togra seo go mion sa ráiteas airgeadais reachtach atá ag gabháil leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Táthar ag súil le meastóireacht 5 bliana tar éis na bearta a chur chun feidhme agus de réir threoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. Áireofar ar chuspóir na meastóireachta measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla a bhí an Treoir maidir leis na cuspóirí beartais a bhaint amach agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le bearta nua nó leasuithe nua. Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a thabhairt don Choimisiún chun an measúnú sin a ullmhú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Dírítear leis an togra ar thrí phríomhghné den dlí dócmhainneachta: (i) aisghabháil sócmhainní ón eastát dócmhainneachta leachtaithe; (ii) éifeachtúlacht na n-imeachtaí; agus (iii) dáileadh intuartha agus cothrom an luacha aisghafa i measc creidiúnaithe. Roghnaíodh na bloic thógála go cúramach bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chaibidlíocht a dhéanamh ar an Treoir maidir le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht, ar phléití agus ar mholtaí deiridh an tsainghrúpa, ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí, ar staidéar a rinne sainchomhairleoir seachtrach agus ar idirghníomhaíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara.

Is é is aidhm don togra seo aisghabháil luacha ón gcuideachta dhócmhainneach do chreidiúnaithe a uasmhéadú. Chuige sin, neartaíonn na forálacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta agus rianú sócmhainní a chéile go frithpháirteach. Déanann siad é sin trí shraith íosta coinníollacha comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le gníomhaíochtaí seachanta a fheidhmiú agus trí inrianaitheacht sócmhainní a neartú trí fheabhas a chur ar an rochtain atá ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis cuntas bainc, ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil agus ar chláir náisiúnta sócmhainní áirithe, lena n-áirítear cláir ó Bhallstáit eile. Tá na forálacha sin comhcheangailte leis an bhféidearthacht luach aisghabhála an ghnólachta a uasmhéadú go luath trí imeachtaí réamhphaca agus oibleagáid ar na stiúrthóirí iarraidh a chur isteach go pras maidir le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh chun caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann do chreidiúnaithe ar luach sócmhainní a sheachaint.

Tá sé mar aidhm ag an togra seo freisin éifeachtúlacht nós imeachta a neartú, go háirithe maidir le micrifhiontair dhócmhainneacha a leachtú. Tá sé tábhachtach a áirithiú go n-oibreoidh na rialacha nua go maith freisin do mhicrifhiontair san Aontas. Tá an costas a bhaineann le gnáthnósanna imeachta dócmhainneachta do na cuideachtaí sin ró-ard agus

[23] Ba cheart na costais sin a chomhlánú le costas cur chun feidhme EUR 1.6 milliún eile le haghaidh na bliana buiséadaí 2028. Is ionann costais chothabhála bhliantúla mheasta an chórais idirnaisc ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas agus EUR 600 000 ó 2029 ar aghaidh.

chuirfeadh an fhéidearthacht tairbhe a bhaint as urscaoileadh fiachais ar a gcumas caipiteal fiontraíochta a dhíbhlocáil do thionscadail nua. Comhlánaítear é sin le trédhearcacht níos fearr do chreidiúnaithe maidir le príomhghnéithe an dlí náisiúnta maidir le himeachtaí dócmhainneachta, lena n-áirítear an truicear dócmhainneachta.

Ar deireadh, chun dáileadh cothrom intuartha na luachanna aisghafa i measc creidiúnaithe a áirithiú, tugtar isteach leis an togra ceanglais chun ionadaíocht leasanna creidiúnaithe a fheabhsú sna himeachtaí trí choistí creidiúnaithe. Comhlánaítear é sin le trédhearcacht níos fearr do chreidiúnaithe i ndáil leis na rialacha lena rialaítear rangú éileamh.

Tá an Treoir atá beartaithe roinnte ina naoi dteideal.

I dTeideal I tá forálacha ginearálta maidir le raon feidhme an chur i bhfeidhm agus maidir leis na sainmhínithe.

Foráiltear le Teideal II maidir le gníomhaíochtaí seachanta rialacha íosta comhchuibhithe a bhfuil sé mar aidhm leo an t-eastát dócmhainneachta a chosaint ar bhaint neamhdhlisteanach sócmhainní a rinneadh sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta. Is é an cuspóir atá ann a áirithiú go bhforáiltear le dlíthe na mBallstát maidir le himeachtaí dócmhainneachta d'íoschaighdeán cosanta a bhaineann le neamhniú, in-neamhnitheacht nó neamh-infhorfheidhmitheacht gníomhartha dlí a dhéanann dochar do na creidiúnaithe i gcoitinne. Ag an am céanna, féadfaidh na Ballstáit rialacha a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun lena n-áiritheofar leibhéal níos airde cosanta do chreidiúnaithe, mar shampla, trí fhoráil a dhéanamh maidir le tuilleadh foras seachanta. Leagtar amach sna forálacha a áirítear sa Teideal seo na réamhriachtanais ghinearálta chun gníomh dlí a dhearbhú a bheith ar neamhní, na forais seachanta agus na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí seachanta.

Leagtar amach in Airteagal 4 na réamhriachtanais ghinearálta le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta, ina luaitear go bhféadfadh gach gníomh dlí – lena n-áirítear neamhghníomhartha – a bheith faoi réir gníomhaíochtaí seachanta, ar choinníoll go raibh siad chun aimhleas na gcreidiúnaithe i gcoitinne agus go gcomhlíontar aon cheann de na forais seachanta a shainaithnítear sna hAirteagail ina dhiaidh sin.

Soiléirítear in Airteagal 5 gur rialacha íosta comhchuibhithe iad na forálacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidh na Ballstáit forálacha a choinneáil ar bun nó a ghlacadh lena bhforáiltear do leibhéal níos airde cosanta do chreidiúnaithe.

Leagtar amach in Airteagal 6 an chéad fhoras sonrach seachanta ('roghanna'). Is gníomhartha dlí iad sin a chuaigh chun tairbhe creidiúnaí (nó grúpa creidiúnaithe) agus a cuireadh i gcrích laistigh de 3 mhí sular comhdaíodh imeachtaí dócmhainneachta nó tar éis an chomhdaithe ('tréimhse amhrasach'). Ós rud é gurb é éifeacht dlí an ghnímh dlí amháin is cúis leis an bhforas seachanta sin, is í an tréimhse amhrasta an tréimhse is giorra i gcomparáid le tréimhsí amhrasta na bhforas seachanta eile. Ina theannta sin, i gcás 'cumhdaigh iomchuí' (i.e. feidhmíochtaí a bhí go hiomlán i gcomhréir le héileamh an chreidiúnaí, amhail éileamh dlite a shásamh leis na gnáthmhodhanna íocaíochta), ní fhéadfar gníomhartha dlí a dhearbhú a bheith ar neamhní ar an bhforas sin ach amháin más rud é go raibh an creidiúnaí ar an eolas nó gur cheart gurbh eol dó nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha a íoc nó gur tíolacadh iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Ar deireadh, liostaítear san fhoráil cineálacha áirithe gníomhartha dlí nach féidir a dhearbhú go bhfuil siad ar neamhní ar an bhforas sin.

Leagtar amach in Airteagal 7 an dara fhoras sonrach seachanta: gníomhartha dlí ar tearcluach. Cumhdaíonn an foras seo ní hamháin bronntanais nó tabhartais eile ach gníomhartha dlí in aghaidh breithniú neamhghnách íseal. Tá ról suntasach aige i ndlí na ngníomhaíochtaí seachanta ós rud é gur leigheas éifeachtúil é (i measc nithe eile) in aghaidh iarrachtaí féideartha an fhéichiúnaí sócmhainní a chur amach as rochtain na gcreidiúnaithe trína

n-aistriú chuig tríú páirtithe, amhail baill teaghlaigh nó eintitis sealbhaíochta sócmhainní, agus, ag an am céanna, leanúint de bheith in ann na sócmhainní sin a úsáid.

Leagtar amach in Airteagal 8 an tríú foras seachanta agus an foras deiridh seachanta, gníomhaíochtaí calaoiseacha d'aon ghnó, i.e. gníomhartha dlí lena ndéantar calaois ar chreidiúnaithe.

Cinntear le hAirteagal 9 iarmhairtí ginearálta na ngníomhaíochtaí seachanta. Áirítear orthu sin neamh-infhorghníomhaitheacht na n-éileamh a eascraíonn as gníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní, chomh maith le hoibleagáid an pháirtí a bhaineann tairbhe as an ngníomh dlí sin an t-eastát dócmhainneachta a chúiteamh go hiomlán as an díobháil a rinneadh. Soiléirítear san Airteagal nach féidir an oibleagáid cúiteamh a dhéanamh ar an eastát dócmhainneachta a fhritháireamh in aghaidh éilimh an pháirtí eile sa ghníomh dlí atá curtha ar neamhní.

Leagtar síos in Airteagal 10 forálacha maidir le cearta an pháirtí eile sa ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní. Go háirithe, déantar éilimh atá sásta leis an ngníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní a athbheochan a mhéid a chúitíonn an páirtí an t-eastát dócmhainneachta.

In Airteagal 11 pléitear le dliteanas tríú páirtithe: éireoidh le haon oidhre nó comharba uilíoch ar pháirtí eile an ghnímh dlí ar dearbhaíodh é a bheith ar neamhní i seasamh an pháirtí sin, agus i ndáil le hiarmhairtí dlíthiúla na ngníomhaíochtaí seachanta freisin. Ní bheidh comharbaí aonair faoi dhliteanas ach amháin go bhfuair siad an tsócmhainn ar bhonn tearcluacha nó más rud é go raibh a fhios acu nó gur cheart gurbh eol dóibh na himthosca ar a bhfuil na gníomhaíochtaí seachanta bunaithe.

In Airteagal 12, dearbhaítear an phribhléid athstruchtúraithe a tugadh isteach le hAirteagail 17 agus 18 de Threoir (AE) 2019/1023. Luaitear ann nach ndéanann na rialacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta sa Teideal seo difear do chur i bhfeidhm Airteagail 17 agus 18 de Threoir (AE) 2019/1023.

Is idirghabháil spriocdhírithe é Teideal III maidir le sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta a rianú, ar cheart í a chur i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2015/848, ina sonraítear, i bprionsabal, go bhféadfaidh cleachtóirí dócmhainneachta na cumhachtaí a thugtar dóibh le dlí an Bhallstáit inar tionscnaíodh na príomhimeachtaí dócmhainneachta agus inar ceapadh iad a fheidhmiú i mBallstáit eile freisin. Tá na rialacha spriocdhírithe sa Teideal sin dírithe ar rochtain a bheith ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chlárlanna éagsúla ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta nó ar cheart dóibh a bheith ina gcuid den eastát dócmhainneachta. Tá roinnt clár leictreonach náisiúnta poiblí nó tá rochtain orthu fiú trí ardáin idirnaisc aonair arna mbunú ag an Aontas, amhail idirnascadh na gclár dócmhainneachta (IRI)[24]. Leis na forálacha sa Treoir atá beartaithe, leathnaítear raon feidhme na gclár a bhfuil rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta orthu chuig roinnt clár nach bhfuil ar fáil go poiblí, amhail na cláir sin a bunaíodh ar dtús faoi chreat frithsciúrtha airgid an Aontais (cláir náisiúnta cuntas bainc ceannais nó faisnéis maidir le hiontaobhais i gcláir úinéireachta tairbhiúla na mBallstát). Le Teideal III cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit rochtain dhíreach thapa a thabhairt do chleachtóirí dócmhainneachta nach cleachtóirí dócmhainneachta intíre iad ar na cláir atá liostaithe san Iarscríbhinn (a fhad is atá siad ar fáil cheana féin sa Bhallstát).

Le hAirteagal 13 ceanglaítear ar na Ballstáit cúirteanna dócmhainneachta a ainmniú ar a gcríoch a mbeidh rochtain dhíreach acu ar na sásraí uathoibrithe láraithe náisiúnta, amhail clárlanna láraithe cuntas bainc nó córais aisghabhála sonraí leictreonacha, arna mbunú faoi

[24] https://e-justice.europa.eu/content_interconnected_insolvency_registers_search-246-en.do.

Airteagal 32a de Threoir (AE) 2015/849[25]. Le Treoir (AE) 2015/849, cuireadh d'oibleagáid ar na Ballstáit sásraí uathoibrithe láraithe a chur ar bun, lenar féidir aon duine nádúrtha nó dlítheanach a shainaithint a bhfuil nó a rialaíonn cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc arna sainaithint ag IBAN agus taisceadáin atá i seilbh institiúid chreidmheasa. Tugann an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid rochtain láithreach agus neamhscagtha ar na cláir sin d'aonaid um Fhaisnéis Airgeadais na mBallstát. Le Treoir 2019/1153[26], deonaítear rochtain dhíreach láithreach ar chláir náisiúnta cuntas bainc d'údaráis forfheidhmithe dlí, arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun na críche sin, nuair is gá an rochtain sin chun a gcúraimí a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne coireanna tromchúiseacha. Tabharfar rochtain dhíreach d'oifigigh aisghabhála sócmhainní freisin faoi Threoir 2019/1153. Áiritheofar le hAirteagal 12 nach mbeidh rochtain dhíreach ach ag cúirteanna dócmhainneachta a ainmníodh go cuí agus ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún ar na cláir cuntas bainc nó ar na córais leictreonacha aisghabhála sonraí.

Soiléirítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15 na coinníollacha sonracha maidir le rochtain na gcúirteanna ainmnithe ar chláir na gcuntas bainc. Beidh rochtain ag na cúirteanna ainmnithe ar chláir náisiúnta cuntas bainc ceannais a mBallstáit agus na mBallstát eile, trí phointe rochtana aonair na gclár cuntas bainc (CCB), nuair a bhunófar córas idirnaisc chláir lárnacha na mBallstát agus nuair a bheidh sé oibríochtúil[27].

In Airteagal 16, pléitear le cuardaigh logála i gcláir cuntas bainc.

Leagtar síos in Airteagal 17 forálacha maidir le rochtain cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil. Áirítear leis sin an rochtain ar an gclár náisiúnta nó ar na cláir náisiúnta um úinéireacht thairbhiúil a bunaíodh sa Bhallstát inar tionscnaíodh na himeachtaí agus ar chóras idirnaisc na gclár úinéireachta tairbhiúla. Leagtar amach bunús dlí na gclár sin in Airteagal 30(3) agus in Airteagal 31(3a) de Threoir (AE) 2015/849. Leagtar amach an bunús dlí le haghaidh idirnascadh na gclár sin in Airteagal 30(10) agus in Airteagal 31(9) de Threoir (AE) 2015/849. Tá tacar íosta faisnéise sna cláir um úinéireacht thairbhiúil inrochtana ag an bpobal d'eintitis chorparáideacha agus d'eintitis dhlíthiúla eile. I gcás iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, níl rochtain phoiblí ar an tacar íosta faisnéise seo ach tá an rochtain sin ag brath ar leas dlisteanach a léiriú. Soiléirítear in Airteagal 17 go bhfuil leas dlisteanach ann nuair a iarrann cleachtóir dócmhainneachta an fhaisnéis maidir le hiontaobhais agus maidir le comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla chun sócmhainní a shainaithint agus a rianú le haghaidh na n-imeachtaí dócmhainneachta ina gceaptar é nó í agus go bhfuil an rochtain teoranta do raon feidhme faisnéise réamh-shainaitheanta.

Leagtar amach in Airteagal 18 rialacha maidir le rochtain dhíreach agus thapa ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi shócmhainní. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na cláir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe a

---

[25] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 0849, 9.7.2018, lch. 1.

[26] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

[27] Mhol an Coimisiún Eorpach sa togra uaidh le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid idirnasc na gclárlann náisiúnta cuntas bainc ceannais (CBAR) ar fud an Aontais. Féach Airteagail 14 agus 15 den togra (COM/2021/423 final an 20.7.2021). Tá an togra á chaibidliú faoi láthair i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

áireamh sna cláir sócmhainní, ar choinníoll go bhfuil cláir den sórt sin ar fáil sa Bhallstát lena mbaineann. Ceanglaítear leis an bhforáil freisin nach mór do chleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar i mBallstáit eile na coinníollacha rochtana céanna a bheith acu agus atá ag cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar sna Ballstáit ina bhfuil an clár sócmhainní lonnaithe.

Is é is aidhm do Theideal IV maidir le himeachtaí réamhphaca a áirithiú go mbeidh na himeachtaí sin, a mheastar a bheith éifeachtach go ginearálta maidir le haisghabháil luacha do chreidiúnaithe, atá ar fáil ar bhealach struchtúrtha i gcórais dócmhainneachta na mBallstát uile. In imeacht réamhphaca, déantar díolachán ghnó an fhéichiúnaí (nó cuid de) a ullmhú agus a chaibidliú sula dtionscnófar na himeachtaí dócmhainneachta go foirmiúil. Fágann sé sin gur féidir an díol a chur i gcrích agus na fáltais a fháil go gairid tar éis tionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta foirmiúla atá beartaithe chun cuideachta a leachtú. Áirítear sa togra seo roinnt cosaintí chun a áirithiú go mbainfear amach ceannaitheoirí ionchasacha agus go mbainfear amach an luach margaidh is fearr is féidir mar thoradh ar phróiseas díola iomaíoch. Tá na coimircí sin leagtha amach ar bhealach a thugann rogha do na Ballstáit idir iomaíochas, trédhearcacht agus cothroime an phróisis díola a áirithiú le linn 'chéim an ullmhúcháin' (faoi rún de ghnáth) agus ceant poiblí tapa a reáchtáil tar éis oscailt na n-imeachtaí foirmiúla ag an 'céim leachtaithe'.

Le hAirteagal 19 cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit imeacht réamhphaca a áireamh ina gcóras dócmhainneachta ina mbeidh dhá chéim ina dhiaidh sin (an 'céim ullmhúcháin' agus an 'céim leachtaithe').

Pléitear in Airteagal 20 an gaol idir an Treoir atá beartaithe agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Leagtar amach ann go ndéanfar céim an leachtaithe a mheas mar imeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2015/848 iad. Fágtar faoi na Ballstáit an rogha a mheas gur cleachtóirí dócmhainneachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2015/848 iad na monatóirí. Soiléirítear sa mhír dheireanach den fhoráil an gaol idir an Treoir atá beartaithe agus Treoir 2001/23/CE ón gComhairle i gcomhréir leis an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás Heiploeg. Luaitear san fhoráil, chun críche Airteagal 5(1) de Threoir 2001/23/CE a chur i bhfeidhm, go measfar céim leachtaithe na n-imeachtaí réamhphaca mar imeacht dócmhainneachta a tionscnaíodh chun sócmhainní an aistreora a leachtú faoi mhaoirseacht údaráis inniúil.

Leagtar síos in Airteagal 21 rialacha dlínse maidir leis na himeachtaí réamhphaca. Soiléirítear san Airteagal seo go bhfuil dlínse ag an gcúirt a bhfuil dlínse idirnáisiúnta aici ar phríomhimeachtaí dócmhainneachta an fhéichiúnaí ar na himeachtaí réamhphaca chomh maith.

Leagtar amach in Airteagal 22 rialacha maidir leis an 'monatóir' arb é an príomhghníomhaí é i 'céim ullmhúcháin' na n-imeachtaí réamhphaca. Liostaítear san Airteagal na cúraimí nach mór don mhonatóir a dhéanamh chun an próiseas díolacháin a stiúradh agus ceannaitheoirí ionchasacha a aimsiú. Mar 'chleachtóir dócmhainneachta ionchasach', ní mór don mhonatóir na critéir incháilitheachta uile a chomhlíonadh a cheanglaítear leis an dlí dócmhainneachta sa Bhallstát ina dtionscnaítear na himeachtaí réamhphaca chun cleachtóir dócmhainneachta a cheapadh, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go gcomhlíonfaidh an duine céanna an dá ról sa dá chéim ina dhiaidh sin de na himeachtaí réamhphaca.

Le hAirteagal 23 cuirtear síneadh (leis na modhnuithe is gá) le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair i gcoinne an fhéichiúnaí, a leagtar amach in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 de Threoir (AE) 2019/1023, chuig céim ullmhúcháin na n-imeachtaí réamhphaca, ar choinníoll go gcomhlíonfar an coinníoll maidir le dóchúlacht dócmhainneachta nó dearbhú dócmhainneachta an fhéichiúnaí.

In Airteagal 24, pléitear na prionsabail is infheidhme maidir le próiseas díola gnó an fhéichiúnaí. Ní mór don mhonatóir a áirithiú go bhfuil an próiseas díolacháin a reáchtáiltear le linn chéim an ullmhúcháin, ar bhealach rúnda de ghnáth, iomaíoch, trédhearcach agus go gcomhlíonann sé caighdeáin an mhargaidh. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar na prionsabail sin ach amháin má roghnaíonn Ballstát oibleagáid a thabhairt isteach ar an gcúirt ceant poiblí tapa a reáchtáil tar éis thús chéim an leachtaithe.

Áirithítear le hAirteagal 25 go gceapfar an monatóir mar chleachtóir dócmhainneachta nuair a thionscnaítear céim leachtaithe na n-imeachtaí réamhphaca.

Pléitear in Airteagal 26 an próiseas údaraithe chun gnó an fhéichiúnaí a dhíol ag an gcúirt dócmhainneachta le linn chéim an leachtaithe. Faoi mhír 1, ní mór don chúirt measúnú a dhéanamh ar chomhlíon an próiseas díolacháin le linn chéim an ullmhúcháin na prionsabail agus na coinníollacha is infheidhme. Mura ndeimhníonn an chúirt díol an ghnó leis an bhfaighteoir ar mhol an monatóir é, leanfar leis na himeachtaí dócmhainneachta a tionscnaíodh ag tús chéim an leachtaithe gan an díolachán réamhphaca a thabhairt i gcrích. Tugtar treoir i mír 2 do na Ballstáit sin a roghnaíonn sainordú a thabhairt go ndéanfar ceant poiblí ag tús chéim an leachtaithe an tairiscint is fearr a fuarthas le linn chéim an ullmhúcháin a úsáid mar thairiscint ‘capaill stalcaireachta’, i.e. mar thairiscint tosaigh ag gníomhú mar íosráta praghais ceannaigh ionas nach féidir le tairgeoirí eile an bonnphraghas ceannaigh a fholú. Éilíonn sé freisin go bhfuil na cosaintí a thugtar don tairgeoir capaill stalcaireachta comhréireach agus curtha i bhfeidhm a mhéid nach gcuireann siad isteach ar an bhfíoriomaíocht.

Leagtar síos in Airteagal 27 forálacha maidir le conarthaí le comhlíonadh a shannadh, i.e. conarthaí idir an féichiúnaí agus contrapháirtí faoina bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh fós ar na páirtithe nuair a thionscnaítear na himeachtaí dócmhainneachta. Ba cheart conarthaí den sórt sin a shannadh, de ghnáth, d’fhaighteoir an ghnó, fiú gan toiliú an chontrapháirtí.

Luaitear in Airteagal 28 go bhfaightear an gnó nó cuid de saor ó fhiacha agus ó dhliteanais tríd an díolachán réamhphaca.

Áirithítear le hAirteagal 29 nach gcuirfidh achomhairc i gcoinne na ndíolachán réamhphaca údaraithe moill ar fhorghníomhú an tsocraithe díolacháin agus, ar an gcaoi sin, ar réadú na sócmhainní. De réir na forála, ní fhéadfaidh éifeacht fionraíochta a bheith ag achomhairc den sórt sin ar réadú an díola, ach amháin má thugann an t-achomharcóir urrús leordhóthanach lena gcumhdaítear damáistí a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar fhionraí den sórt sin. Ag an am céanna, le hAirteagal 29, tugtar lánrogha don chúirt a éistfidh an t-achomharc achomharcóir ar duine nádúrtha é a dhíolmhú, go hiomlán nó go páirteach, ó urrús a sholáthar má mheasann sí gurb iomchuí díolúine den sórt sin i bhfianaise imthosca an cháis ar leith.

Soiléirítear in Airteagal 30 gur cheart go bhfreagródh na critéir chun an tairiscint is fearr a roghnú do na critéir a úsáidtear chun rogha a dhéanamh idir tairiscintí iomaíocha in imeachtaí dócmhainneachta caighdeánacha.

In Airteagal 31, cuirtear dliteanas pearsanta ar chleachtóir faireacháin agus dócmhainneachta na n-imeachtaí réamhphaca i leith aon damáistí arb é is cúis leo gan a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Leagtar amach in Airteagal 32 cosaintí breise i gcásanna ina bhfuil dlúthbhaint ag an gceannaitheoir ionchasach leis an bhféichiúnaí. Áirítear leis na coimircí breise oibleagáid ar an gcleachtóir dócmhainneachta measúnú a dhéanamh, i gcásanna ina dtagann an t-aon tairiscint ó pháirtí dlúthghaolmhar, má shásaíonn an tairiscint an tástáil leas na gcreidiúnaithe. Má bhíonn conclúid dhiúltach ann mar thoradh ar an measúnú, ba cheart don chleachtóir dócmhainneachta an tairiscint a dhiúltú.

Is éard atá in Airteagal 33 forálacha éagsúla a bhfuil sé d'aidhm acu luach an ghnó atá á dhíol a uasmhéadú. Áirithítear leis sin go n-iarrtar maoiniú eatramhach ar an gcostas is ísle is féidir agus go mbainfidh soláthraithe maoinithe eatramhaigh tairbhe as coimircí áirithe. Toirmisctear leis an Airteagal seo freisin cearta suibscríbhinne a dheonú do thairgeoirí, ós rud é go ndéanfadh an fhéidearthacht cearta den sórt sin a fheidhmiú dochar don iomaíocht i gcomhthéacs an phróisis díola. Cuireann foráil eile teorainn leis an bhféidearthacht creidmheas a thairiscint do chuid de mhéid an éilimh urraithe in aghaidh an fhéichiúnaí.

Le hAirteagal 34 cosnaítear leasanna na gcreidiúnaithe le linn na n-imeachtaí réamhphaca. Áirítear leis sin an ceart chun éisteacht a fháil le linn an nós imeachta agus ailíniú, de ghnáth, na gceanglas maidir le leasanna slándála a scaoileadh leis na cinn a mbeadh feidhm acu in imeachtaí dócmhainneachta faoin dlí náisiúnta.

Pléitear in Airteagal 35 cásanna ina bhfuil fáil an ghnó trí na himeachtaí réamhphaca faoi réir cinneadh ó údarás iomaíochta.

Tá Teideal V maidir le dualgais na stiúrthóirí mar chuid de na bearta arb é is aidhm dóibh luach an eastáit dócmhainneachta a uasmhéadú. Cé nach dtugtar sainmhíniú comhchuibhithe ar stiúrthóirí leis an Treoir atá beartaithe, agus na forálacha atá sa Teideal seo á dtrasuí acu, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh gur cheart an téarma stiúrthóir a thuiscint go ginearálta. Tá sé sin i gcomhréir leis an moladh ón Treoirleabhar Reachtach maidir le Dlí Dócmhainneachta Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL)[28], ar dá réir sin, 'mar threoir ghinearálta [...] a d'fhéadfaí a mheas mar stiúrthóir nuair atá sé de chúram orthu cinntí tábhachtacha a dhéanamh nó a dhéanamh i ndáiríre maidir le bainistiú cuideachta'. Is iondúil go mbíonn stiúrthóirí i measc na gcéad stiúrthóirí chun a fháil amach an bhfuil cuideachta ag druidim le dócmhainneacht nó an bhfuil sé dócmhainn. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeidís faoi dhualgas comhad a dhéanamh go tráthúil chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Leis an Treoir atá beartaithe, cuirtear teorainn ama i bhfeidhm chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, mar aon le dliteanas sibhialta. Is rialacha íosta comhchuibhithe iad na forálacha sa Teideal seo, mar sin féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí níos déine a choimeád nó a thabhairt isteach do stiúrthóirí cuideachtaí atá gar do dhócmhainneacht.

I dTeideal VI tá rialacha maidir le himeachtaí foirceanta simplithe do mhicrifhiontair. Ní bhíonn creataí dócmhainneachta náisiúnta oiriúnach i gcónaí chun déileáil le micrifhiontair dhócmhainneacha i gceart agus go comhréireach. Is annamh a chomhdaíonn micrifhiontair imeachtaí dócmhainneachta caighdeánacha, agus nuair a dhéanann siad amhlaidh, is minic a bhíonn sé ródhéanach a luach a chaomhnú. I roinnt mhaith Ballstát, ní dhéantar gnólachtaí den sórt sin a leachtú go hordúil toisc nach bhfuil imeachtaí dócmhainneachta caighdeánacha inrochtana nó toisc go ndiúltaítear d'imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Tarlaíonn sé sin mura bhfuil aon sócmhainn san eastát dócmhainneachta nó mura gcumhdaíonn luach na sócmhainní costais riaracháin na n-imeachtaí. Is é cuspóir na Treorach atá beartaithe, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar micrifhiontair, fiú na cinn nach bhfuil sócmhainní ar bith acu, a fhoirceannadh ar bhealach ordúil, trí úsáid a bhaint as imeacht tapa agus costéifeachtach. Is é príomhaidhm na bhforálacha i dTeideal VI an nós imeachta a shimpliú agus na costais riaracháin a bhaineann leis a laghdú. Mar shampla, mar riail, níor cheart aon chleachtóir dócmhainneachta a cheapadh sna himeachtaí toisc gurb é idirghabháil an chleachtóra dócmhainneachta an príomhfhachtóir costais in imeachtaí dócmhainneachta agus de ghnáth ní bhíonn gnó na gcuideachtaí sin chomh casta sin gur gá cleachtóir dócmhainneachta a bheith

[28] Treoir Reachtach UNCITRAL maidir leis an Dlí Dócmhainneachta, Cuid a Ceathair: Oibleagáidí stiúrthóirí sa tréimhse atá ag druidim le dócmhainneacht (lena n-áirítear i ngrúpaí fiontar), lch. 19 (mn. 15).

ann. Ar an gcaoi chéanna, luaitear sa Treoir atá beartaithe, mar riail, gur cheart don fhéichiúnaí fanacht i seilbh shócmhainní agus ghnóthaí an ghnó le linn na n-imeachtaí. Fachtóir eile maolaithe costais is ea an deis a bheith ag an gcúirt dul ar aghaidh le réadú na sócmhainní trí chóras ríomhcheantála, córas ar cheart do gach Ballstát a chur ar bun mar chuid dá n-imeachtaí simplithe do mhicrifhiontair.

Le hAirteagal 38 cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit rialacha a áireamh ina ndlíthe náisiúnta maidir le himeachtaí dócmhainneachta lena gcumasaítear micrifhiontair a leachtú trí úsáid a bhaint as imeacht simplithe a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar amach i dTeideal VI. Tugtar aghaidh leis an bhforáil seo freisin ar an gcoinníoll maidir le dócmhainneacht chun críche imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus chun cásanna 'gan sócmhainn' a láimhseáil.

Soiléirítear in Airteagal 39 gur cheart ceapadh cleachtóir dócmhainneachta sna himeachtaí foirceanta simplithe a bheith mar eisceacht.

Le hAirteagal 40 ceanglaítear ar na Ballstáit úsáid modhanna leictreonacha cumarsáide a chumasú le haghaidh gach cumarsáid idir an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, agus na páirtithe sna himeachtaí.

Leagtar síos in Airteagal 41 go bhféadfar tús a chur le himeachtaí foirceanta simplithe arna iarraidh sin don mhicrifhiontar nó arna iarraidh sin do chreidiúnaí. Chun an nós imeachta comhdúcháin a shimpliú, cruthófar foirm chaighdeánach faoi ghníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

Pléitear in Airteagal 42 an cinneadh maidir le himeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh, lena n-áirítear na forais ar ar a mbonn a fhéadfaidh an t-údarás inniúil an tionscnamh a dhiúltú.

Luaitear in Airteagal 43, mar riail, gur cheart don fhéichiúnaí smacht ar a shócmhainní agus ar a ghnóthaí i gcónaí a bheith aige le linn na n-imeachtaí.

Leagtar amach in Airteagal 44 gur cheart rochtain a bheith ag an bhféichiúnaí ar bhac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair. Féadfaidh an t-údarás inniúil, áfach, éilimh áirithe a dhíolmhú ar bhonn cás ar chás faoi chúinsí réamhshainithe.

Áirithítear le hAirteagal 45 tionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe a phoibliú.

In Airteagal 46 tugtar aghaidh ar thaisceadh agus ligean isteach éileamh ag creidiúnaithe in imeacht foirceanta simplithe. Leis an bhforáil, glactar leis go dtaiscfear formhór na n-éileamh ar bhonn ráitis i scríbhinn a thíolaic an féichiúnaí. I dteannta na n-éileamh a áirítear sa ráiteas sin, féadfaidh creidiúnaithe éilimh bhreise a thaisceadh. Chun an nós imeachta um chead isteach a shimpliú, meastar éilimh atá liostaithe i ráiteas an fhéichiúnaí a bheith ceadaithe, ach amháin má dhéanann an creidiúnaí agóid ina gcoinne go sonrach.

In Airteagal 47 tá forálacha sonracha maidir le tús a chur le gníomhaíochtaí seachanta agus maidir le gníomhaíochtaí seachanta a dhéanamh mar chuid de na himeachtaí foirceanta simplithe do mhicrifhiontair.

Pléitear in Airteagal 48 bunú an eastáit dócmhainneachta trína chinneadh cé na sócmhainní atá san áireamh agus trína áirithiú go sainaithníonn na húdaráis inniúla go soiléir cé na sócmhainní atá eisiata ón eastát dócmhainneachta agus, dá bhrí sin, is féidir leis an bhféichiúnaí iad a choinneáil nuair is fiontraí é an féichiúnaí.

Luaitear in Airteagal 49, tar éis bhunú an eastáit dócmhainneachta, go gcinneann an t-údarás inniúil a) an dtéann sé ar aghaidh le réadú na sócmhainní, nó b) go ndúnann sé na himeachtaí foirceanta simplithe láithreach toisc go bhfuil an réadú míréasúnta de bharr luach na

sócmhainní. Leagtar amach san fhoráil freisin gur cheart sócmhainní an fhéichiúnaí a réadú trí ríomhcheant poiblí, ach amháin má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil úsáid modhanna eile chun na sócmhainní a dhíol níos oiriúnaí i bhfianaise chineál na sócmhainní nó imthosca na n-imeachtaí.

Le hAirteagal 50 cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit ardán ríomhcheantála amháin nó níos mó a bhunú agus a oibriú chun sócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí dócmhainneachta a réadú. Leis an bhforáil freisin, ceadaítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh úsáideoirí na n-ardán sin tairiscintí a dhéanamh freisin chun gnó an fhéichiúnaí a cheannach mar ghnóthas leantach. Ba cheart an t-ardán/na hardáin a bheith ar fáil in imeachtaí foirceanta simplithe, cé go bhféadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an úsáid a leathnú chuig imeachtaí dócmhainneachta eile. Leis an bhforáil, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit an t-ardán nó na hardáin a chur ar fáil do gach cónaitheoir nó dóibh siúd a bhfuil a suíochán cláraithe i gcríoch an Aontais.

Le hAirteagal 51, ag leanúint sampla de thionscadail eile de chuid an Aontais lena ndéantar cláir leictreonacha dhíláraithe a idirnascadh (e.g. Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS), idirnasc na gclár Dócmhainneachta (IRI)), ceanglaítear ar an gCoimisiún córas a bhunú a idirnascfaidh na córais náisiúnta ríomhcheantála tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, ar cheart dó a bheith ina lárphointe rochtana leictreonaí. Is é an breisluach a bhaineann le córas idirnasctha den sórt sin inrochtaineacht na gceantanna uile trí ardán aonair atá ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Cinnfear sonraíochtaí teicniúla an chórais idirnaisc sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Beidh roghanna forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú ag Bord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

Pléann Airteagal 52 na costais a bhaineann le córais ríomhcheantála a bhunú agus a idirnascadh, agus leagtar amach in Airteagal 53 freagrachtaí an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcóras idirnasctha na n-ardán ríomhcheantála.

Leagtar síos in Airteagal 54 na rialacha maidir le sócmhainní an eastáit dócmhainneachta a dhíol trí ríomhcheant in imeachtaí foirceanta simplithe.

Le hAirteagal 55 rialaítear an cinneadh maidir le clabhsúr a chur ar imeachtaí foirceanta simplithe agus leagtar amach ann gur cheart a shonrú i gcinneadh den sórt sin an tréimhse ama as a dtiocfaidh urscaoileadh fiach.

Leagtar síos in Airteagal 56 an prionsabal, ní hamháin gur cheart go mbeadh rochtain éifeachtach ag féichiúnaithe fiontraíochta, ach ag bunaitheoirí, ag úinéirí nó ag comhaltaí micreafhiontar dliteanais neamhtheoranta freisin, atá faoi dhliteanas pearsanta as fiacha an fhéichiúnaí, ar urscaoileadh iomlán fiachais mar thoradh ar dhúnadh imeachtaí foirceanta simplithe. Tá coinníollacha, forais, tréimhse ama agus imthosca eile an nós imeachta as a n-eascraíonn urscaoileadh fiachais le leagan amach i gcomhréir le rialacha Theideal III de Threoir (AE) 2019/1023.

Soiléirítear in Airteagal 57 gur cheart imeachtaí maidir leis na ráthaíochtaí pearsanta arna soláthar do riachtanais ghnó na micrifhiontar a chomhordú nó a chomhdhlúthú leis na himeachtaí foirceanta simplithe ábhartha den mhicreafhiontar céanna.

Leagtar amach forálacha maidir le coiste na gcreidiúnaithe i dTeideal VII. Is uirlis thábhachtach é coiste na gcreidiúnaithe chun a áirithiú go ndéanfar imeachtaí dócmhainneachta ar bhealach a chosnóidh leasanna creidiúnaithe agus lena n-áiritheofar rannpháirtíocht creidiúnaithe aonair nach mbeadh rannpháirteach sna himeachtaí murach sin de bharr acmhainní teoranta nó easpa gaireachta geografaí. Dá bhrí sin, is é cuspóir na bhforálacha sa Teideal sin seasamh na gcreidiúnaithe sa nós imeachta a neartú. Déantar é sin

trína áirithiú go mbunófar coiste creidiúnaithe má chomhaontaíonn cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe agus má fhoráiltear do rialacha íosta comhchuibhithe i ndáil le príomhghnéithe, amhail ceapadh na gcomhaltaí agus comhdhéanamh an choiste, na modhanna oibre, feidhm an choiste chomh maith le dliteanas pearsanta a chomhaltaí.

Pléitear in Airteagal 58 na ceanglais chun coiste creidiúnaithe a bhunú tríd an bprionsabal a leagan síos gur cheart an cinneadh maidir le coiste creidiúnaithe a bhunú a dhéanamh ag cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe. Leis an Airteagal seo freisin, ceadaítear do na Ballstáit a chur ar chumas creidiúnaithe coiste creidiúnaithe a bhunú ó iarratas ar dhócmhainneacht a chomhdú (agus roimh thionscnamh na n-imeachtaí), agus é á áirithiú ag an am céanna go n-iarrfar ar an gcéad chruinniú ginearálta de chreidiúnaithe cinneadh a dhéanamh maidir le leanúint leis agus maidir lena chomhdhéanamh. Thairis sin, tugtar lánrogha do na Ballstáit sa dlí náisiúnta an fhéidearthacht coiste creidiúnaithe a bhunú in imeachtaí dócmhainneachta a eisiamh nuair nach bhfuil an costas a bhaineann leis an gcoiste sin a bhunú agus a oibriú i gcomhréir leis an luach a ghineann sé.

Leagtar amach in Airteagal 59 an nós imeachta chun comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe a cheapadh agus na ceanglais maidir le hionadaíocht chóir na gcreidiúnaithe sa choiste.

Leagtar síos in Airteagal 60 an prionsabal nach ndéanann coiste na gcreidiúnaithe ionadaíocht ach ar leasanna na gcreidiúnaithe agus go ngníomhóidh sé go neamhspleách ar an gcleachtóir dócmhainneachta. Leis an Airteagal seo, ceadaítear do na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil lena gceadaítear níos mó ná coiste creidiúnaithe amháin a chur ar bun a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí éagsúla creidiúnaithe. Leagtar amach in Airteagal 61 agus in Airteagal 62 líon na gcomhaltaí agus ceanglais maidir le comhalta de choiste na gcreidiúnaithe a chur as oifig agus comhalta eile a chur ina ionad.

In Airteagal 63 sainaithnítear na socruithe íosta oibre do choiste na gcreidiúnaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta vótála.

Leagtar amach in Airteagal 64 feidhm chomh maith le híoschearta, dualgais agus cumhachtaí choiste na gcreidiúnaithe, amhail an ceart éisteacht a fháil in imeachtaí dócmhainneachta, an dualgas maoirseacht a dhéanamh ar an gcleachtóir dócmhainneachta agus an chumhacht comhairle sheachtrach a iarraidh maidir le hábhair áirithe.

Sainítear in Airteagal 65 ceanglais maidir leis na speansais arna dtabhú ag coiste na gcreidiúnaithe le linn dó a chearta a fheidhmiú agus a fheidhmeanna agus luach saothair na gcomhaltaí a chomhlíonadh.

Tá comhaltaí an choiste creidiúnaithe faoi réir forálacha sonracha maidir le dliteanas faoi Airteagal 66 freisin.

Ar deireadh, deonaítear le hAirteagal 67 ceart achomhairc in aghaidh chinntí choiste na gcreidiúnaithe, i gcás ina gcuirtear de chúram ar choiste na gcreidiúnaithe cinntí a fhormheas faoin dlí náisiúnta.

Baineann Teideal VIII le bearta a neartaíonn trédhearcacht na ndlíthe náisiúnta maidir le himeachtaí dócmhainneachta. Cuireann sé d'oibleagáid ar na Ballstáit bileog eolais chaighdeánach, arna sainiú go soiléir, a chur ar fáil d'infheisteoirí agus í a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ina mbeidh faisnéis phraiticiúil maidir le príomhghnéithe a ndlíthe intíre maidir le himeachtaí dócmhainneachta. Ní mór an bhileog eolais seo a chur ar fáil ar an Tairseach don r-Cheartas. Mar chuid den ábhar a chuireann an Gréasán Breithiúnach Eorpach ar fáil in ábhair shibhialta agus thráchtála[29], tá roinnt faisnéise ar fáil cheana féin faoi chórais

[29] Cinneadh ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (2001/470/CE). Tá an fhaisnéis maidir le dlíthe dócmhainneachta náisiúnta a

dócmhainneachta náisiúnta na mBallstát ar an Tairseach don r-Cheartas. Mar sin féin, níl inneachar na leathanach náisiúnta atá ann cheana ailínithe ar bhealach a ligeann d'infheisteoirí na córais éagsúla a chur i gcomparáid go héasca.

Leagtar amach in Airteagal 68 ceanglais maidir le hábhar agus foilsiú bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis, ar cheart go n-áireofaí inti gnéithe bunriachtanacha den dlí náisiúnta maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

Leagtar amach i dTeideal IX an fhoráil chríochnaitheach den Treoir atá beartaithe. Le hAirteagal 69 tugtar isteach ceanglais maidir le ról an Choiste um Athstruchtúrú agus Dócmhainneacht, dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2019/1023. Tugtar clásal athbhreithnithe isteach in Airteagal 70 agus leagtar amach in Airteagal 71 na téarmaí maidir leis an Treoir atá beartaithe a thrasuí. Leagtar amach in Airteagal 72 an dáta a dtiocfaidh an Treoir atá beartaithe i bhfeidhm, agus sainaithnítear in Airteagal 73 cé air a bhfuil an Treoir atá beartaithe dírithe.

tháirgtear i gcomhthéacs EJN ar fáil ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas ag: https://e-justice.europa.eu/447/EN/insolvencybankruptcy.

2022/0408 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[30],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[31],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir na Treorach seo rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus bacainní ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha a bhaint, amhail saorghluaiseacht caipitil agus saoirse bunaíochta, ar bacainní iad a eascraíonn as difríochtaí idir dlíthe agus nósanna imeachta náisiúnta i réimse na dócmhainneachta.

(2) Leis na difríochtaí móra sna dlíthe substainteacha dócmhainneachta a aithnítear le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], cruthaítear bacainní ar an margadh inmheánach trí tharraingteacht infheistíochtaí trasteorann a laghdú, rud a imríonn tionchar ar ghluaiseacht trasteorann caipitil laistigh den Aontas agus chuig tríú tíortha agus uathu.

(3) Áirithítear le himeachtaí dócmhainneachta foirceannadh nó athstruchtúrú ordúil cuideachtaí nó fiontraithe atá i gcruachás airgeadais agus eacnamaíoch. Tá na himeachtaí sin ríthábhachtach in infheistíochtaí airgeadais, toisc go gcinntear leo luach aisghabhála deiridh na n-infheistíochtaí sin. Mar gheall ar éagsúlacht na rialacha i measc na mBallstát cuireadh leis an éiginnteacht dhlíthiúil agus leis an dothuarthacht a bhaineann le toradh na n-imeachtaí dócmhainneachta, rud a chuir le bacainní, go háirithe i gcás infheistíochtaí trasteorann sa mhargadh inmheánach. Bíonn iarmhairtí diúltacha ag éagsúlachtaí móra sa luach aisghabhála agus san am a theastaíonn chun imeachtaí dócmhainneachta a chur i gcrích ar fud an Aontais ar intuarthacht costas do chreidiúnaithe agus d'infheisteoirí i gcásanna trasteorann sa mhargadh inmheánach.

---

30 IO C […], […], lch. […]

31 IO C […], […], lch. […]

32 Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

(4) Comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh i réimse na ndlíthe dócmhainneachta a shaothraítear leis an Treoir seo, tá an comhtháthú sin ina phríomhuirlis chun feidhmiú níos éifeachtúla na margaí caipitil san Aontas Eorpach a bhaint amach, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar mhaoiniú corparáideach. Dá bhrí sin, is gá íoscheanglais a leagan amach i réimsí spriocdhírithe d'imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta, íoscheanglais a bhfuil tionchar suntasach acu ar éifeachtúlacht agus ar fhad imeachtaí den sórt sin, go háirithe ar imeachtaí dócmhainneachta trasteorann.

(5) Chun luach an eastáit dócmhainneachta a chosaint do chreidiúnaithe, ba cheart a áireamh i ndlíthe dócmhainneachta náisiúnta rialacha éifeachtacha lenar féidir gníomhartha dlí a neamhniú, ar gníomhartha iad atá díobhálach do chreidiúnaithe agus a raibh éifeacht dlí leo sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta (gníomhaíochtaí seachanta). Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí seachanta éifeachtaí díobhálacha an ghnímh dlí ar eastát a aisiompú, is iomchuí tagairt do chur i gcrích chúis na díobhála sin mar an pointe ábhartha ama, is é sin don am a raibh éifeacht dlí ag an ngníomh dhlí seachas forghníomhú na feidhmíochta. Mar shampla, i gcás ríomh-aistriú airgid, níor cheart gurbh é an tráth ábhartha an tráth a thugann an féichiúnaí treoir don institiúid airgeadais an t-airgead a aistriú chuig creidiúnaí (feidhmiú an ghnímh dlí) ach nuair a chreidiúnaítear cuntas an chreidiúnaí (éifeacht dlí an ghnímh dlí). Leis na rialacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta, ba cheart a bheith in ann an t-eastát dócmhainneachta a chúiteamh as an díobháil a dhéantar do chreidiúnaithe de bharr gníomhartha dlí den sórt sin.

(6) Ba cheart raon feidhme na ngníomhartha dlí a bhféadfaí agóid a dhéanamh ina gcoinne faoi na rialacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta a tharraingt ar bhealach leathan, chun aon iompraíocht daonna a bhfuil éifeachtaí dlí aici a chumhdach. Tugtar le tuiscint i bprionsabal go gcaitear go cothrom le creidiúnaithe gur cheart neamhghníomhartha a áireamh i ngníomhartha dlí freisin, ós rud é nach ndéanann sé difear suntasach más rud é go ndéantar dochar do chreidiúnaithe mar thoradh ar ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht an pháirtí lena mbaineann. Mar shampla, ní dhéanann sé difear ar bith má tharscaoileann féichiúnaí éileamh in aghaidh a oibleagáideora go gníomhach nó má bhíonn sé éighníomhach agus go nglacann sé leis an éileamh tréimhse teorann a bheith air. I measc na samplaí eile de neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gníomhaíochtaí seachanta, tá an neamhghníomh gan agóid a dhéanamh in aghaidh breithiúnas mífhabhrach nó in aghaidh cinntí eile ó chúirteanna nó ó údaráis phoiblí nó an neamhghníomh ceart maoine intleachtúla a chlárú. Ar an gcúis chéanna, níor cheart rialacha maidir le seachaint a theorannú do ghníomhartha dlí a dhéanann an féichiúnaí, ach ba cheart gníomhartha dlí a dhéanann an contrapháirtí nó an tríú páirtí a áireamh iontu freisin. Ar an taobh eile, níor cheart ach gníomhartha dlí a bheith faoi réir rialacha maidir le seachtain a dhéanfadh dochar do na creidiúnaithe i gcoitinne.

(7) Chun ionchais dhlisteanacha chontrapháirtí an fhéichiúnaí a chosaint, ba cheart aon chur isteach ar bhailíocht nó ar in-fhorfheidhmitheacht gnímh dlí a bheith i gcomhréir leis na himthosca faoina bhfuil éifeacht dlí ag an ngníomh sin. Ba chearta áireamh in imthosca den sórt sin rún an fhéichiúnaí, eolas an chontrapháirtí nó an ré ama idir éifeacht dlí a bheith ag an ngníomh dlí agus tús na n-imeachtaí dócmhainneachta. Dá bhrí sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na forais shonracha seachanta éagsúla atá bunaithe ar phatrúin choiteanna agus thipiciúla fíoras agus ar cheart dóibh na réamhriachtanais ghinearálta le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta a chomhlánú. Ba cheart aon chur isteach na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú chomh maith.

(8) I gcomhthéacs gníomhaíochtaí seachanta, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir gníomhartha dlí ina raibh éileamh an chontrapháirtí dlite agus in-fhorfheidhmithe agus inar sásaíodh é ar an mbealach dlite (cumhdaigh iomchuí) agus na gníomhartha sin nach raibh an fheidhmíocht i gcomhréir go hiomlán le héileamh an chreidiúnaí (cumhdaigh mhíchuí). Áirítear ar chumhdaigh mhíchuí, go háirithe, íocaíochtaí roimh am, sásamh le modhanna íocaíochtaí as an ngnáth, urrús comhthaobhach a sholáthar ina dhiaidh sin maidir le héileamh nach bhfuil faoi urrús go fóill agus nach bhfuil comhaontaithe cheana féin sa chomhaontú fiachais bunaidh, ceart foirceanta urghnách nó leasuithe eile nach bhforáiltear dóibh sa bhunchonradh a dheonú, tarscaoileadh cosaintí dlíthiúla nó agóidí dlíthiúla nó aitheantas a thabhairt d'fhiachas díospóideach. I gcás cumhdaigh iomchuí, ní féidir foras seachanta na roghanna tosaíochta a agairt ach amháin má bhí a fhios ag creidiúnaí an ghnímh dlí ar féidir a dhearbhú go raibh sé ar neamhní, nó más ceart gurbh eol dó, tráth an idirbhirt go raibh an féichiúnaí dócmhainneach.

(9) Cumhdaigh iomchuí áirithe, is é sin gníomhartha dlí a dhéantar go díreach in aghaidh comaoin chóir chun tairbhe an eastáit dócmhainneachta, ba cheart na cumhdaigh sin a dhíolmhú ó raon feidhme gníomhartha dlí ar féidir a dhearbhú go bhfuil siad ar neamhní. Is é is aidhm do na gníomhartha dlí sin tacú le gnáthghníomhaíocht laethúil ghnólacht an fhéichiúnaí. Ba cheart bunús conarthach a bheith ag gníomhartha dlí a thagann faoin eisceacht sin, agus ba cheart go gceanglófar leo malartú díreach feidhmíochtaí frithpháirteacha , ach ní gá malartú comhuaineach feidhmíochtaí a bheith ann, ós rud é, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh moilleanna dosheachanta a bheith mar thoradh ar imthosca praiticiúla. Mar sin féin, níor cheart deonú creidmheasa a chumhdach leis an díolúine sin. Thairis sin, ba cheart coibhéis luacha a bheith ag feidhmíocht agus frithfheidhmíocht sna gníomhartha dlí sin. An tráth céanna, ba cheart an fhrithfheidhmíocht a bheith chun tairbhe an eastáit seachas chun tairbhe tríú páirtí. Ba cheart a chumhdach, go háirithe, leis an eisceacht sin, íocaíocht phras tráchtearraí, pá, nó táillí seirbhíse, go háirithe do chomhairleoirí dlíthiúla nó eacnamaíocha; íocaíocht le hairgead nó le cárta as na hearraí is gá le haghaidh ghníomhaíocht laethúil an fhéichiúnaí; seachadadh earraí, táirgí nó seirbhísí in aghaidh íocaíochta trína chur ar ais; cruthú cirt urrúis in aghaidh eisíoc na hiasachta; íocaíocht phras táillí poiblí in aghaidh comaoine (e.g. cead isteach ar láithreacha poiblí nó ar institiúidí poiblí).

(10) Maoiniúchán nua nó eatramhach a chuirtear ar fáil le linn iarracht athstruchtúraithe, lena n-áirítear le linn nós imeachta dócmhainneachta coisctheach faoi Theideal II de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], ba cheart an maoiniúchán sin a chosaint in imeachtaí dócmhainneachta ina dhiaidh sin. Dá réir sin, níor cheart gníomhaíochtaí seachanta ar fhoras roghanna tosaíochta a cheadú in aghaidh íocaíochtaí le soláthraithe maoiniúcháin nua nó eatramhaigh den sórt sin ná in aghaidh soláthar urrúis chomhthaobhaigh i bhfabhar na soláthraithe sin, má dhéantar na híocaíochtaí nó an soláthar urrúis chomhthaobhaigh sin i gcomhréir le héilimh na soláthraithe. Dá bhrí sin, ba cheart íocaíochtaí nó soláthar urrúis chomhthaobhaigh den sórt sin a mheas mar ghníomhartha dlí a dhéantar go díreach in aghaidh comaoin chóir chun tairbhe an eastáit dócmhainneachta.

---

[33] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

(11) Nuair a dhearbhaítear go bhfuil gníomh dlí ar neamhní in imeachtaí seachanta, is é an phríomhthoradh a bhaineann leis sin an oibleagáid atá ar an bpáirtí a thairbhíonn den ghníomh dlí ar dearbhaíodh é a bheith ar neamhní an t-eastát dócmhainneachta a chúiteamh as an díobháil a rinne an gníomh dlí sin. Ba cheart díolaíochtaí, i gcás inarb ábhartha, agus ús, i gcomhréir leis an dlí shibhialta ghinearálta is infheidhme, a bheith san áireamh i gcás cúitimh. Tugann an cúiteamh le tuiscint go n-íocfar suim atá comhionann le luach na feidhmíochta a fuarthas murar féidir í a thabhairt ar ais *in natura* don eastát dócmhainneachta.

(12) De ghnáth bíonn buntáiste faisnéise maidir le staid airgeadais an fhéichiúnaí ag páirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí, amhail gaolta i gcás inar duine nádúrtha é an féichiúnaí nó gníomhaithe a chomhlíonann róil chinntitheacha i ndáil le féichiúnaí ar eintiteas dlítheanach é. Chun iompraíochtaí mí-úsáideacha a chosc, ba cheart coimircí breise a bhunú. Dá réir sin, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí seachanta, ba cheart toimhdí dlíthiúla maidir leis an eolas faoi na himthosca ar a raibh na coinníollacha i ndáil le seachaint bunaithe a thabhairt isteach nuair is páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an páirtí eile a bhfuil baint aige leis an ngníomh dlí ar féidir a dhearbhú go bhfuil sé ar neamhní. Ba cheart na toimhdí sin a bheith infhrisnéise agus ba cheart é a bheith d'aidhm acu an dualgas cruthúnais a aisiompú chun tairbhe an eastáit dócmhainneachta.

(13) Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar na deiseanna atá ag cleachtóirí dócmhainneachta sócmhainní ar leis an eastát dócmhainneachta iad a shainaithint agus a rianú, chun luach an eastáit sin a uasmhéadú. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, féadfaidh cleachtóirí dócmhainneachta rochtain a fháil, cheana féin, ar fhaisnéis atá i gcláir sonraí phoiblí a bunaíodh go páirteach le dlí an Aontais agus atá idirnasctha ar an leibhéal Eorpach, amhail Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS), Córas Idirnasctha na gClár Dócmhainneachta (IRI) nó Córas um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS). Mar sin féin, is minic nach mbíonn rochtain ar an bhfaisnéis a choimeádtar i mbunachair sonraí poiblí sásúil chun na sócmhainní tábhachtacha atá nó ba cheart a bheith in imlíne an eastáit dócmhainneachta a shainaithint agus a rianú. Go háirithe, bíonn deacrachtaí praiticiúla ag cleachtóirí dócmhainneachta nuair a dhéanann siad iarracht rochtain a fháil ar chláir sócmhainní atá lonnaithe thar lear.

(14) Dá bhrí sin, is gá forálacha a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach nó indíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis a choimeádtar i mbunachair sonraí nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas in imeachtaí dócmhainneachta.

(15) Is minic a bhíonn rochtain dhíreach phras ar chlárlanna láraithe cuntas bainc nó ar chórais aisghabhála sonraí fíor-riachtanach chun luach an eastáit dócmhainneachta a uasmhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos lena ndeonófaí rochtain dhíreach ar fhaisnéis a choimeádtar i gclárlanna láraithe cuntas bainc nó i gcórais aisghabhála sonraí do chúirteanna ainmnithe na mBallstát a bhfuil dlínse acu in imeachtaí dócmhainneachta. I gcás ina gcuireann Ballstát rochtain ar fáil ar fhaisnéis cuntas bainc trí chóras lárnach leictreonach aisghabhála sonraí, ba cheart don Bhallstát sin a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás atá ag oibriú an chórais aisghabhála torthaí cuardaigh a thuairisciú do na cúirteanna ainmnithe ar bhealach láithreach agus neamhscagtha.

(16) Chun an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais a urramú, níor cheart rochtain dhíreach agus láithreach ar chlárlanna cuntas bainc a dheonú ach amháin do chúirteanna a bhfuil dlínse acu in imeachtaí dócmhainneachta

agus atá ainmnithe ag na Ballstáit chun na críche sin. Dá bhrí sin, níor cheart cead a thabhairt do chleachtóirí dócmhainneachta rochtain a fháil ar fhaisnéis a choimeádtar sna clárlanna cuntas bainc ach go hindíreach trína iarraidh ar na cúirteanna ainmnithe ina mBallstát féin rochtain a fháil ar na cuardaigh agus na cuardaigh a dhéanamh.

(17) Le Treoir (AE) YYYY/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] [*Oifig na bhFoilseachán: Treoir a chuirtear in ionad Threoir 2015/849*] déantar foráil go bhfuil na sásraí uathoibrithe láraithe idirnasctha trí phointe rochtana aonair na gclár cuntas bainc (CCB) agus go bhfuil siad le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún. I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na gcásanna dócmhainneachta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu agus thábhacht na faisnéise ábhartha airgeadais chun luach an eastáit dócmhainneachta a uasmhéadú in imeachtaí dócmhainneachta, ba cheart do na cúirteanna náisiúnta ainmnithe a bhfuil dlínse acu in ábhair dócmhainneachta a bheith in ann rochtain dhíreach a fháil ar chlárlanna láraithe cuntas bainc na mBallstát eile agus cuardach díreach a dhéanamh orthu trí phointe rochtana aonair CCB arna chur ar bun de bhun Threoir (AE) BBBB/XX [*Oifig na bhFoilseachán: Treoir a chuirtear in ionad Threoir 2015/849*].

(18) Maidir le haon sonraí pearsanta a fhaightear faoin Treoir seo, níor cheart do na cúirteanna ainmnithe agus na cleachtóir dócmhainneachta iad a phróiseáil i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí is infheidhme ach amháin nuair is gá sin agus nuair is comhréireach sin chun sócmhainní ar le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí iad a shainaithint agus a rianú in imeachtaí dócmhainneachta atá idir lámha.

(19) Áirithítear le Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] go ndeonófar rochtain do dhaoine atá in ann leas dlisteanach a léiriú ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a bhaineann le hiontaobhas agus cineálacha eile socruithe dlíthiúla, i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint sonraí. Deonaítear rochtain do na daoine sin ar fhaisnéis faoi ainm, mí agus bliain bhreithe agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil, maille le cineál agus méid an leasa thairbhiúil atá ar teachtadh. Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh rochtain thapa agus éasca ag cleachtóirí dócmhainneachta ar an tacar faisnéise sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh chun sócmhainní a rianú i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta atá ar siúl faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú gur leas dlisteanach é rochtain na gcleachtóirí dócmhainneachta i gcás den sórt sin. An tráth céanna, níor cheart raon feidhme na sonraí a bhfuil rochtain dhíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta orthu a bheith níos leithne ná raon feidhme na sonraí a bhfuil rochtain ag páirtithe eile a bhfuil leas dlisteanach acu orthu.

(20) Chun a áirithiú gur féidir sócmhainní a rianú go héifeachtúil i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta trasteorann, ba cheart rochtain ghasta a thabhairt do chleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar i mBallstát ar chláir sócmhainní freisin nuair is i mBallstát eile atá na cláir sin lonnaithe. Dá bhrí sin, níor cheart na coinníollacha rochtana a bhfuil feidhm acu maidir le cleachtóirí dócmhainneachta eachtracha a bheith níos ciotaí ná na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le cleachtóirí dócmhainneachta intíre.

---

34 IO

35 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

(21) I gcomhthéacs leachtú dócmhainneach, le dlíthe dócmhainneachta náisiúnta ba cheart foráil a dhéanamh maidir le réadú shócmhainní an ghnólachta tríd an ngnólacht nó cuid de a dhíol mar ghnóthas leantach. Sa chomhthéacs seo, is éard ba cheart a bheith i gceist le 'díol mar ghnóthas leantach' aistriú an ghnólachta, go hiomlán nó go páirteach, chuig faighteoir ar bhealach ina bhféadfaidh an gnólacht (nó cuid de) leanúint de bheith ag feidhmiú mar aonad atá táirgiúil go heacnamaíoch. Ba cheart díol mar ghnóthas leantach a thuiscint mar a mhalairt de dhíol shócmhainní an ghnólachta píosa ar phíosa (leachtú píosa ar phíosa).

(22) Glactar leis go ginearálta gur féidir luach níos mó a aisghabháil faoi leachtú tríd an ngnólacht (nó cuid de) a dhíol mar ghnóthas leantach seachas trí leachtú píosa ar phíosa. Chun díolacháin mar ghnóthas leantach a chur chun cinn sa leachtú, ba cheart imeacht réamhphaca a áireamh sna córais náisiúnta dócmhainneachta, is é sin imeacht ina ndéanann an féichiúnaí atá i gcruachás airgeadais, le cuidiú ó 'mhonatóir', faighteoirí leasmhara a d'fhéadfadh a bheith ann a lorg agus díol an ghnólachta mar ghnóthas leantach a ullmhú sula dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta go foirmiúil, ionas gur féidir na sócmhainní a réadú go tapa go luath tar éis na himeachtaí foirmiúla dócmhainneachta a thionscnamh. Ba cheart dhá chéim a bheith sna himeachtaí réamhphaca, is iad sin céim ullmhúcháin agus céim leachtaithe.

(23) Chun na himeachtaí réamhphaca a bhainistiú go héifeachtach, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gcúirt a dtabharfar na himeachtaí sin os a comhair cinneadh a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann go dlúth le díol réamhphaca an ghnólachta nó coda de.

(24) Ba cheart a áirithiú leis na himeachtaí réamhphaca nach molfadh an monatóir a cheapfar le linn chéim an ullmhúcháin an tairiscint is fearr a fuarthas le linn an phróisis díola lena húdarú ag an gcúirt ach amháin má dhearbhaíonn sé, dar leis féin, nach ngnóthódh an leachtú píosa ar phíosa luach i bhfad níos mó do chreidiúnaithe ná an praghas margaidh a fuarthas don ghnólacht (nó chuid de) mar ghnóthas leantach. De ghnáth, bíonn an luach gnóthais leantaigh níos airde ná an luacháil leachtaithe píosa ar phíosa toisc go bhfuil sí bunaithe ar an dtoimhde go leanann an gnólacht dá chuid gníomhaíochta leis an gcur isteach is lú is féidir, go bhfuil muinín na gcreidiúnaithe airgeadais, na scairshealbhóirí agus na gcliant aige agus go leanann sé de bheith ag giniúint ioncaim. Dá bhrí sin, níor cheart a éileamh le dearbhú an mhonatóra go ndéanfaí luacháil i ngach cás. Níor cheart don mhonatóir ach teacht ar an gconclúid go réasúnta nach bhfuil an praghas díola i bhfad níos ísle ná na fáltais a d'fhéadfaí a aisghabháil trí leachtú píosa ar phíosa. Mar sin féin, ba cheart grinnscrúdú méadaithe a éileamh ar an monatóir nó ar an gcleachtóir dócmhainneachta i gcásanna gur páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí a dhéanann an t-aon tairiscint atá ann cheana. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don mhonatóir nó don chleachtóir dócmhainneachta an tairiscint a dhiúltú mura gcomhlíonann sé tástáil leas na gcreidiúnaithe.

(25) Chun a ráthú go ndíolfar an gnólacht ag an luach margaidh is fearr le linn na n-imeachtaí réamhphaca, ba cheart do na Ballstáit ardchaighdeáin iomaíochais, trédhearcachta agus cothroime a áirithiú sa phróiseas díola a dhéanfar le linn chéim an ullmhúcháin, nó ba cheart dóibh foráil a dhéanamh go reáchtálfaidh an chúirt ceant poiblí gearr tar éis céim leachtaithe na n-imeachtaí a thionscnamh.

(26) Má roghnaíonn Ballstát ardchaighdeáin a éileamh le linn chéim an ullmhúcháin, ba cheart don mhonatóir (a cheapfar ina dhiaidh sin mar chleachtóir dócmhainneachta le linn chéim an leachtaithe) a bheith freagrach as a áirithiú go mbeidh an próiseas díola

iomaíoch, trédhearcach, cothrom agus go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin an mhargaidh. Chun caighdeáin an mhargaidh a chomhlíonadh sa chomhthéacs sin, ba cheart a éileamh go mbeadh an próiseas comhoiriúnach do na rialacha caighdeánacha agus don chleachtas caighdeánach maidir le cumaisc agus éadálacha sa Bhallstát lena mbaineann, lena n-áirítear cuireadh do pháirtithe a d'fhéadfadh leas a bheith acu páirt a ghlacadh sa phróiseas díola, an fhaisnéis chéanna a nochtadh do cheannaitheoirí ionchasacha, feidhmiú díchill chuí ag faighteoirí leasmhara a chumasú, agus tairiscintí ó na páirtithe leasmhara a fháil trí phróiseas struchtúrtha.

(27) Má roghnaíonn Ballstát foráil a dhéanamh go reáchtálfaidh an chúirt ceant poiblí tar éis chéim an leachtaithe a oscailt, ba cheart an tairiscint a roghnaigh an monatóir le linn chéim an ullmhúcháin a úsáid mar thairiscint tosaigh ('tairiscint capaill stalcaireachta') le linn an cheant. Ba cheart don féichiúnaí a bheith in ann dreasachtaí a thairiscint don 'tairgeoir capaill stalcaireachta' trí chomhaontú, go háirithe, maidir le haisíocaíochtaí costas nó táillí briste i gcás ina roghnaítear tairiscint níos fearr tríd an gceant poiblí. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na dreasachtaí sin a thugann na féichiúnaithe do na 'tairgeoirí capaill suiteála' le linn chéim an ullmhúcháin comhréireach agus nach gcuirfidh siad tairgeoirí eile a bhféadfadh spéis a bheith acu ó pháirt a ghlacadh sa cheant poiblí le linn chéim an leachtaithe.

(28) Conarthaí faoina bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh fós ar na páirtithe (conarthaí le comhlíonadh) agus ar oibleagáidí iad atá riachtanach chun leanúint d'oibríochtaí gnó, níor cheart foirceannadh luath na gconarthaí sin a bheith mar thoradh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. Dá ndéanfaí foirceannadh den sórt sin, chuirfí luach an ghnólachta, nó coda de, a bheadh le díol sna himeachtaí réamhphaca i mbaol míchuí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go sannfar na conarthaí sin d'fhaighteoir ghnólacht an fhéichiúnaí nó coda de, fiú gan toiliú chontrapháirtí an fhéichiúnaí sna conarthaí sin. Mar sin féin, tá cásanna ann nach féidir coinne a bheith leis go réasúnta go sannfar na conarthaí le comhlíonadh sin, amhail nuair is iomaitheoir de chuid chontrapháirtí an chonartha é an faighteoir. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh an chúirt teacht ar an gconclúid i measúnú aonair ar chonradh le comhlíonadh go bhfónfadh foirceannadh an chonartha sin do leasanna ghnólacht an fhéichiúnaí níos fearr ná a shannadh, amhail nuair a bheadh ualach díréireach ar an ngnólacht mar thoradh ar shannadh an chonartha. Mar sin féin, níor cheart cead a thabhairt don chúirt conarthaí le comhlíonadh a bhaineann le ceadúnais ceart maoine intleachtúla agus tionsclaíche a fhoirceannadh, mar gur príomh-chomhpháirteanna in oibríochtaí an ghnólachta atá á dhíol iad de ghnáth.

(29) Dá mbeadh an deis ann cearta suibscríbhinne a fhorfheidhmiú le linn an phróisis díola, dhéanfaí an iomaíocht sna himeachtaí réamhphaca a shaobhadh. D'fhéadfadh tairgeoirí ionchasacha staonadh ó thairiscint a dhéanamh mar gheall ar chearta a chuirfeadh a dtairiscintí i leataobh ar discréid an tsealbhóra, gan beann ar an am agus ar na hacmhainní a infheistíodh agus ar luach eacnamaíoch na tairisceana. Chun a áirithiú gurb é an praghas is fearr atá ar fáil ar an margadh a bheidh i gceist leis an tairiscint bhuach, níor cheart cearta suibscríbhinne a dheonú do thairgeoirí, ná níor cheart cearta den sórt sin a fhorfheidhmiú le linn an phróisis tairisceana. Maidir le sealbhóirí ceart suibscríbhinne a deonaíodh sular cuireadh tús leis na himeachtaí réamhphaca, ba cheart cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana, seachas a rogha a agairt.

(30) Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt do chreidiúnaithe urraithe páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana sna himeachtaí réamhphaca trí mhéid a n-éileamh urraithe a

thairiscint mar chomaoin chun na sócmhainní a bhfuil urrús ina seilbh acu orthu a cheannach (tairiscint creidmheasa). Níor cheart tairiscint creidmheasa a úsáid, áfach, ar bhealach a thugann buntáiste míchuí sa phróiseas tairisceana do chreidiúnaithe urraithe, amhail nuair atá méid a n-éilimh urraithe in aghaidh shócmhainní an fhéichiúnaí os cionn luach margaidh an ghnólachta.

(31) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle[36] ná níor cheart don Treoir seo cosc a chur ar na Ballstáit córais náisiúnta rialaithe cumasc a fhorfheidhmiú. Agus an tairiscint is fearr á roghnú, ba cheart cead a bheith ag an monatóir na rioscaí rialála a eascraíonn as tairiscintí a éilíonn údarú na n-údarás iomaíochta a chur san áireamh agus féadfaidh sé dul i gcomhairle leis na húdaráis sin má cheadaítear sin faoi na rialacha is infheidhme. Ba cheart é a bheith fós de fhreagracht ar na tairgeoirí an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil chun na rioscaí sin a mheasúnú agus dul i dteagmháil go tráthúil leis na húdaráis inniúla iomaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Chun cur leis an dóchúlacht go n-éireoidh le nósanna imeachta, más ann do thairiscint lena mbaineann rioscaí den sórt sin, ba cheart é a chur de cheangal ar an monatóir a ról a chomhlíonadh ar bhealach a n-éascaíonn cur i láthair tairiscintí malartacha.

(32) Déanann na stiúrthóirí maoirseacht ar bhainistiú gnóthaí eintitis dhlítheanaigh agus bíonn an forléargas is fearr acu ar a staid airgeadais. Dá bhrí sin, is iad na stiúrthóirí a bhíonn ar na chéad daoine ar an eolas an bhfuil eintiteas dlítheanach ag dul i dtreo na dócmhainneachta nó dócmhainneach. Má chomhdaíonn na stiúrthóirí iarratas ar dhócmhainneacht go déanach, d'fhéadfadh luachanna aisghabhála níos ísle do chreidiúnaithe teacht as sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit oibleagáid a thabhairt isteach ar stiúrthóirí iarraidh a chur isteach ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh laistigh de thréimhse shonraithe ama. Ba cheart do na Ballstáit a shainiú freisin cé ar cheart feidhm a bheith ag dualgais na stiúrthóirí maidir leo, agus é á chur san áireamh gur cheart coincheap an 'stiúrthóra' a léamh ar bhealach leathan, chun gach duine a chumhdach atá i gceannas ar chinntí tábhachtacha i ndáil le bainistiú eintitis dhlítheanaigh a dhéanamh, mar aon le gach duine a dhéanann na cinntí sin i ndáiríre, nó gach duine ar cheart dó na cinntí sin a dhéanamh.

(33) Chun a áirithiú nach ngníomhóidh stiúrthóirí chun a leasa féin trí mhoill a chur ar chur isteach iarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, d'ainneoin comharthaí dócmhainneachta, ba cheart do na Ballstáit forálacha a leagan síos faoina mbeidh stiúrthóirí faoi dhliteanas sibhialta i leith sárú ar an dualgas iarraidh den sórt sin a thíolacadh. Sa chás sin, ba cheart do na stiúrthóirí na creidiúnaithe a chúiteamh as na damáistí a eascraíonn as an meath ar luach aisghabhála an eintitis dhlítheanaigh i gcomparáid leis an gcás ina gcuirfí an iarraidh isteach in am. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le dliteanas sibhialta stiúrthóirí a bhaineann le hiarratas ar dhócmhainneacht a chomhdú, ar rialacha is déine iad ná na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo.

(34) Is minic a bhíonn micrifhiontair i bhfoirm dílseánachtaí aonair nó comhpháirtíochtaí beaga nach bhfuil cosaint dliteanais theoranta ag bunaitheoirí, úinéirí nó comhaltaí acu agus, dá bhrí sin, bíonn siad neamhchosanta ar dhliteanas neamhtheoranta i leith fiacha gnó. I gcás ina bhfeidhmíonn micrifhiontair mar eintitis faoi dhliteanas teoranta, is iondúil go mbíonn cosaint dliteanais theoranta meabhlach d'úinéirí micrifhiontar toisc

[36] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 024 29.1.2004, lch. 1)

gur minic a mbítear ag súil go ndéanfaidh siad fiacha gnó a urrú trí úsáid a bhaint as a sócmhainní pearsanta féin mar chomhthaobhacht. Thairis sin, ós rud é go mbíonn micrifhiontair ag brath go mór ar íocaíochtaí óna gcliaint, is minic a bhíonn fadhbanna sreafa airgid acu agus rioscaí mainneachtana níos airde acu freisin a eascraíonn as caillteanas comhpháirtí gnó shuntasaigh nó as íocaíochtaí déanacha óna gcliaint. Ina theannta sin, bíonn ar mhicrifhiontair aghaidh a thabhairt freisin ar ghanntanas caipitil oibre, rátaí úis níos airde agus ceanglais chomhthaobhachta níos mó, rud a fhágann go mbíonn sé deacair maoiniú a thiomsú, go háirithe i gcásanna anás airgeadais, mura bhfuil sé dodhéanta fiú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeidís i mbaol dócmhainneachta níos minice ná fiontair níos mó.

(35) Ní bhíonn rialacha náisiúnta maidir le dócmhainneacht oiriúnach i gcónaí chun déileáil le micrifhiontair dhócmhainneacha ar bhealach ceart comhréireach. Agus saintréithe uathúla micrifhiontar agus a riachtanais shonracha in anás airgeadais á gcur san áireamh, ba cheart aitheantas a thabhairt go háirithe don ghá atá le nósanna imeachta níos tapúla, níos simplí agus inacmhainne, agus ba cheart imeachtaí dócmhainneachta ar leith a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Cé nach bhfuil feidhm ag forálacha na Treorach seo a bhaineann le himeachtaí foirceanta simplithe ach maidir le micrifhiontair, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a gcur i bhfeidhm a leathnú chun fiontair bheaga agus mheánmhéide nach micrifhiontair iad a chumhdach.

(36) Is iomchuí a áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit seoladh agus formhaoirseacht imeachtaí foirceanta simplithe a chur de chúram ar údarás inniúil, údarás ar cúirt nó comhlacht riaracháin é. Bheadh an rogha ag brath, i measc nithe eile, ar chórais riaracháin agus dlí na mBallstát chomh maith le hacmhainneacht na gcúirteanna agus an gá atá le cost-éifeachtúlacht agus luas na n-imeachtaí a áirithiú.

(37) Is iad an tástáil scoir íocaíochtaí agus an tástáil cláir chomhardaithe an dá thruicear is gnách i measc na mBallstát chun gnáthimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh an tástáil cláir chomhardaithe indéanta i gcás féichiúnaithe ar micrifhiontair iad, go háirithe nuair is fiontraí aonair é an féichiúnaí, mar gheall ar easpa taifid chuí agus idirdhealú soiléir a d'fhéadfadh a bheith ann idir sócmhainní agus dliteanais phearsanta agus sócmhainní agus dliteanais ghnó. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an neamhábaltacht fiachais a íoc de réir mar a thagann siad in aibíocht an critéar chun imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh. Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha sonracha faoina gcomhlíontar an critéar sin a shainiú freisin, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha sin soiléir, simplí agus infhionnta go héasca ag an micrifhiontar lena mbaineann.

(38) Chun imeachtaí foirceanta simplithe atá cost-éifeachtach agus gasta a bhunú do mhicrifhiontair, ba cheart spriocdhátaí gearra a thabhairt isteach. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart íoslaghdú a dhéanamh ar fhoirmiúlachtaí maidir le gach céim den nós imeachta, lena n-áirítear chun na himeachtaí a thionscnamh, chun éilimh a thaisceadh agus glacadh leo, chun an t-eastát dócmhainneachta a bhunú agus chun na sócmhainní a réadú. Ba cheart foirm chaighdeánach a úsáid chun iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus ba cheart modhanna leictreonacha a úsáid le haghaidh gach cumarsáide idir an t-údarás inniúil, agus i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, agus na páirtithe sna himeachtaí.

(39) Ba cheart do gach micrifhiontar a bheith in ann imeachtaí a thionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar a ndeacrachtaí airgeadais agus chun urscaoileadh a fháil. Níor cheart rochtain ar imeachtaí foirceanta simplithe a bheith ag brath ar chumas an

mhicrifhiontair costais riaracháin na n-imeachtaí sin a chumhdach. Le dlíthe na mBallstát, ba cheart rialacha a thabhairt isteach chun na costais a bhaineann le riar na n-imeachtaí foirceanta simplithe a chumhdach i gcás nach leor sócmhainní agus foinsí ioncaim an fhéichiúnaí chun na costais sin a chumhdach.

(40) In imeachtaí foirceanta simplithe, is gnách nach gá cleachtóir dócmhainneachta a cheapadh i bhfianaise na n-oibríochtaí gnó simplí a dhéanann na micrifhiontair, rud a fhágann gur féidir leis an údarás inniúil maoirseacht a dhéanamh orthu, agus gur leor an mhaoirseacht sin. Dá bhrí sin, ba cheart smacht a bheith ag an bhféichiúnaí i gcónaí ar a chuid sócmhainní agus ar oibríocht laethúil an ghnólachta. An tráth céanna, chun a áirithiú gur féidir imeachtaí foirceanta simplithe a sheoladh go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart don fhéichiúnaí, ar thionscnamh na n-imeachtaí agus le linn na n-imeachtaí, faisnéis chruinn iontaofa iomlán a sholáthar maidir lena staid airgeadais agus lena ghnóthaí gnó.

(41) Ba cheart d'fhéichiúnaí ar micrifhiontar é a bheith in ann tairbhe a bhaint as bac sealadach ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair, chun bheith in ann luach an eastáit dócmhainneachta a chaomhnú agus seoladh cothrom ordúil na n-imeachtaí a áirithiú. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit, i gcúinsí dea-shainithe, cead a thabhairt do na húdaráis inniúla éilimh áirithe a eisiamh ó raon feidhme an bhaic.

(42) Ba cheart déileáil le héilimh a bhfuil díospóid fúthu ar bhealach nach gcuirfeadh castacht nach bhfuil aon ghá léi le seoladh imeachtaí foirceanta simplithe le haghaidh micrifhiontar. An fhéidearthacht chun díospóid a dhéanamh maidir le héileamh, féadfar an fhéidearthacht sin a úsáid chun moilleanna nach bhfuil gá leo a chruthú mura féidir déileáil go tapa le héilimh a bhfuil díospóid fúthu. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéileálfar le héileamh a bhfuil díospóid faoi, ba cheart an chumhacht a thabhairt don údarás inniúil leanúint de na himeachtaí foirceanta simplithe i ndáil le héilimh nach bhfuil díospóid fúthu, agus na héilimh sin amháin.

(43) I gcomhthéacs imeachtaí foirceanta simplithe, is é an creidiúnaí nó, i gcás ina gceapfaí é, an cleachtóir dócmhainneachta, agus iad siúd amháin, ar cheart gníomhaíochtaí seachanta a thionscnamh. Agus an cinneadh á dhéanamh ag an údarás inniúil na himeachtaí foirceanta simplithe a thiontú ina ngnáthimeachtaí dócmhainneachta chun imeachtaí seachanta a stiúradh, ba cheart dó breithnithe éagsúla a mheas, lena n-áirítear costas, fad agus castacht réamh-mheasta na n-imeachtaí seachanta, an dóchúlacht go n-aisghabhfar na sócmhainní agus na tairbhí a mheastar a bheidh ann do na creidiúnaithe uile.

(44) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir sócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí foirceanta simplithe a réadú trí cheant breithiúnach poiblí ar líne, má mheasann an t-údarás inniúil gurb iomchuí an modh sin chun sócmhainní a réadú. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar córas ríomhcheantála amháin nó níos mó a choinneáil ar bun ina gcríoch féin chun na gcríoch sin. Ba cheart an oibleagáid sin a bheith gan dochar do na hardáin iolracha atá ann i roinnt Ballstát le haghaidh ceantanna breithiúnacha ar líne de chineálacha sonracha sócmhainní.

(45) Na córais cheantála a oibrítear chun sócmhainní féichiúnaithe a réadú in imeachtaí foirceanta simplithe, ba cheart na córais sin a idirnascadh tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Ba cheart don Tairseach don r-Cheartas feidhmiú mar lárphointe rochtana leictreonaí ar na próisis ceantanna breithiúnacha ar líne a reáchtáiltear sa chóras náisiúnta nó sna córais náisiúnta, feidhmiúlacht maidir le cuardach a sholáthar d'úsáideoirí agus iad a threorú chuig na hardáin náisiúnta ábhartha ar líne má tá sé

beartaithe acu a bheith rannpháirteach sa tairiscint. Agus sonraíochtaí teicniúla an chórais idirnasctha sin á gcinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún, i gcomhréir le 'Cur Chuige an Dá Cholún' de chuid an Choimisiúin[37], toradh na hanailíse ar na réitigh atá ann cheana arna soláthar cheana féin ag an gCoimisiún a chur i láthair leis an bhféidearthacht iad a athúsáid, nó ba cheart dó scagadh margaidh a dhéanamh le haghaidh réitigh thráchtála réamhdhéanta a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bheadh le húsáid sa cháil sin nó gan mórán saincheaptha.

(46) I gcás dócmhainneacht féichiúnaí ar micrifhiontar ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta é, na daoine aonair atá faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha an fhéichiúnaí, níor cheart dóibh a bheith faoi dhliteanas pearsanta i leith éilimh nár íocadh tar éis leachtú eastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, in imeachtaí foirceanta simplithe, go ndéanfar féichiúnaithe ar fiontraithe iad, chomh maith leis na bunaitheoirí, úinéirí nó comhaltaí sin ar féichiúnaí ar micrifhiontar ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta iad, agus atá faoi dhliteanas pearsanta as fiacha an mhicrifhiontair faoi réir imeachtaí foirceanta simplithe, go ndéanfar iad a urscaoileadh go hiomlán óna bhfiacha. Chun urscaoileadh den sórt sin a dheonú, ba cheart do na Ballstáit Teideal III de Threoir (AE) 2019/1023 a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*.

(47) Tá sé tábhachtach cothromaíocht chóir a áirithiú idir leasanna an fhéichiúnaí agus leasanna na gcreidiúnaithe in imeachtaí dócmhainneachta. Le coistí creidiúnaithe, is féidir leis na creidiúnaithe a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí dócmhainneachta, go háirithe i gcás ina gcuirfí bac ar chreidiúnaithe a bheith rannpháirteach ina n-aonar murach sin, mar gheall ar acmhainní teoranta, ar thábhacht eacnamaíoch a n-éileamh nó ar a fhad atá siad ar shiúl ó na himeachtaí. Is féidir le coistí creidiúnaithe cuidiú go háirithe le creidiúnaithe trasteorann a gcearta a fheidhmiú ar bhealach níos fearr agus a áirithiú go gcaithfear go cothrom leo. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt coiste creidiúnaithe a bhunú a luaithe a thionscnófar na himeachtaí. Níor cheart coiste creidiúnaithe a bhunú ach amháin ar choinníoll go gcomhaontaíonn na creidiúnaithe é sin a dhéanamh. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt é a bhunú freisin sula dtionscnófar na himeachtaí agus tar éis go gcomhdófar iarratas ar dhócmhainneacht. Sa chás sin, áfach, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go gcomhaontóidh na creidiúnaithe go leanfar ar aghaidh leis an gcoiste agus le comhdhéanamh an choiste féin ag an gcruinniú ginearálta. Mura n-aontaíonn na creidiúnaithe le comhdhéanamh an choiste, féadfaidh siad coiste creidiúnaithe nua a bhunú freisin.

(48) An costas a bhaineann le coiste creidiúnaithe a bhunú agus a oibriú, ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an luach a ghinfeadh sé. Níor cheart bonn cirt a bheith le bunú an choiste creidiúnaithe sna cásanna sin ina bhfuil costas a bhunaithe agus a oibríochtaí i bhfad níos airde ná ábharthacht eacnamaíoch na gcinntí a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás nach bhfuil go leor creidiúnaithe ann, i gcás go bhfuil sciar beag den éileamh in aghaidh an fhéichiúnaí ag tromlach mór na gcreidiúnaithe nó i gcás ina bhfuil an aisghabháil ionchasach ón eastát dócmhainneachta in imeachtaí dócmhainneachta i bhfad níos ísle ná an costas a

[37] Maidir le réitigh dhigiteacha, baineann cur chuige an dá cholún le réitigh atá ann cheana a athúsáid, lena n-áirítear bloic thógála chorparáideacha, sula ndéantar réitigh mhargaidh réamhdhéanta a mheas. Is é an fhorbairt shaincheaptha an rogha dheireanach. Féach *European Commission digital strategy Next generation digital Commission* [Straitéis dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh - An chéad ghlúin eile den Choimisiún Digiteach], C(2022) 4388 final, lch. 13.

bhaineann le cur ar bun agus oibriú an choiste creidiúnaithe. Tarlaíonn sé sin go háirithe i gcásanna dócmhainneachta micrifhiontar.

(49) Ba cheart do na Ballstáit na ceanglais, na dualgais agus na nósanna imeachta maidir le ceapadh chomhaltaí choiste na gcreidiúnaithe a shoiléiriú, chomh maith leis na feidhmeanna a shanntar don choiste creidiúnaithe. Ba cheart an rogha a thabhairt do na Ballstáit a chinneadh ar cheart an ceapachán a dhéanamh ag cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe nó ag an gcúirt. Chun moilleanna míchuí ar chur ar bun an choiste creidiúnaithe a sheachaint, ba cheart na comhaltaí a cheapadh go gasta. Ba cheart do na Ballstáit freastal ar ionadaíocht chothrom na gcreidiúnaithe sa choiste agus a áirithiú nach gcuirfear cosc ar rannpháirtíocht sa choiste creidiúnaithe i gcás creidiúnaithe nach bhfuil a n-éileamh glactha go fóill nó i gcás creidiúnaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile.

(50) Tá tábhacht ar leith ag baint le hionadaíocht chóir na gcreidiúnaithe sa choiste creidiúnaithe i ndáil le creidiúnaithe neamhurraithe ar micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide iad, creidiúnaithe atá, i gcás dócmhainneacht féichiúnaí ar fiontar mór é, neamhchosanta ar dhócmhainneacht freisin, mura n-íoctar go pras é (éifeacht na ndúradán). Le hionadaíocht chuí ar choiste creidiúnaithe na gcreidiúnaithe sin, d'fhéadfaí a áirithiú go bhfaigheadh siad a gcodanna níos gasta le linn dháileadh na bhfáltas aisghafa.

(51) Ba cheart go mbeadh sé mar chúram tábhachtach ar an gcoiste creidiúnaithe a fhíorú go seoltar na himeachtaí dócmhainneachta ar bhealach a chosnaíonn leasanna na gcreidiúnaithe. Ról an choiste maidir le faireachán a dhéanamh ar chothroime agus ar shláine na n-imeachtaí, ní féidir é sin a dhéanamh go héifeachtach ach amháin má ghníomhaíonn an coiste creidiúnaithe agus a chomhaltaí go neamhspleách ar an gcleachtóir dócmhainneachta agus mura bhfuil siad cuntasach do na creidiúnaithe a bhunaigh é, agus do na creidiúnaithe sin amháin.

(52) Ba cheart an líon comhaltaí sa choiste creidiúnaithe a bheith, ar thaobh amháin, sách mór chun éagsúlacht tuairimí agus leasanna sa choiste a áirithiú agus, ar an taobh eile, chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go tráthúil. Ba cheart do na Ballstáit a shoiléiriú cathain agus conas is gá comhdhéanamh an choiste a athrú, rud a tharlódh mura mbeadh na hionadaithe in ann gníomhú a thuilleadh, lena n-áirítear ar mhaithe le leas na gcreidiúnaithe, nó más mian leo tarraingt siar. Ba cheart dóibh soiléiriú a thabhairt freisin ar na coinníollacha maidir le comhaltaí a ghníomhaigh gan staonadh i gcoinne leas na gcreidiúnaithe a chur as oifig.

(53) Beidh discréid ag comhaltaí an choiste creidiúnaithe maidir le heagrú na hoibre, fad a bheidh na modhanna oibre dleathach, trédhearcach agus éifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar an gcoiste creidiúnaithe na modhanna oibre a leagan amach, modhanna oibre ina sonrófar conas ba cheart cruinnithe a reáchtáil, cé a d'fhéadfadh a bheith i láthair agus vóta a chaitheamh, agus conas a áirithítear neamhchlaontacht agus rúndacht obair an choiste. Ba cheart go bhféadfaí ról d'ionadaithe fostóirí nó trédhearcacht i leith na gcreidiúnaithe eile a leagan amach freisin sna modhanna oibre sin. Ba cheart do chreidiúnaithe a bheith in ann páirt a ghlacadh agus vóta a chaitheamh go leictreonach nó an ceart vótála a tharmligean chuig tríú duine, ar choinníoll go bhfuil an duine sin údaraithe go cuí. Rachadh an fhéidearthacht sin chun tairbhe go háirithe do chreidiúnaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile.

(54) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé de chumhacht ag an gcúirt modhanna oibre an choiste creidiúnaithe a chinneadh, mura ndéanfar iad a bhunú go gasta. Ba

cheart don Choimisiún gnáthmhodhanna oibre a bhunú lenar cheart cúram an choiste creidiúnaithe a éascú agus laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ag cúirteanna idirghabháil a dhéanamh i gcás nach bhfuil modhanna oibre ann.

(55) Ba cheart cearta leordhóthanacha a thabhairt don choiste creidiúnaithe chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis an gcoiste creidiúnaithe idirghníomhú le cleachtóirí dócmhainneachta, leis na cúirteanna, leis an bhféichiúnaí, le comhairleoirí seachtracha agus leis na creidiúnaithe a ndéanann sé ionadaíocht orthu, de réir mar is gá, chun é a chur ar a chumas don choiste teacht ar dhearcadh agus é a chur in iúl maidir le hábhair a bhfuil leas díreach acu i ndáil le creidiúnaithe agus atá ábhartha dóibh, agus chun an dearcadh sin a chur san áireamh go cuí sna himeachtaí. D'fhéadfadh na Ballstáit an coiste creidiúnaithe a chumhachtú freisin chun cinntí a dhéanamh.

(56) Ós rud é go dtabhaíonn feidhmiú an choiste creidiúnaithe speansais, ba cheart do na Ballstáit a chinneadh roimh ré cé a íocfaidh as na speansais sin. Ba cheart do na Ballstáit coimircí a bhunú freisin lena gcoiscfí laghdú luach aisghabhála an eastáit dócmhainneachta ar bhealach díréireach de thoradh chostais an choiste creidiúnaithe.

(57) Chun creidiúnaithe a spreagadh le bheith ina gcomhaltaí den choiste creidiúnaithe, ba cheart do na Ballstáit a ndliteanas sibhialta aonair a theorannú agus feidhmeanna á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Treoir seo. Mar sin féin, comhaltaí an choiste creidiúnaithe a ghníomhaíonn go calaoiseach nó go faillíoch agus na feidhmeanna sin á ndéanamh acu, féadfar iad a chur as oifig agus féadfar iad a chur faoi dhliteanas i leith a gcuid gníomhaíochtaí. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeadh na comhaltaí faoi dhliteanas aonair i leith na díobhála de dheasca a mí-iompair.

(58) Chun trédhearcacht fheabhsaithe a áirithiú maidir le príomhghnéithe na n-imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta agus chun cuidiú le creidiúnaithe trasteorann go háirithe meastachán a dhéanamh ar an méid a tharlódh dá mbeadh baint ag a gcuid infheistíochtaí le himeachtaí dócmhainneachta, ba cheart rochtain éasca a thabhairt d'infheisteoirí agus d'infheisteoirí ionchasacha ar an bhfaisnéis sin i bhformáid réamhshainithe inchomparáide sholáimhsithe. Ba cheart do na Ballstáit bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis a ullmhú agus a chur ar fáil don phobal. Bheadh an doiciméad sin ríthábhachtach d'infheisteoirí ionchasacha chun measúnú 'tapa' a dhéanamh ar na rialacha maidir le himeachtaí dócmhainneachta i mBallstát ar leith. Ba cheart mínithe leordhóthanacha a bheith ann chun go mbeidh an léitheoir in ann an fhaisnéis atá ann a thuiscint gan dul i muinín aon doiciméad eile. Ba cheart a áireamh go háirithe sa bhileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis faisnéis phraiticiúil maidir leis an truicear dócmhainneachta agus maidir leis na céimeanna atá le glacadh chun a iarraidh go dtionscnófaí imeachtaí dócmhainneachta nó chun éileamh a thaisceadh.

(59) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(60) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach mar go leanfaí de bheith ag cur bacainní ar shaorghluaiseacht caipitil agus ar shaoirse bhunaíochta mar gheall ar na difríochtaí idir creataí dócmhainneachta náisiúnta, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal

na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(61) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt), an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh (Airteagal 15 den Chairt), an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt), an ceart chun maoine (Airteagal 17 den Chairt), ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin (Airteagal 27 den Chairt) chomh maith leis an gceart chun triail chóir a fháil (Airteagal 47(2) den Chairt).

(62) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais chun críocha na Treorach seo.

(63) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach na sonraí foilseacháin*],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Teideal I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha comhchoiteanna maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) gníomhaíochtaí seachanta;

   (b) rianú sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta;

   (c) imeachtaí réamhphaca;

   (d) dualgas na stiúrthóirí iarraidh a chur isteach maidir le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh;

   (e) imeachtaí foirceanta simplithe le haghaidh micrifhiontar;

   (f) coistí creidiúnaithe;

[38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[39] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(g) bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis a tharraingt suas ag na Ballstáit maidir le gnéithe áirithe dá ndlí náisiúnta maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis na himeachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhaineann le féichiúnaithe arb éard atá iontu:

(a) gnóthais árachais nó gnóthais athárachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13 pointí (1) agus (4), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(c) gnólachtaí infheistíochta nó gnóthais chomhinfheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointí (2) agus (7), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) contrapháirtithe lárnacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(e) taisclanna lárnacha urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(f) institiúidí agus eintitis airgeadais eile a liostaítear in Airteagal 1(1), an chéad fhomhír de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(g) comhlachtaí poiblí faoin dlí náisiúnta;

(h) daoine nádúrtha, cé is moite d'fhiontraithe agus, maidir le nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais, na bunaitheoirí, na húinéirí nó na comhaltaí sin ar féichiúnaithe ar micrifhiontair ag a bhfuil dliteanais neamhtheoranta iad agus atá faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha an fhéichiúnaí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'cleachtóir dócmhainneachta' cleachtóir arna cheapadh ag údarás breithiúnach nó riaracháin i nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais dá dtagraítear in Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/1023;

(b) ciallaíonn 'cúirt' comhlacht breithiúnach Ballstáit;

(c) ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás breithiúnach nó riaracháin Ballstáit atá freagrach as imeachtaí foirceanta simplithe a sheoladh nó a mhaoirsiú, nó iad araon, i gcomhréir le Teideal VI den Treoir seo;

(d) ciallaíonn 'clárlanna láraithe cuntas bainc' na sásraí láraithe uathoibrithe, amhail clárlanna lárnacha nó córais lárnacha leictreonacha aisghabhála sonraí, arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 32a(1) de Threoir (AE) 2015/849;

(e) ciallaíonn 'clár úinéireachta tairbhiúla' cláir náisiúnta lárnacha maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil dá dtagraítear in Airteagail 30 agus 31 de Threoir (AE) 2015/849;

(f) ciallaíonn 'gníomh dlí' aon iompraíocht daoine, lena n-áirítear neamhghníomh, a bhfuil éifeacht dhlíthiúil aige;

(g) ciallaíonn ‘conradh le comhlíonadh’ conradh idir féichiúnaí agus contrapháirtí amháin nó níos mó, faoina bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh fós ag na páirtithe tráth thionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta i gcéim an leachtaithe i dTeideal IV ;

(h) ciallaíonn ‘tástáil leas na gcreidiúnaithe’ an tástáil trína ndéantar cinnte nach mbeadh aon chreidiúnaí níos measa as faoi leachtú in imeachtaí réamhphaca ná mar a bheadh creidiúnaí den sórt sin dá gcuirfí gnáthrangú na dtosaíochtaí leachtaithe i bhfeidhm i gcás leachtú píosa ar phíosa;

(i) ciallaíonn ‘maoiniú eatramhach’ aon chúnamh airgeadais nua arna sholáthar ag creidiúnaí atá ann cheana féin nó creidiúnaí nua, ar a áirítear, ar a laghad, cúnamh airgeadais le linn imeachtaí réamhphaca, agus atá réasúnach agus riachtanach láithreach chun go leanfadh gnólacht an fhéichiúnaí, nó cuid den ghnó, air ag feidhmiú, nó chun go ndéanfaí luach an ghnólachta sin a chaomhnú nó a fheabhsú;

(j) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ micrifhiontar de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún;

(k) ciallaíonn ‘micrifhiontar ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta’ micrifhiontar, bíodh pearsantacht dhlítheanach ar leithligh aige nó ná bíodh agus nach bhfuil cosaint ar dhliteanas teoranta aige i leith aon cheann dá bhunaitheoirí, dá úinéirí nó dá chomhaltaí;

(l) ciallaíonn ‘fiontraí’ fiontraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (9) de Threoir (AE) 2019/1023;

(m) ciallaíonn ‘urscaoileadh iomlán fiachais’ i) an cás ina gcoisctear ar fhiachas in-urscaoilte atá fós ann a fhorfheidhmiú i gcoinne fiontraithe nó i gcoinne na ndaoine aonair sin atá ina mbunaitheoirí, ina n-úinéirí nó ina gcomhaltaí de mhicrifhiontar ag a bhfuil dliteanais neamhtheoranta agus atá faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha an mhicrifhiontair nó ii) an cás ina gcuirtear ar ceal fiachais in-urscaoilte atá fós ann, mar chuid d’imeachtaí foirceanta simplithe;

(n) ciallaíonn ‘plean aisíocaíochta’ clár íocaíochtaí de mhéideanna sonraithe le creidiúnaithe ar dhátaí sonraithe ag duine nádúrtha a thairbhíonn d’urscaoileadh iomlán fiachais, nó plean lena leagtar amach aistriú tréimhsiúil coda áirithe d’ioncam indiúscartha an duine nádúrtha lena mbaineann chuig creidiúnaithe le linn na tréimhse urscaoilte;

(o) ciallaíonn ‘coiste creidiúnaithe’ comhlacht ionadaíoch creidiúnaithe arna cheapadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le himeachtaí dócmhainneachta a bhfuil cumhachtaí comhairleacha agus cumhachtaí eile aige mar a shonraítear sa dlí sin;

(p) ciallaíonn ‘imeachtaí réamhphaca’ imeachtaí leachtaithe brostaithe lenar féidir gnólacht an fhéichiúnaí a dhíol, go hiomlán nó go páirteach, mar ghnóthas leantach leis an tairgeoir is fearr, d’fhonn sócmhainní an fhéichiúnaí a leachtú mar thoradh ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí a deimhníodh;

(q) ciallaíonn ‘páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí’ daoine, lena n-áirítear daoine dlítheanacha, a bhfuil rochtain fhabhrach acu ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí.

I gcás inar duine nádúrtha é an féichiúnaí, áireofar go háirithe ar pháirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an méid a leanas:

(i) céile nó páirtí an fhéichiúnaí;

(ii) sinsir, sliochtaigh agus siblíní an fhéichiúnaí nó an chéile nó an pháirtí, agus céilí nó páirtithe na ndaoine sin;

(iii) daoine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlach an fhéichiúnaí;

(iv) daoine atá ag obair don fhéichiúnaí faoi chonradh fostaíochta agus a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí, nó atá ag déanamh cúraimí ar bhealach eile trína mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí, lena n-áirítear comhairleoirí, cuntasóirí nó nótairí;

(v) eintitis dhlítheanacha ina bhfuil an féichiúnaí nó duine de na daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) den fhomhír seo ina chomhalta de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta nó ina ndéanann sé dualgais lena bhforáiltear do rochtain ar fhaisnéis neamh-phoiblí maidir le gnóthaí an fhéichiúnaí.

I gcás inar eintiteas dlítheanach é an féichiúnaí, áireofar go háirithe ar pháirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an méid a leanas:

(i) aon chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an fhéichiúnaí;

(ii) sealbhóirí cothromais a bhfuil leas rialaithe acu san fhéichiúnaí;

(iii) daoine a dhéanann feidhmeanna atá comhchosúil leis na feidhmeanna a dhéanann daoine faoi phointe (i);

(iv) daoine a bhfuil dlúthbhaint acu, i gcomhréir leis an dara fomhír, leis na daoine a liostaítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) den fhomhír seo.

Airteagal 3

An pointe ábhartha ama i ndáil le garghaolmhaireacht

Is é seo a leanas an pointe ama a bheidh ann chun a chinneadh an bhfuil dlúthbhaint ag páirtí leis an bhféichiúnaí:

(a) chun críocha Theideal II, an lá a bhí éifeacht dlí leis an ngníomh dlí atá faoi réir gníomhaíocht seachanta nó trí mhí sula mbeadh éifeacht dlí leis an ngníomh dlíthiúil;

(b) chun críocha Theideal IV, an lá a chuirfear tús le céim an ullmhúcháin nó trí mhí roimh thús chéim an ullmhúcháin.

Teideal II
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHANTA

Caibidil 1
Forálacha ginearálta maidir le gníomhaíochtaí seachanta

Airteagal 4

Réamhriachtanais ghinearálta le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta

Maidir le gníomhartha dlí a raibh éifeacht dlí leo sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta chun dochair do na creidiúnaithe i gcoitinne, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil na gníomhartha sin ar neamhní faoi na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil 2 den Teideal seo.

Airteagal 5

Gaolmhaireacht le forálacha náisiúnta

Leis an Treoir seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit forálacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le neamhniú, in-neamhnitheacht nó neamh-infhorfheidhmitheacht gníomhartha dlí a dhéanfadh dochar do na creidiúnaithe i gcoitinne i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta i gcás ina dtugann forálacha den sórt sin cosaint níos fearr do na creidiúnaithe i gcoitinne ná iad siúd a leagtar amach i gCaibidil 2 den Teideal seo.

Caibidil 2
Coinníollacha sonracha maidir le gníomhaíochtaí seachanta

Airteagal 6

Sainroghanna

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil gníomhartha dlí a théann chun tairbhe creidiúnaí nó grúpa creidiúnaithe trí shásamh, trí sholáthar urrúis chomhthaobhaigh nó ar aon bhealach eile ar neamhní má bhí éifeacht dlí leo:

   (a) laistigh de 3 mhí roimh thíolacadh na hiarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ar choinníoll nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha aibí a íoc; nó

   (b) tar éis na hiarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh a thíolacadh.

   I gcás inar thíolaic roinnt daoine iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh in aghaidh an t-aon fhéichiúnaí amháin, measfar gurb é tráth tíolactha an chéad iarraidh inghlactha tús na tréimhse 3 mhí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a).

2. Má sásaíodh éileamh cuí creidiúnaí nó má rinneadh é a áirithiú ar an mbealach a bhí dlite, áiritheoidh na Ballstáit nach féidir a dhearbhú go bhfuil an gníomh dlí ar neamhní ach amháin más rud é:

   (a) go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1; agus

   (b) go raibh a fhios ag an gcreidiúnaí, nó gur cheart gurbh eol dó, nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha aibí a íoc nó gur tíolacadh iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh.

   Toimhdeofar eolas an chreidiúnaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), más páirtí a raibh dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an gcreidiúnaí.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, áiritheoidh na Ballstáit nach féidir a dhearbhú go bhfuil na gníomhartha dlí seo a leanas ar neamhní:

   (a) gníomhartha dlí a dhéantar go díreach in aghaidh comaoin chóir chun tairbhe an eastáit dócmhainneachta;

   (b) íocaíochtaí ar bhillí malairte nó ar sheiceanna i gcás ina n-urchoisceann an dlí lena rialaítear billí malairte nó seiceanna éilimh an fhaighteora a eascraíonn as

an mbille nó as an tseic in aghaidh féichiúnaithe billí nó seic eile amhail formhuinitheoirí, an tarraingeoir, nó an tarraingí má dhiúltaíonn sé d'íocaíocht an fhéichiúnaí a chosc;

(c) gníomhartha dlí nach bhfuil faoi réir gníomhaíochtaí seachanta i gcomhréir le Treoracha 98/26/CE agus 2002/47/CE.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh íocaíochtaí ar bhillí malairte nó ar sheiceanna i gceist, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), go n-aisíocfaidh an formhuinitheoir deiridh an méid a íocadh ar an mbille nó ar an seic nó, má d'fhormhuinigh an formhuinitheoir sin an bille thar ceann tríú páirtí, go n-aisíocfaidh an tríú páirtí sin é más rud é go raibh a fhios ag an bhformhuinitheoir deiridh nó ag an tríú páirtí, nó gur cheart gurbh eol dó, nach raibh an féichiúnaí in ann a fhiacha aibí a íoc nó gur tíolacadh iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh tráth formhuinithe an bille nó tráth a ndearnadh é a fhormhuiniú. Toimhdítear an t-eolas sin más páirtí a raibh dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an formhuinitheoir deiridh nó an tríú páirtí.

Airteagal 7

Gníomhartha dlí gan chomaoin nó le comaoin ar follasach nach bhfuil sí leordhóthanach

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil gníomhartha dlí an fhéichiúnaí gan chomaoin nó le comaoin ar follasach nach bhfuil sí leordhóthanach ar neamhní i gcás ina raibh éifeacht dlí leo laistigh de thréimhse ama bliana roimh thíolacadh na hiarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh nó tar éis iarraidh den sórt sin a thíolacadh.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le bronntanais agus deonacháin de luach siombalach.

3. I gcás inar thíolaic roinnt daoine iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh in aghaidh an t-aon fhéichiúnaí amháin, measfar gurb é tráth tíolactha an chéad iarraidh inghlactha tús na tréimhse bliana dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 8

Gníomhartha dlí atá díobhálach d'aon ghnó do chreidiúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir a dhearbhú go bhfuil gníomhartha dlí lena ndearna an féichiúnaí dochar d'aon ghnó do na creidiúnaithe i gcoitinne ar neamhní i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) gur raibh éifeacht dlí ag na gníomhartha sin laistigh de thréimhse 4 bliana roimh thíolacadh na hiarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh nó tar éis iarraidh den sórt sin a thíolacadh;

(b) go raibh a fhios ag an bpáirtí eile sa ghníomh dlí, nó gur cheart gurbh eol dó, go raibh sé ar intinn ag an bhféichiúnaí dochar a dhéanamh do na creidiúnaithe i gcoitinne.

Toimhdeofar an t-eolas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), más páirtí a raibh dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí é an páirtí eile leis an ngníomh dlí.

2. I gcás inar thíolaic roinnt daoine iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh in aghaidh an t-aon fhéichiúnaí amháin, measfar gurb é tráth tíolactha

an chéad iarraidh inghlactha tús na tréimhse 4 bliana dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a).

Caibidil 3
Iarmhairtí gníomhaíochtaí seachanta

Airteagal 9

Iarmhairtí ginearálta

1. Áiritheoidh an Ballstát nach bhféadfar na héilimh, na cearta ná na hoibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní de bhun Chaibidil 2 den Teideal seo a agairt chun sásamh a fháil ón eastát dócmhainneachta lena mbaineann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'oibleagáid ar an bpáirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní an t-eastát dócmhainneachta lena mbaineann a chúiteamh ina iomláine as an dochar a rinne an gníomh dlí sin do chreidiúnaithe.

   Ní féidir an saibhriú a eascraíonn as an ngníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní a agairt a thuilleadh i maoin an pháirtí a thairbhigh den ghníomh dlí sin ('dul in éag an tsaibhrithe') ach amháin mura raibh an páirtí sin ar an eolas faoi na himthosca ar a bhfuil an gníomh seachanta bunaithe, agus nár cheart dó a bheith ar an eolas fúthu.

3. Áiritheoidh na Ballstáit gurb é an tréimhse theorann do gach éileamh a eascraíonn as an ngníomh dlí ar féidir a dhearbhú go bhfuil sé ar neamhní in aghaidh an pháirtí eile 3 bliana ó dháta tionscanta na n-imeachtaí dócmhainneachta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar éileamh ar chúiteamh iomlán a fháil de bhun mhír 2, an chéad fhomhír, a shannadh do chreidiúnaí nó do thríú páirtí.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir leis an bpáirtí a raibh sé d'oibleagáid air an t-eastát dócmhainneachta a chúiteamh de bhun mhír 2, an chéad fhomhír, an oibleagáid sin a fhritháireamh lena éilimh in aghaidh an eastáit dócmhainneachta.

6. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chaingne atá bunaithe ar an dlí ginearálta sibhialta agus tráchtála chun cúiteamh a fháil ar dhamáistí a d'fhulaing creidiúnaithe mar thoradh ar ghníomh dlí ar féidir a dhearbhú go bhfuil sé ar neamhní.

Airteagal 10

Iarmhairtí don pháirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní

1. Má chúitíonn, agus a mhéid a chúitíonn, an páirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní an t-eastát dócmhainneachta as an dochar a rinne an gníomh dlí sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-athnuafar aon éileamh de chuid an pháirtí sin a sásaíodh leis an ngníomh dlí sin.

2. Aon fhrithfheidhmíocht de chuid an pháirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní a ndearnadh tar éis fheidhmíocht an fhéichiúnaí faoin ngníomh dlí sin nó mar mhalartú meandrach ar an bhfeidhmíocht sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar í a aisíoc ón eastát dócmhainneachta a mhéid atá an fhrithfheidhmíocht fós ar fáil san eastát i bhfoirm is féidir a idirdhealú ón gcuid

eile den eastát dócmhainneachta nó a mhéid a shaibhrítear an t-eastát dócmhainneachta lena luach fós.

I ngach cás nach gcumhdaítear leis an gcéad fhomhír, féadfaidh an páirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní éilimh ar chúiteamh as an bhfrithfheidhmíocht a chomhdú. Chun na héilimh a rangú in imeachtaí dócmhainneachta, measfar an t-éileamh sin a bheith tagtha chun cinn sula dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta.

Airteagal 11

Dliteanas tríú páirtithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cearta a leagtar síos in Airteagal 9 in-fhorfheidhmithe in aghaidh oidhre nó comharba uilíoch eile de chuid an pháirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cearta a leagtar síos in Airteagal 9 in-fhorfheidhmithe freisin in aghaidh aon chomharba aonair de chuid an pháirtí eile sa ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) fuair an comharba an tsócmhainn gan chomaoin nó le comaoin ar follasach nach raibh sí leordhóthanach;

   (b) bhí a fhios ag an gcomharba, nó ba cheart gurbh eol dó, na himthosca ar a bhfuil an ghníomhaíocht seachanta bunaithe.

   Toimhdeofar an t-eolas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), más páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bpáirtí a thairbhigh den ghníomh dlí a dearbhaíodh a bheith ar neamhní é an comharba aonair.

Airteagal 12

Gaol le hionstraimí eile

1. Ní dhéanfaidh forálacha an Teidil seo difear d'Airteagail 17 agus 18 de Threoir (AE) 2019/1023.

Teideal III
SÓCMHAINNÍ A BHAINEANN LEIS AN EASTÁT DÓCMHAINNEACHTA A RIANÚ

Caibidil 1
Rochtain ag cúirteanna ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc

Airteagal 13

Cúirteanna ainmnithe

1. As measc a chúirteanna atá inniúil ar chásanna a bhaineann le nósanna imeachta athstruchtúrúcháin, dócmhainneachta nó urscaoilte fiachais, ainmneoidh gach Ballstát na cúirteanna a bhfuil sé de chumhacht acu a chlárlann láraithe náisiúnta

cuntas bainc arna bunú de bhun Airteagal 32a de Threoir (AE) 2015/849 (‘cúirteanna ainmnithe’) a rochtain agus a chuardach.

2. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoina chúirteanna ainmnithe faoin *[6 mhí ón dáta trasuite*], agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon leasú ina leith. Foilseoidh an Coimisiún na fógraí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 14

Rochtain agus cuardaigh ag cúirteanna ainmnithe ar fhaisnéis cuntas bainc

1. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don chleachtóir dócmhainneachta a ceapadh in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, go mbeidh sé de chumhacht ag na cúirteanna ainmnithe faisnéis cuntas bainc a liostaítear in Airteagal 32a(3) de Threoir (AE) 2015/849 a rochtain agus a chuardach, go díreach agus láithreach, i gcás inar gá chun sócmhainní ar le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí sna himeachtaí sin iad a shainaithint agus a rianú, lena n-áirítear na sócmhainní sin atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don chleachtóir dócmhainneachta a ceapadh in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, go mbeidh sé de chumhacht ag na cúirteanna ainmnithe faisnéis cuntas bainc i mBallstáit eile atá ar fáil trí phointe rochtana aonair na gclár cuntas bainc (BAR) arna bhunú de bhun Airteagal XX de Threoir (AE) BBBB/XX *[OP: an Treoir nua maidir le Sciúradh Airgid a Chosc*] a rochtain agus a chuardach, go díreach agus láithreach, i gcás inar gá chun sócmhainní ar le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí sna himeachtaí sin iad a shainaithint agus a rianú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta.

3. An fhaisnéis bhreise a mheasann na Ballstáit a bheith riachtanach agus a chuireann siad ar áireamh sna clárlanna láraithe cuntas bainc de bhun Airteagal 32a(4) de Threoir (AE) 2015/849, ní bheidh sí inrochtana ná inchuardaithe ag cúirteanna ainmnithe.

4. Chun críoch míreanna 1 agus 2, measfar an rochtain agus na cuardaigh a bheith díreach agus láithreach, *inter alia*, i gcás ina dtarchuireann na húdaráis náisiúnta a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc an fhaisnéis cuntas bainc chuig na cúirteanna ainmnithe go mear trí shásra uathoibrithe, ar choinníoll nach mbeidh aon institiúid idirmheánach ábalta cur isteach ar na sonraí a iarradh ná ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil.

Airteagal 15

Coinníollacha don rochtain agus do na cuardaigh ag cúirteanna ainmnithe

1. Baill foirne gach cúirte ainmnithe ar ceapadh agus ar údaraíodh go sonrach iad chun faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach i gcomhréir le hAirteagal 14, is iad na daoine sin amháin a chomhlíonfaidh na cúraimí sin agus déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn cáis.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) go gcoinneoidh foirne na gcúirteanna ainmnithe ardchaighdeáin gairmiúla maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, agus go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu;

(b) go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla ar bun lena n-áirithítear slándáil na sonraí ar ardchaighdeáin teicneolaíochta chun críocha fheidhmiú na gcumhachtaí ag cúirteanna ainmnithe rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le cuntais bainc i gcomhréir le hAirteagal 14 agus maidir leis an bhfaisnéis sin a chuardach.

Airteagal 16

Faireachán a dhéanamh ar rochtain agus ar chuardaigh ag cúirteanna ainmnithe

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil go n-áiritheoidh na húdaráis a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc go ndéanfar logaí a choinneáil maidir le gach uair a dhéanann cúirt ainmnithe faisnéis cuntas bainc a rochtain agus a chuardach. Áireofar an méid seo a leanas, go háirithe, leis na logaí:

   (a) uimhir thagartha an cháis;

   (b) dáta agus am an fhiosraithe nó an chuardaigh;

   (c) an cineál sonraí a úsáideadh chun an fiosrú nó an cuardach a sheoladh;

   (d) aitheantóir uathúil na dtorthaí;

   (e) ainm na cúirte ainmnithe a bhreathnaigh ar an gclárlann;

   (f) aitheantas uathúil úsáideora bhall foirne na cúirte ainmnithe a rinne an fiosrú nó an cuardach agus, i gcás inarb infheidhme, an bhreithimh a d'ordaigh an fiosrú nó an cuardach agus, a mhéid is féidir, aitheantas uathúil úsáideora fhaighteoir thorthaí an fhiosraithe nó an chuardaigh.

2. Déanfaidh na húdaráis a oibríonn na clárlanna láraithe cuntas bainc na logaí dá dtagraítear i mír 1 a sheiceáil go rialta.

3. Ní úsáidfear na logaí dá dtagraítear i mír 1 ach amháin chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach seo agus oibleagáidí a eascraíonn as na hionstraimí dlí is infheidhme de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí. Áireofar ar an bhfaireachán inghlacthacht iarrata agus dlíthiúlacht próiseáil sonraí pearsanta a fhíorú, agus an áirithítear sláine agus rúndacht sonraí pearsanta. Cosnófar na logaí trí bhearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh rochtain neamhúdaraithe agus léirscriosfar iad 5 bliana tar éis a gcruthaithe, ach amháin i gcás ina mbeidh siad ag teastáil le haghaidh faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta atá ar siúl.

Caibidil 2
Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil

Airteagal 17

Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil ag cleachtóirí dócmhainneachta, agus sócmhainní is ábhartha do na himeachtaí dócmhainneachta a gceaptar iad ina leith á sainaithint agus á rianú acu, ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30(5), an dara fomhír, agus in Airteagal 31(4), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2015/849 atá á coinneáil sna cláir úinéireachta tairbhiúla a bunaíodh sna Ballstáit agus is féidir

a rochtain trí chóras idirnasctha na gclár úinéireachta tairbhiúla a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 30(10) agus Airteagal 31(9) de Threoir (AE) 2015/849.

2. Is leas dlisteanach é rochtain ar an bhfaisnéis ag cleachtóirí dócmhainneachta i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, aon uair is gá an rochtain sin chun sócmhainní a shainaithint agus a rianú ar le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha iad agus is don fhaisnéis seo a leanas a bheidh sí teoranta:

   (a) ainm, mí, bliain bhreithe, tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara dhlíthiúil;

   (b) cineál agus méid an leasa thairbhiúil a shealbhaítear.

Caibidil 3
Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir náisiúnta sócmhainní

Airteagal 18

Rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir náisiúnta sócmhainní

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach thapa ag cleachtóirí dócmhainneachta, gan beann ar an mBallstát inar ceapadh iad, ar na cláir náisiúnta sócmhainní a liostaítear san Iarscríbhinn atá lonnaithe ina gcríoch, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

2. Maidir le rochtain ar na cláir náisiúnta sócmhainní a liostaítear san Iarscríbhinn, áiritheoidh gach Ballstát nach mbeidh na cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar i mBallstát eile faoi réir coinníollacha rochtana is lú fabhar *de jure* nó *de facto* ná na coinníollacha a dheonaítear do na cleachtóirí dócmhainneachta a cheaptar sa Bhallstát sin.

Teideal IV
IMEACHTAÍ RÉAMHPHACA

Caibidil 1
Forálacha ginearálta

Airteagal 19

Imeachtaí réamhphaca

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an dá chéim seo a leanas as a chéile i gceist le himeachtaí réamhphaca:

   (a) céim an ullmhúcháin, arb é is aidhm di ceannaitheoir iomchuí a aimsiú do ghnó an fhéichiúnaí nó do chuid den ghnó;

   (b) céim an leachtaithe, a bhfuil sé d'aidhm aici díol ghnó an fhéichiúnaí nó coda de a fhormheas agus a fhorghníomhú agus na fáltais a dháileadh ar na creidiúnaithe.

2. Comhlíonfaidh imeachtaí réamhphaca na coinníollacha a leagtar amach sa Teideal seo. A mhéid a bhaineann le gach ábhar eile, lena n-áirítear éilimh a rangú agus na rialacha maidir le dáileadh fáltas, cuirfidh na Ballstáit forálacha náisiúnta maidir le

himeachtaí foirceanta i bhfeidhm, ar choinníoll go bhfuil siad ag luí le dlí an Aontais, lena n-áirítear na rialacha a leagtar síos sa Teideal seo.

Airteagal 20

Gaol le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais

1. Measfar gur imeacht dócmhainneachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2015/848 í céim an leachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19, mír 1.

   D'fhéadfaí a mheas gur cleachtóirí dócmhainneachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2015/848 iad na monaróirí dá dtagraítear in Airteagal 22.

2. Chun críocha Airteagal 5(1) de Threoir 2001/23/CE ón gComhairle[40], measfar gur imeachtaí féimheachta nó dócmhainneachta arna dtionscnamh d'fhonn sócmhainní an aistreora a leachtú faoi mhaoirseacht údaráis phoiblí inniúil í céim an leachtaithe.

Airteagal 21

Dlínse in imeachtaí réamhphaca

An chúirt a bhfuil dlínse aici in imeachtaí réamhphaca, beidh dlínse eisiach aici in ábhair a bhaineann le raon feidhme agus éifeachtaí dhíol ghnó an fhéichiúnaí nó coda de in imeachtaí réamhphaca i ndáil leis na fiacha agus na dliteanais, dá dtagraítear in Airteagal 28.

Caibidil 2
Céim an Ullmhúcháin

Airteagal 22

An monatóir

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil, arna iarraidh sin don fhéichiúnaí, go gceapfaidh an chúirt monatóir.

   Le ceapadh an mhonatóra, cuirfear tús le céim an ullmhúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19, mír 1.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an monaróir na rudaí seo a leanas:

   (a) gach céim den phróiseas díola a dhoiciméadú agus a thuairisciú;

   (b) údar maith a thabhairt leis an bhfáth a measann sé go bhfuil an próiseas díola iomaíoch, trédhearcach agus cothrom agus go gcomhlíonann sé caighdeáin an mhargaidh;

   (c) an tairgeoir is fearr a mholadh mar an faighteoir réamhphaca, i gcomhréir le hAirteagal 30;

   (d) a chur in iúl an measann sé nach sárú follasach ar thástáil leas na gcreidiúnaithe é an tairiscint is fearr.

[40] Treoir 2001/23/CE ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, ghnóthaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.).

Déanfar gníomhaíochtaí an mhonatóra a liostaítear sa chéad fhomhír i scríbhinn, cuirfear ar fáil iad go tráthúil i bhformáid dhigiteach do na páirtithe uile a bhfuil baint acu le céim an ullmhúcháin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar a cheapadh mar mhonatóir ach na daoine sin a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

   (a) comhlíonann siad na critéir incháilitheachta is infheidhme maidir le cleachtóirí dócmhainneachta sa Bhallstát ina dtionscnaítear na himeachtaí réamhphaca;

   (b) féadfar iad a cheapadh mar chleachtóirí dócmhainneachta i gcéim an leachtaithe ina dhiaidh sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh an féichiúnaí de rialú a bheith aige ar a cuid sócmhainní agus ar fheidhmiú a ghnólachta ó lá go lá le linn chéim an ullmhúcháin.

5. Maidir le luach saothair an mhonaróra, áiritheoidh na Ballstáit go n-íocfaidh:

   (a) an féichiúnaí é i gcás nach dtugtar faoi chéim an leachtaithe ina dhiaidh sin;

   (b) an eastát dócmhainneachta é mar chostas riaracháin fabhrach i gcás ina dtugtar faoi chéim an leachtaithe ina dhiaidh sin.

Airteagal 23

Bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair

Áiritheoidh na Ballstáit, le linn chéim an ullmhúcháin, i gcás ina mbeidh dóchúlacht dócmhainneachta ag an bhféichiúnaí nó ina mbeidh sé dócmhainneach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go bhféadfaidh an féichiúnaí tairbhiú de bhac ar imeachtaí arna dtionscnamh ag creidiúnaithe aonair i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7 de Threoir (AE) 2019/1023, i gcás ina n-éascófar leis feidhmiú céimneach rianúil éifeachtach na n-imeachtaí réamhphaca. Tabharfar éisteacht don mhonatóir sula ndéanfar cinneadh maidir leis an mbac ar bac ar imeachtaí arna dtionscnamh ag creidiúnaithe aonair.

Airteagal 24

Prionsabail is infheidhme maidir leis an bpróiseas díola

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an próiseas díola a chuirfear i gcrích le linn chéim an ullmhúcháin iomaíoch, trédhearcach agus cothrom agus go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin an mhargaidh.

2. I gcás nach dtagann as an bpróiseas díola ach tairiscint cheangailteach amháin, measfar go léiríonn an tairiscint sin praghas an mhargaidh gnó.

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit imeacht ó mhír 1 ach amháin i gcás ina reáchtálann an chúirt ceant poiblí le linn chéim an leachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 26. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 22(2), pointe (b).

Caibidil 3
Céim an Leachtaithe

Airteagal 25

Ceapadh an chleachtóra dhócmhainneachta

Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a osclófar céim an leachtaithe, go gceapfaidh an chúirt an monatóir dá dtagraítear in Airteagal 22 mar chleachtóir dócmhainneachta.

Airteagal 26

Údarú a thabhairt gnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de a dhíol

1. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a osclaítear céim an leachtaithe, go n-údaróidh an chúirt gnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de a dhíol leis an bhfaighteoir a mhol an monatóir, ar choinníoll go bhfuil tuairim eisithe ag an monaróir lena ndeimhnítear gur chomhlíon an próiseas díola a reáchtáladh le linn chéim an ullmhúcháin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 22(2) agus (3), agus in Airteagal 24(1) agus (2).

   Ní údaróidh an chúirt an díol i gcás nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 22(2) agus (3) agus in Airteagal 24(1) agus (2). Áiritheoidh na Ballstáit, sa dara cás, go leanfaidh an chúirt leis na himeachtaí dócmhainneachta.

2. I gcás ina gcuireann na Ballstáit Airteagal 24(3) i bhfeidhm, ní mhairfidh an ceant poiblí dá dtagraítear san fhoráil sin níos faide ná 4 seachtaine agus tionscnófar é laistigh de 2 sheachtain ó thús chéim an leachtaithe. Úsáidfear an tairiscint a roghnóidh an monatóir mar an tairiscint tosaigh sa cheant poiblí. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cosaintí a dheonaítear don tairgeoir tosaigh le linn chéim an ullmhúcháin, amhail aisíocaíocht speansas nó táillí briste, ar cóimhéid agus comhréireach, agus nach gcuirfidh siad bac ar pháirtithe a d'fhéadfadh leas a bheith acu ann tairiscint a dhéanamh le linn chéim an leachtaithe.

Airteagal 27

Conarthaí le comhlíonadh a shannadh nó a fhoirceannadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go sannfar d'fhaighteoir ghnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de na conarthaí sin le comhlíonadh atá riachtanach chun leanúint de ghnólacht an fhéichiúnaí agus a mbeadh tréimhse neamhghníomhaíochta gnó ann dá gcuirfí ar fionraí iad. Ní bheidh gá le toiliú chontrapháirtí nó chontrapháirtithe an fhéichiúnaí chun an sannadh a dhéanamh.

   Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír más iomaitheoir le contrapháirtí nó le contrapháirtithe an fhéichiúnaí é faighteoir ghnó an fhéichiúnaí nó cuid de.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an chúirt a chinneadh na conarthaí le comhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, an chéad fomhír, a fhoirceannadh, ar choinníoll go mbeidh feidhm ag ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) is chun leasa ghnó an fhéichiúnaí nó coda de an foirceannadh;

   (b) tá oibleagáidí seirbhíse poiblí sa chonradh le comhlíonadh ar údarás poiblí ina leith é an contrapháirtí agus ní chomhlíonann faighteoir ghnó an fhéichiúnaí nó coda de na hoibleagáidí teicniúla agus dlíthiúla chun na seirbhísí dá bhforáiltear sa chonradh sin a chur i gcrích.

   Ní bheidh feidhm ag pointe (a) den chéad fhomhír maidir le conarthaí le comhlíonadh a bhaineann le ceadúnais ceart maoine intleachtúla agus tionsclaíche.

3. Is é an dlí a bheidh infheidhme maidir le sannadh nó foirceannadh conarthaí le comhlíonadh dlí an Bhallstáit inar osclaíodh céim an leachtaithe.

Airteagal 28

Fiachais agus dliteanais an ghnó a fuarthas trí na himeachtaí réamhphaca

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh an faighteoir gnólacht an fhéichiúnaí, nó cuid de, saor ó fhiacha agus ó dhliteanais, ach amháin má thoilíonn an faighteoir go sainráite go seasfaidh sé fiacha agus dliteanais an ghnólachta nó coda de.

Airteagal 29

Rialacha sonracha maidir le héifeachtaí fionraíochta achomharc

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh éifeachtaí fionraíochta a bheith ag achomhairc in aghaidh bhreith na cúirte a bhaineann le díol ghnó an fhéichiúnaí nó coda de a údarú nó a fhorghníomhú ach amháin faoi réir urrús a bheith á sholáthar ag an achomharcóir atá leordhóthanach chun na damáistí a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an mbac ar réadú an díola a chumhdach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an discréid ag an gcúirt a éistfidh an t-achomharc achomharcóir ar duine nádúrtha é a dhíolmhú, go hiomlán nó go páirteach, ó urrús a sholáthar má mheasann sí gurb iomchuí díolúine den sórt sin i bhfianaise imthosca an cháis ar leith.

Caibidil 4
Forálacha atá ábhartha don dá chéim de na himeachtaí réamhphaca

Airteagal 30

Critéir chun an tairiscint is fearr a roghnú

Áiritheoidh na Ballstáit gurb ionann na critéir chun an tairiscint is fearr a roghnú sna himeachtaí réamhphaca agus na critéir a úsáidtear chun rogha a dhéanamh idir tairiscintí iomaíocha in imeachtaí foirceanta.

Airteagal 31

Dliteanas sibhialta an mhonaróra agus an chleachtóra dócmhainneachta

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an monaróir agus an cleachtóir dócmhainneachta faoi dhliteanas i leith an damáiste a dhéantar mar gheall nár chomhlíon siad a gcuid oibleagáidí faoin Teideal seo, damáiste a dhéantar do chreidiúnaithe agus do thríú páirtithe a ndéanann na himeachtaí réamhphaca difear dóibh.

Airteagal 32

Páirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí sa phróiseas díola

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh páirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí incháilithe chun gnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de a fháil, ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) nochtfaidh siad go tráthúil don mhonaróir agus don chúirt a ngaol leis an bhféichiúnaí;

(b) faigheann páirtithe eile sa phróiseas díola faisnéis leordhóthanach faoi pháirtithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí agus faoin ngaol atá acu leis an bhféichiúnaí;

(c) tugtar dóthain ama do pháirtithe nach bhfuil dlúthbhaint acu leis an bhféichiúnaí chun tairiscint a dhéanamh.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás ina gcruthófar gur sáraíodh an dualgas nochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), go ndéanfaidh an chúirt na buntáistí dá dtagraítear in Airteagal 28 a chúlghairm.

2. I gcás inarb í an tairiscint a dhéanann páirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí an t-aon tairiscint atá ann cheana, tabharfaidh na Ballstáit isteach coimircí breise maidir le díol ghnó an fhéichiúnaí nó coda de a údarú agus a fhorghníomhú. Áireofar ar na coimircí sin ar a laghad an dualgas ar an monaróir agus ar an gcleachtóir dócmhainneachta an tairiscint ón bpáirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis an bhféichiúnaí a dhiúltú mura sásóidh an tairiscint tástáil leas na gcreidiúnaithe.

Airteagal 33

Bearta chun luach ghnó an fhéichiúnaí nó coda de a uasmhéadú

1. I gcás ina bhfuil gá le maoiniú eatramhach, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéanann an monaróir nó an cleachtóir dócmhainneachta na bearta is gá chun maoiniú eatramhach a fháil ar an gcostas is ísle is féidir;

(b) go bhfuil deontóirí maoinithe eatramhaigh i dteideal íocaíocht tosaíochta a fháil i gcomhthéacs nósanna imeachta dócmhainneachta ina dhiaidh sin i dtaca le creidiúnaithe eile a mbeadh éilimh uachtair nó éilimh chomhionanna acu;

(c) go bhféadfar leasanna urrúis ar fháltais díola a dheonú do sholáthraithe maoinithe eatramhaigh chun aisíocaíocht a áirithiú;

(d) go bhfuil maoiniú eatramhach incháilithe lena fhritháireamh in aghaidh an phraghais atá le heisíoc faoin tairiscint bhreithnithe, nuair a sholáthraíonn tairgeoirí leasmhara é.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtabharfar aon cheart suibscríbhinne do thairgeoirí.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuireann leasanna urrúis eire ar an ngnólacht atá faoi réir na n-imeachtaí réamhphaca, nach bhféadfaidh creidiúnaithe ar tairbhithe na leasanna urrúis sin iad a n-éilimh a fhritháireamh ina dtairiscint ach amháin ar choinníoll go bhfuil luach na n-éileamh sin go mór faoi bhun luach margaidh an ghnó.

Airteagal 34

Leasanna na gcreidiúnaithe a chosaint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag creidiúnaithe chomh maith le sealbhóirí cothromais ghnó an fhéichiúnaí éisteacht a fháil os comhair na cúirte sula ndéanfar díol ghnó an fhéichiúnaí nó coda de a údarú nó a fhorghníomhú.

Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha mionsonraithe chun éifeachtacht an chirt éisteachta faoin gcéad fhomhír a áirithiú.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit de réir dlí gan an ceart éisteachta a dheonú dóibh seo a leanas:

(a) na creidiúnaithe nó na sealbhóirí cothromais nach bhfaigheadh aon íocaíocht ná nach gcoimeádfadh aon ús de réir ghnáthrangú na dtosaíochtaí leachtaithe faoin dlí náisiúnta;

(b) creidiúnaithe conarthaí le comhlíonadh ar tháinig a n-éilimh in aghaidh an fhéichiúnaí chun cinn sular údaraíodh gnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de a dhíol agus a bhfuil sé ceaptha go n-íocfar go hiomlán iad faoi théarmaí na tairisceana réamhphaca.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go scaoilfear leasanna urrúis in imeachtaí réamhphaca faoi na ceanglais chéanna a mbeadh feidhm acu maidir le himeachtaí foirceanta.

4. Na Ballstáit ina bhfuil toiliú ó shealbhóirí éileamh urraithe ag teastáil in imeachtaí foirceanta chun leasanna urrúis a scaoileadh, féadfaidh siad imeacht ón toiliú sin a éileamh, ar choinníoll go mbaineann na leasanna urrúis le sócmhainní atá riachtanach chun leanúint d'oibríochtaí laethúla ghnó an fhéichiúnaí nó coda de agus go gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go dteipeann ar chreidiúnaithe éileamh urraithe a chruthú nach gcomhlíonann an tairiscint réamhphaca tástáil leas na gcreidiúnaithe;

(b) nach ndearna creidiúnaithe éileamh urraithe tairiscint éadála cheangailteach eile a chomhdú (go díreach nó trí thríú páirtí) lenar féidir leis an eastát dócmhainneachta aisghabháil níos fearr a fháil ná leis an tairiscint réamhphaca atá beartaithe.

Airteagal 35

Tionchar na nósanna imeachta um dhlí na hiomaíochta ar uainiú nó ar thoradh rathúil na tairisceana

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil riosca suntasach ann go mbeidh moill ann mar gheall ar nós imeachta bunaithe ar dhlí na hiomaíochta nó cinneadh diúltach ó údarás iomaíochta i ndáil le tairiscint arna dhéanamh le linn chéim an ullmhúcháin, go n-éascóidh an monaróir cur i láthair tairiscintí malartacha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an monaróir faisnéis a fháil faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir le dlí na hiomaíochta agus faoina dtorthaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'uainiú nó do thoradh rathúil na tairisceana, go háirithe trí nochtadh faisnéise ag na tairgeoirí nó trí sholáthar tarscaoilte chun faisnéis a mhalartú leis na húdaráis iomaíochta, i gcás inarb infheidhme. I ndáil leis sin, cuirfear an monatóir faoi réir dualgas lánrúndachta.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh riosca suntasach moille dá dtagraítear i mír 1 i gceist le tairiscint, go bhféadfar neamhaird a thabhairt ar an tairiscint sin, ar choinníoll go mbeidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

(a) nach é an tairiscint sin an t-aon tairiscint atá ann cheana;

(b) go ndéanfaí dochar do ghnólacht an fhéichiúnaí nó do chuid de mar thoradh ar an moill ar an díol gnólachta réamhphaca leis an tairgeoir lena mbaineann a thabhairt chun críche.

Teideal V
DUALGAS NA STIÚRTHÓIRÍ A IARRAIDH GO dTIONSCNÓFAR IMEACHTAÍ DÓCMHAINNEACHTA AGUS DLITEANAS SIBHIALTA

Airteagal 36

An dualgas a iarraidh go ndéanfar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh eintiteas dlítheanach dócmhainneach, go mbeidh sé d'oibleagáid ar a stiúrthóirí iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh a chur isteach leis an gcúirt tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis do na stiúrthóirí teacht ar an eolas, nó tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go raibh siad ar an eolas, go bhfuil an t-eintiteas dlítheanach dócmhainneach.

Airteagal 37

Dliteanas sibhialta stiúrthóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí an eintitis dhlítheanaigh dhócmhainnigh faoi dhliteanas i leith damáistí arna dtabhú ag creidiúnaithe mar thoradh nár chomhlíon siad an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 36.

2. Beidh mír 1 gan dochar do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta i gcás sárú ar dhualgas stiúrthóirí iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh a thíolacadh mar a leagtar amach in Airteagal 36 atá níos déine i leith stiúrthóirí.

Teideal VI
MICRIFHIONTAIR DHÓCMHAINNEACHA A FHOIRCEANNADH

Caibidil 1
Rialacha ginearálta

Airteagal 38

Rialacha maidir le foirceannadh micrifhiontar

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag micrifhiontair, nuair atá siad dócmhainneach, ar imeachtaí foirceanta simplithe a chomhlíonann na forálacha a leagtar síos sa Teideal seo.

2. Measfar micrifhiontar a bheith dócmhainneach chun críoch imeachtaí foirceanta simplithe nuair nach mbíonn sé in ann, go ginearálta, a fhiacha a íoc de réir mar a aibíonn siad. Leagfaidh na Ballstáit amach na coinníollacha faoina measfar nach bhfuil micrifhiontar in ann go ginearálta a fhiacha a íoc de réir mar a aibíonn siad agus áiritheoidh siad go bhfuil na coinníollacha sin soiléir, simplí agus infhionnta go héasca ag an micrifhiontar lena mbaineann.

3. Ní fhéadfar tionscnamh agus reáchtáil imeachtaí foirceanta simplithe a dhiúltú ar an bhforas nach bhfuil aon sócmhainn ag an bhféichiúnaí nó nach leor a shócmhainní chun costais na n-imeachtaí foirceanta simplithe a chumhdach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar costais na n-imeachtaí foirceanta simplithe sna cásanna a leagtar amach i mír 3.

Airteagal 39

Cleachtóir dócmhainneachta

Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar cleachtóir dócmhainneachta a cheapadh in imeachtaí foirceanta simplithe ach amháin má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go n-iarrann an féichiúnaí, creidiúnaí nó grúpa creidiúnaithe ceapachán den sórt sin;

(b) gur féidir leis an eastát dócmhainneachta nó leis an bpáirtí a d'iarr an ceapachán costais idirghabháil an chleachtóra dócmhainneachta a mhaoiniú.

Airteagal 40

Modhanna cumarsáide

Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir, in imeachtaí foirceanta simplithe, gach cumarsáid idir an t-údarás inniúil agus, i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, ar thaobh amháin, agus na páirtithe sna himeachtaí sin, ar an taobh eile, a dhéanamh trí mheán leictreonach, i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2019/1023.

Caibidil 2
Imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh

Airteagal 41

Iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le micrifhiontair dhócmhainneacha iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh a chur faoi bhráid údarás inniúil.

2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le haon creidiúnaí micrifhiontair dhócmhainnigh iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh in aghaidh an mhicrifhiontair a chur faoi bhráid údarás inniúil. Tabharfar an deis don mhicrifhiontair lena mbaineann freagra a thabhairt ar an iarraidh, trí chonspóid a dhéanamh ina aghaidh nó trí thoiliú léi.

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le micrifhiontair iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh a dhéanamh le foirm caighdeánach.

4. Leis an bhfoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 3, beifear in ann an fhaisnéis seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh:

(a) más duine dlítheanach é an micrifhiontar, ainm, uimhir cláraithe, oifig chláraithe nó, má tá sé difriúil, seoladh poist an fhéichiúnaí;

(b) más fiontraí é an féichiúnaí, ainm, uimhir chláraithe, má tá ceann aige, agus seoladh poist an fhéichiúnaí nó, i gcás ina gcosnaítear an seoladh, áit bhreithe agus dáta breithe an fhéichiúnaí;

(c) liosta de shócmhainní an mhicrifhiontair;

(d) ainm, seoladh nó sonraí teagmhála eile chreidiúnaithe an mhicrifhiontair, mar atá ar eolas ag an micrifhiontar tráth a cuireadh an iarraidh isteach,

(e) liosta na n-éileamh in aghaidh an mhicrifhiontair agus, i gcás gach éilimh, a mhéid lena sonraítear an phríomhshuim agus, i gcás inarb infheidhme, an ús agus an dáta ar ar eascair an t-éileamh agus an dáta ar tháinig sé le bheith dlite, más dáta difriúil é;

(f) má líomhnaítear urrús luachmhar nó forchoimeád teidil i leith éileamh áirithe agus, má líomhnaítear, cad iad na sócmhainní a chumhdaítear leis an leas urrúis.

5. Bunóidh an Coimisiún an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 3 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

6. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a thíolacfaidh creidiúnaí an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh, agus nuair a chuir an micrifhiontar in iúl go dtoilíonn sé leis na himeachtaí a thionscnamh, go gceanglófar ar an micrifhiontar an fhaisnéis a liostaítear i mír 4 a chur isteach, mar aon leis an bhfreagra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

7. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a thíolacfaidh creidiúnaí an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus nuair a thionscnóidh an t-údarás inniúil na himeachtaí sin d'ainneoin go bhfuil an micrifhiontar ag déanamh conspóide in aghaidh na hiarrata nó nár thug sé freagra ar an iarraidh, go gceanglófar ar an micrifhiontar an fhaisnéis a liostaítear i mír 4 den Airteagal seo a chur isteach tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an fógra tionscanta a fháil.

Airteagal 42

Cinneadh maidir leis an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh maidir leis an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an iarraidh a fháil.

2. Ní fhéadfar tionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe a dhiúltú ach amháin má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní micrifhiontar é an féichiúnaí;

(b) níl an féichiúnaí dócmhainneach de bhun Airteagal 38(2) den Treoir seo;

(c) níl aon dlínse ar an gcás ag an údarás inniúil inar tíolacadh an iarraidh;

(d) níl aon dlínse idirnáisiúnta ar an gcás ag an mBallstáit inar tíolacadh an iarraidh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an micrifhiontar nó aon chreidiúnaí de chuid an mhicrifhiontair agóid a dhéanamh os comhair cúirte in aghaidh an chinnidh maidir leis an iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh. Níl aon éifeacht fionraíochta ag an agóid ar thionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe agus déileálfaidh an chúirt léi go pras.

Airteagal 43

Féichiúnaí atá i seilbh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i míreanna 2, 3 agus 4, go gcoimeádfaidh féichiúnaithe a fhaigheann rochtain ar imeachtaí foirceanta simplithe smacht ar a gcuid sócmhainní agus ar oibriú an ghnólachta ó lá go lá.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gceapfar cleachtóir dócmhainneachta, go sonróidh an t-údarás inniúil sa chinneadh maidir leis an gceapachán an aistreofar na cearta agus na dualgais sócmhainní an fhéichiúnaí a bhainistiú agus a dhiúscairt chuig an gcleachtóir dócmhainneachta.

3. Sonróidh na Ballstáit na himthosca ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh, go heisceachtúil, ceart an fhéichiúnaí a shócmhainní a bhainistiú agus a dhiúscairt a bhaint. Ní mór cinneadh den sórt sin a bheith bunaithe ar mheasúnú ar bhonn cás ar chás i bhfianaise na ngnéithe ábhartha uile den dlí agus fíoras.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás nach mbeidh an ceart ag an bhféichiúnaí a shócmhainní a bhainistiú agus a dhiúscairt a thuilleadh agus nach gceapfar cleachtóir dócmhainneachta, go mbeidh feidhm ag ceann amháin de na nithe seo a leanas:

   (a) tiocfaidh aon chinneadh ón bhféichiúnaí chuige sin faoi réir fhormheas an údaráis inniúil, nó

   (b) cuireann an t-údarás inniúil an ceart sócmhainní an fhéichiúnaí a bhainistiú agus a dhiúscairt de chúram ar chreidiúnaí.

Airteagal 44

Bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe aonair

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtairbheoidh féichiúnaithe de bhac ar imeachtaí arna dtionscnamh ag creidiúnaithe aonair nuair a chinnfidh an t-údarás inniúil imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh agus go dtí go gcuirfear clabhsúr ar na himeachtaí sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go n-eisiafaidh an t-údarás inniúil, arna iarraidh sin don fhéichiúnaí nó do chreidiúnaí, éileamh ó raon feidhme an bhaic ar imeachtaí arna dtionscnamh ag creidiúnaithe aonair i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

   (a) ní dócha go gcuirfidh an forfheidhmiú ionchais dhlisteanacha na gcreidiúnaithe i gcoitinne i mbaol agus;

   (b) dhéanfadh an bac dochar míchuí do chreidiúnaithe an éilimh sin.

Airteagal 45

Tionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe a phoibliú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar an fhaisnéis maidir le tionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe sa chlár dócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2015/848, a luaithe is féidir tar éis an tionscanta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an t-údarás inniúil an féichiúnaí agus gach creidiúnaí aitheanta ar an eolas láithreach, trí fhógraí aonair, faoi thionscnamh imeachtaí foirceanta simplithe.

   Áireofar san fhógra sin, go háirithe:

(a) liosta na n-éileamh in aghaidh an fhéichiúnaí mar atá léirithe ag an bhféichiúnaí;

(b) cuireadh don chreidiúnaí aon éilimh nach n-áirítear sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) a thaisceadh nó aon ráiteas mícheart maidir leis na héilimh sin a cheartú tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an fógra a fháil;

(c) ráiteas lena rá, gan gníomhaíocht bhreise ón gcreidiúnaí, go measfar na héilimh a áirítear sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) a bheith taiscthe ag an gcreidiúnaí lena mbaineann.

Caibidil 3
Liosta na n-éileamh agus bunú an eastáit dócmhainneachta

Airteagal 46

Taisceadh agus admháil éileamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go measfar na héilimh in aghaidh an fhéichiúnaí a bheith tíolactha gan aon ghníomhaíocht bhreise ó na creidiúnaithe lena mbaineann, i gcás ina léireoidh an féichiúnaí na héilimh sin i gceann de na haighneachtaí seo a leanas:

   (a) ina iarraidh ar imeachtaí foirceanta simplithe a thionscnamh;

   (b) ina fhreagra ar an iarraidh ar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh arna dtíolacadh ag creidiúnaí;

   (c) ina aighneacht de bhun Airteagal 41(7).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon chreidiúnaí éilimh nach n-áirítear sna haighneachtaí dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh nó ráitis agóide a dhéanamh nó ábhar imní a dhéanamh maidir le héilimh a áirítear i gceann de na haighneachtaí sin, laistigh de 30 lá ó fhoilsiú dháta thionscnamh na n-imeachtaí foirceanta simplithe sa chlár dócmhainneachta nó, i gcás creidiúnaí aitheanta, ó dháta fála an fhógra aonair dá dtagraítear in Airteagal 45, cibé acu is déanaí.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, in éagmais aon agóide nó ábhair imní a chuirfidh creidiúnaí in iúl laistigh den tréimhse ama a shonraítear i mír 2, go measfar nach mbeidh díospóid ann maidir le héileamh a áirítear sna haighneachtaí dá dtagraítear i mír 1 agus glacfar go cinntitheach leis mar a bheidh luaite ann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás inniúil nó, i gcás ina gceapfar é, an cleachtóir dócmhainneachta, éilimh arna dtaisceadh ag creidiúnaí a admháil nó a dhiúltú, de bhreis ar na héilimh dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le mír 2 agus leis na critéir iomchuí a shainítear sa dlí náisiúnta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéileálfaidh an t-údarás inniúil nó cúirt leis na héilimh atá faoi dhíospóid go pras. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh leanúint de na himeachtaí foirceanta simplithe i ndáil le héilimh nach bhfuil díospóid ann ina leith.

Airteagal 47

Gníomhaíochtaí seachanta

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na rialacha maidir le gníomhaíochtaí seachanta mar a leanas in imeachtaí foirceanta simplithe:

(a) ní bheidh sé éigeantach gníomhaíochtaí seachanta a shaothrú agus a fhorfheidhmiú, ach fágfar faoi rogha na gcreidiúnaithe nó, i gcás inarb infheidhme, faoi rogha an chleachtóra dócmhainneachta iad;

(b) ní dhéanfaidh aon chinneadh ó chreidiúnaithe gan tús a chur le gníomhaíochtaí seachanta difear do dhliteanas an fhéichiúnaí faoin dlí sibhialta nó faoin dlí coiriúil, i gcás ina bhfaighfear amach níos déanaí go raibh an fhaisnéis a chuir an féichiúnaí in iúl faoi shócmhainní nó faoi dhliteanais ceilte nó brionnaithe;

(c) féadfaidh an t-údarás inniúil imeachtaí foirceanta simplithe a athrú ina ngnáthimeachtaí dócmhainneachta, i gcás nach bhféadfaí imeachtaí seachanta a dhéanamh faoi imeachtaí foirceanta simplithe mar gheall ar thábhacht na n-éileamh atá faoi réir imeachtaí seachanta i ndáil le luach an eastáit dócmhainneachta, agus mar gheall ar fhad ionchasach na n-imeachtaí seachanta.

Airteagal 48

An t-eastát dócmhainneachta a bhunú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcinnfidh an t-údarás inniúil nó, i gcás ina gceapfar é, an cleachtóir dócmhainneachta, liosta deiridh na sócmhainní a bheidh i gceist leis an eastát dócmhainneachta, ar bhonn liosta na sócmhainní a thíolacfaidh an féichiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 41(4), pointe (c) agus ar bhonn na faisnéise ábhartha breise a gheofar ina dhiaidh sin.

2. Áireofar i sócmhainní an eastáit dócmhainneachta sócmhainní atá i seilbh an fhéichiúnaí tráth thionscnamh na n-imeachtaí foirceanta simplithe, sócmhainní a fuarthas tar éis an iarraidh ar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh a thíolacadh agus sócmhainní arna n-aisghabháil trí ghníomhaíochtaí seachanta nó trí ghníomhaíochtaí eile.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inar fiontraí é an féichiúnaí, go sonróidh an t-údarás inniúil nó, má cheaptar é, an cleachtóir dócmhainneachta, cé na sócmhainní atá eisiata ón eastát dócmhainneachta agus gur féidir leis an bhféichiúnaí, dá bhrí sin, iad a choinneáil.

Caibidil 4
Na sócmhainní a réadú agus na fáltais a dháileadh

Airteagal 49

Cinneadh maidir leis an nós imeachta atá le húsáid

1. Áiritheoidh na Ballstáit, in imeachtaí foirceanta simplithe, a luaithe a shuífear an t-eastát dócmhainneachta agus a luaithe a chinnfear liosta na n-éileamh in aghaidh an fhéichiúnaí, go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) rachaidh sé ar aghaidh le réadú na sócmhainní agus dáileadh na bhfáltas; nó

(b) déanfaidh sé cinneadh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh gan na sócmhainní a réadú, i gcomhréir le mír 2.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir leis an údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh láithreach gan na

sócmhainní a réadú, ach amháin má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl aon sócmhainn san eastát dócmhainneachta;

(b) tá luach chomh híseal sin ag sócmhainní an eastáit dócmhainneachta nach mbeadh údar maith leis na costais ná leis an am a bhainfeadh lena ndíol agus le dáileadh na bhfáltas;

(c) tá luach dealraitheach na sócmhainní faoi eire níos ísle ná an méid atá dlite don chreidiúnaí/do na creidiúnaithe urraithe agus measann an t-údarás inniúil go bhfuil údar maith le cead a thabhairt don chreidiúnaí/do na creidiúnaithe urraithe sin an tsócmhainn nó na sócmhainní a tháthcheangal.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtéann an t-údarás inniúil ar aghaidh le réadú shócmhainní an fhéichiúnaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), go sonróidh an t-údarás inniúil freisin na modhanna chun na sócmhainní a réadú. Ní fhéadfar modhanna eile seachas sócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol trí ríomhcheant poiblí a roghnú ach amháin má mheastar go bhfuil a n-úsáid níos iomchuí i bhfianaise chineál na sócmhainní nó imthosca na n-imeachtaí.

Airteagal 50

Córais ríomhcheantála chun sócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar ardán ríomhcheantála amháin nó roinnt ardán ríomhcheantála a bhunú agus a choinneáil ar bun ina gcríoch chun críoch shócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí foirceanta simplithe a dhíol.

Féadfaidh na Ballstáit a leagan amach go bhféadfaidh, chun críoch shócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol, úsáideoirí tairiscintí a dhéanamh freisin chun gnólacht an fhéichiúnaí a cheannach mar ghnóthas leantach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-úsáidfear na hardáin ríomhcheantála, dá dtagraítear i mír 1, aon uair a réadaítear gnólacht nó sócmhainní an fhéichiúnaí atá faoi réir imeachtaí foirceanta simplithe trí cheant.

3. Féadfaidh na Ballstáit úsáid na gcóras ríomhcheantála, dá dtagraítear i mír 1, a leathnú chun díol ghnó nó sócmhainní an fhéichiúnaí atá faoi réir cineálacha eile imeachtaí dócmhainneachta a thionscnaítear ar a gcríoch a chumhdach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hardáin ríomhcheantála, dá dtagraítear i mír 1, inrochtana ag gach duine nádúrtha agus dlítheanach a bhfuil sainchónaí nó áit chlárúcháin aige ar a gcríoch nó ar chríoch Ballstáit eile. Féadfaidh rochtain ar an gcóras ceantála a bheith faoi réir ríomh-shainaithint an úsáideora, agus sa chás sin beidh daoine a bhfuil sainchónaí nó áit chlárúcháin acu i mBallstát eile in ann a scéimeanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta a úsáid, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014[41].

[41] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

Airteagal 51

Idirnascadh na gcóras ríomhcheantála

1. Bunóidh an Coimisiún córas le haghaidh idirnascadh na gcóras ríomhcheantála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 50 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Is éard a bheidh sa chóras córais ríomhcheantála náisiúnta idirnasctha tríd an Tairseach Eorpach r-Cheartas, rud a bheidh ina bpointe rochtana leictreonach lárnach ar an gcóras. Beidh faisnéis sa chóras i dteangacha oifigiúla uile an Aontais maidir leis na próisis cheantála uile a fhógraítear ar ardáin ríomhcheantála náisiúnta, beifear in ann cuardach a dhéanamh i measc na bpróiseas ceantála sin agus soláthróidh sé hipearnaisc lena dtreoraítear chuig leathanaigh na gcóras náisiúnta ar ar féidir tairiscintí a chur isteach go díreach.

2. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le hidirnascadh chórais ríomhcheantála náisiúnta na mBallstát, ina leagfar amach:

   (a) an tsonraíocht theicniúil nó na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna leictreonacha cumarsáide agus malartaithe faisnéis ar bhonn na sonraíochta comhéadain seanbhunaithe do chóras idirnasctha na gcóras ríomhcheantála;

   (b) na bearta teicniúla a áirithíonn na híoschaighdeáin slándála TF maidir le faisnéis a chur in iúl agus a dháileadh laistigh de chóras idirnasctha na gcóras ríomhcheantála;

   (c) an tacar íosta faisnéise a chuirfear ar fáil tríd an ardán lárnach;

   (d) na critéir íosta chun na próisis ceantála a fógraíodh a chur i láthair tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas;

   (e) na critéir íosta chun na próisis ceantála a fógraíodh a chuardach tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas;

   (f) critéir íosta chun úsáideoirí a threorú chuig ardán chóras ceantála náisiúnta an Bhallstáit ar a bhféadfaidh siad a dtairiscintí a chur isteach go díreach sna próisis ceantála a fógraíodh;

   (g) na bealaí agus na dálaí teicniúla a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin gcóras idirnasctha;

   (h) úsáid an aitheantóra uathúil Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132[42],

   (i) sonrú ar na sonraí pearsanta ar féidir rochtain a fháil orthu;

   (j) coimircí cosanta sonraí.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2) faoin [*bliain tar éis an sprioc-am trasuite*].

Airteagal 52

Na costais a bhaineann le córais ríomhcheantála a bhunú agus a idirnascadh

[42] Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí

1. Is ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a mhaoineofar bunú, coinneáil ar bun agus forbairt chóras idirnasctha na gclár ríomhcheantála amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 50.

2. Seasfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena gcórais ríomhcheantála náisiúnta a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, chomh maith leis na costais a bhaineann leis na costais sin a riar, a oibriú agus a choinneáil ar bun. Beidh an méid sin gan dochar don deis a d'fhéadfadh a bheith ann iarratas a dhéanamh ar dheontais lena dtacaítear le gníomhaíochtaí den sórt sin faoi chláir mhaoiniúcháin an Aontais.

Airteagal 53

Freagrachtaí an Choimisiúin maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcóras idirnasctha na n-ardán ríomhcheantála

1. Feidhmeoidh an Coimisiún freagrachtaí an rialtóra de bhun Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhréir leis na freagrachtaí atá air a shainítear san Airteagal sin.

2. Saineoidh an Coimisiún na beartais is gá agus cuirfidh sé i bhfeidhm na réitigh theicniúla is gá chun na freagrachtaí atá air a chomhlíonadh faoi chuimsiú fheidhm an rialtóra.

3. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme na bearta teicniúla a cheanglaítear chun slándáil na sonraí pearsanta faoi bhealach a áirithiú, go háirithe an rúndacht agus an sláine maidir le haon tarchur chuig an Tairseach Eorpach don r-Cheartas agus uaidh.

4. Maidir le faisnéis ó na córais idirnasctha náisiúnta ceant, ní stórálfar sonraí pearsanta a bhaineann le hábhair sonraí ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Stórálfar na sonraí sin uile sna córais náisiúnta ceant a fheidhmíonn na Ballstáit nó comhlachtaí eile.

Airteagal 54

Na sócmhainní a dhíol trí ríomhcheant

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar ríomhcheant shócmhainní an eastáit dócmhainneachta in imeachtaí foirceanta simplithe a fhógairt in am trátha roimh ré ar an ardán ríomhcheantála dá dtagraítear in Airteagal 50.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an t-údarás inniúil nó, i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, gach creidiúnaí aitheanta ar an eolas trí fhógraí aonair maidir le cuspóir, am agus dáta an ríomhcheant, chomh maith leis na ceanglais maidir le bheith rannpháirteach ann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar d'aon duine leasmhar, lena n-áirítear scairshealbhóirí nó stiúrthóirí reatha an fhéichiúnaí, páirt a ghlacadh sa ríomhcheant agus tairiscint a dhéanamh.

4. Má dhéantar tairiscintí ar éadáil ghnó an fhéichiúnaí mar ghnóthas leantach agus ar shócmhainní aonair an eastáit dócmhainneachta, cinnfidh creidiúnaithe cé acu de na roghanna is fearr leo.

Airteagal 55

Cinneadh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil, tar éis dháileadh na bhfáltas ó ghnó nó sócmhainní an fhéichiúnaí a dhíol, cinneadh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dáileadh na bhfáltas a bheith curtha i gcrích.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sa chinneadh maidir leis na himeachtaí foirceanta simplithe a dhúnadh sonraíocht maidir leis an tréimhse ama as a n-eascróidh urscaoileadh an fhéichiúnaí fiontraí nó urscaoileadh na mbunaitheoirí, na n-úinéirí nó na gcomhaltaí sin d'fhéichiúnaí micreafhiontair dliteanais neamhtheoranta atá faoi dhliteanas pearsanta as fiacha an fhéichiúnaí.

Caibidil 5
Fiontraithe a urscaoileadh in imeachtaí foirceanta simplithe

Airteagal 56

Rochtain ar urscaoileadh

Áiritheoidh na Ballstáit, in imeachtaí foirceanta simplithe, go ndéanfar féichiúnaithe fiontraí, chomh maith leis na bunaitheoirí, úinéirí nó comhaltaí sin d'fhéichiúnaí micrifhiontair dliteanais neamhtheoranta atá faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha an mhicrifhiontair, a urscaoileadh go hiomlán óna bhfiacha i gcomhréir le Teideal III de Threoir (AE) 2019/1023.

Airteagal 57

An chaoi a gcaitear le ráthaíochtaí pearsanta a chuirtear ar fáil d'fhiacha a bhaineann le gnó

I gcás inar tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí forfheidhmithe aonair thar an ráthaíocht phearsanta a cuireadh ar fáil do riachtanais ghnó micrifhiontair ar féichiúnaí é in imeachtaí foirceanta simplithe in aghaidh ráthóir ar bunaitheoir, úinéir nó comhalta de chuid an duine dhlítheanaigh sin é, i gcás gur duine dlítheanach é an micreafhiontar lena mbaineann, nó in aghaidh ráthóir ar ball teaghlaigh leis an bhfiontraí sin é, i gcás inar fiontraí é an micreafhiontar lena mbaineann, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na himeachtaí maidir leis an ráthaíocht phearsanta a chomhordú nó a chomhdhlúthú leis na himeachtaí foirceanta simplithe.

Teideal VII
COISTE NA gCREIDIÚNAITHE

Caibidil 1
Coiste na gcreidiúnaithe a bhunú agus a chomhaltaí

Airteagal 58

Bunú choiste na gcreidiúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbunófar coiste creidiúnaithe ach amháin má chinneann cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe amhlaidh.

2. De mhaolú ar mhír (1), féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, sula dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta, gur féidir coiste na gcreidiúnaithe a bhunú amhail ó thíolacadh iarrata ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh i gcás ina gcuirfidh creidiúnaí amháin nó níos mó iarraidh faoi bhráid na cúirte chun coiste den sórt sin a bhunú.

   Áiritheoidh na Ballstáit go gcinnfear ag an gcéad chruinniú ginearálta de chreidiúnaithe leanúnachas agus comhdhéanamh choiste na gcreidiúnaithe arna bhunú i gcomhréir le fomhír 1.

3. Féadfaidh na Ballstáit a eisiamh sa dlí náisiúnta an fhéidearthacht coiste creidiúnaithe a bhunú in imeachtaí dócmhainneachta, i gcás nach bhfuil údar cuí leis na costais fhoriomlána a bhaineann le rannpháirtíocht coiste den sórt sin i bhfianaise ábharthacht eacnamaíoch íseal an eastáit dócmhainneachta, i bhfianaise líon íseal na gcreidiúnaithe nó i bhfianaise na himthoisc gur micrifhiontar é an féichiúnaí.

Airteagal 59

Comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe a cheapadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceapfar comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe ag cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe nó le cinneadh na cúirte, laistigh de 30 lá ó dháta thionscnamh na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/848.

2. I gcás ina gceapfar comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe ag cruinniú ginearálta na gcreidiúnaithe, áiritheoidh na Ballstáit go ndeimhneoidh an chúirt an ceapachán laistigh de 5 lá ón dáta a gcuirfear an ceapachán in iúl don chúirt.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh comhaltaí ceaptha choiste na gcreidiúnaithe leasanna éagsúla na gcreidiúnaithe nó na ngrúpaí díobh go cothrom.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh creidiúnaithe nár glacadh a n-éilimh ach go sealadach agus creidiúnaithe trasteorann incháilithe lena gceapadh chuig coiste na gcreidiúnaithe freisin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon pháirtí leasmhar agóid a dhéanamh os comhair na cúirte maidir le ceapachán comhalta amháin nó níos mó de choiste na gcreidiúnaithe ar an bhforas nach ndearnadh an ceapachán i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Airteagal 60

Dualgas creidiúnaithe mar chomhaltaí de choiste na gcreidiúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach léireoidh comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe ionadaíocht ach leasanna na gcreidiúnaithe agus go ngníomhóidh siad go neamhspleách ar an gcleachtóir dócmhainneachta.

   De mhaolú ar an bhfomhír roimhe seo, féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a choimeád ar bun lena gceadaítear níos mó ná coiste creidiúnaithe amháin a bhunú a dhéanfaidh ionadaíocht ar ghrúpaí éagsúla creidiúnaithe sna himeachtaí dócmhainneachta céanna. Sa chás sin, ní léireoidh comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe ionadaíocht ach leasanna na gcreidiúnaithe a cheap iad.

2. Comhlíonfaidh coiste na gcreidiúnaithe a chuid dualgas ar son na gcreidiúnaithe go léir a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta dóibh.

Airteagal 61

Líon na mball

Áiritheoidh na Ballstáit gur 3 ar a laghad líon na gcomhaltaí ar choiste na gcreidiúnaithe agus nach mó ná 7 a bheidh air.

Airteagal 62

Comhalta a chur as oifig agus comhalta eile a chur ina ionad

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha lena sonrófar na forais le comhaltaí choiste na gcreidiúnaithe a chur as oifig agus iad a ionadú agus na nósanna imeachta gaolmhara araon. Freastalófar leis na rialacha sin freisin ar an gcás ina n-éireoidh comhaltaí de choiste na gcreidiúnaithe as oifig nó nach mbeidh siad in ann na feidhmeanna is gá a chomhlíonadh, amhail i gcásanna tinnis thromchúisigh nó báis.

2. Áireofar ar na forais le comhalta a chur as oifig, ar a laghad, iompar atá calaoiseach nó mórfhaillíoch, mí-iompar toiliúil, nó sárú ar dhualgais mhuiníneacha maidir le leasanna na gcreidiúnaithe.

Caibidil 2
Modhanna oibre agus feidhm choiste na gcreidiúnaithe

Airteagal 63

Modhanna oibre choiste na gcreidiúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go leagfaidh coiste creidiúnaithe prótacal modhanna oibre síos laistigh de 15 lá oibre tar éis cheapadh na gcomhaltaí. Mura gcomhlíonann coiste na gcreidiúnaithe an oibleagáid sin, cumhachtófar don chúirt an prótacal a leagan síos thar ceann choiste na gcreidiúnaithe laistigh de 15 lá oibre tar éis don chéad tréimhse 15 lá oibre dul in éag. Sa chéad chruinniú de choiste na gcreidiúnaithe, déanfaidh a chomhaltaí na modhanna oibre a fhormheas trí thromlach simplí de na comhaltaí a bheidh i láthair.

2. Leis an bprótacal sin dá dtagraítear i mír (1), tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

   (a) an incháilitheacht chun freastal ar chruinnithe an choiste creidiúnaithe agus chun páirt a ghlacadh iontu;

   (b) an incháilitheacht chun vótáil agus an córam is gá;

   (c) coinbhleachtaí leasa;

   (d) rúndacht faisnéise.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an prótacal dá dtagraítear i mír (1) ar fáil do gach creidiúnaí, don chúirt agus don chleachtóir dócmhainneachta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an deis do chomhaltaí choiste na gcreidiúnaithe a bheith rannpháirteach agus vótáil go pearsanta nó trí mheáin leictreonacha.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh páirtí a dtugtar cumhacht aturnae dó ionadaíocht a dhéanamh ar chomhaltaí choiste na gcreidiúnaithe.

6. Bunóidh an Coimisiún prótacal caighdeánach trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

Airteagal 64

Feidhm, cearta, dualgais agus cumhachtaí choiste na gcreidiúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit gurb é feidhm choiste na gcreidiúnaithe a áirithiú, agus na himeachtaí dócmhainneachta á ndéanamh, go gcosnófar leasanna na gcreidiúnaithe agus go mbeidh creidiúnaithe aonair rannpháirteach iontu.

   Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cearta, na dualgais agus na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag coiste na gcreidiúnaithe:

   (a) an ceart éisteacht a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta tráth ar bith;

   (b) an ceart chun bheith i láthair agus éisteacht a fháil in imeachtaí dócmhainneachta;

   (c) an dualgas maoirseacht a dhéanamh ar an gcleachtóir dócmhainneachta, lena n-áirítear trí dhul i gcomhairle leis an gcleachtóir dócmhainneachta agus tríd an gcleachtóir dócmhainneachta a chur ar an eolas faoi mhianta na gcreidiúnaithe;

   (d) an chumhacht faisnéis ábhartha agus riachtanach a iarraidh ar an bhféichiúnaí, ar an gcúirt nó ar an gcleachtóir dócmhainneachta tráth ar bith le linn imeachtaí dócmhainneachta;

   (e) an dualgas faisnéis a sholáthar do na creidiúnaithe a ndéanann coiste na gcreidiúnaithe ionadaíocht dóibh agus an ceart faisnéis a fháil ó na creidiúnaithe sin;

   (f) an ceart chun fógra a fháil faoi ábhair ina bhfuil leas ag na creidiúnaithe a ndéanann an coiste creidiúnaithe ionadaíocht dóibh, lena n-áirítear díol sócmhainní lasmuigh den ghnáthchúrsa gnó, agus an ceart go rachfar i gcomhairle leo maidir leis na hábhair sin;

   (g) an chumhacht chun comhairle sheachtrach a iarraidh maidir le nithe ina bhfuil leas ag na creidiúnaithe a ndéanann an coiste creidiúnaithe ionadaíocht dóibh.

2. I gcás ina dtugann na Ballstáit an chumhacht do choiste na gcreidiúnaithe cinntí nó gníomhartha dlí áirithe a fhormheas, sonróidh siad go soiléir na hábhair a bhfuil gá leis an bhformheas sin ina leith.

Airteagal 65

Caiteachas agus luach saothair

1. Sonróidh na Ballstáit cé a sheasfaidh an caiteachas arna dtabhú ag coiste na gcreidiúnaithe agus a fheidhm dá dtagraítear in Airteagal 64 á feidhmiú aige.

2. I gcás inarb é an t-eastát dócmhainneachta a sheasfaidh an caiteachas dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh coiste na gcreidiúnaithe taifead ar an gcaiteachas sin agus go mbeidh sé d'údarás ag an gcúirt teorainn a chur le caiteachas nach bhfuil údar leis agus atá díréireach.

3. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit luach saothair do chomhaltaí choiste na gcreidiúnaithe agus gurb é an t-eastát dócmhainneachta a sheasfaidh an luach

saothair sin, áiritheoidh siad go mbeidh an luach saothair comhréireach leis an bhfeidhm a chomhlíonann na comhaltaí agus go gcoinneoidh coiste na gcreidiúnaithe taifead air.

Airteagal 66

Dliteanas

Tá comhaltaí de choiste creidiúnaithe díolmhaithe ó dhliteanas aonair i leith a gcuid gníomhaíochtaí ina gcáil mar chomhaltaí den choiste ach amháin má bhí a n-iompar mórfhaillíoch nó calaoiseach, má thug siad faoi mhí-iompar toiliúil, nó má sháraigh siad dualgas muiníneach i leith na gcreidiúnaithe a ndéanann siad ionadaíocht dóibh.

Airteagal 67

Achomhairc

1. I gcás ina dtugann na Ballstáit an chumhacht do choiste na gcreidiúnaithe cinntí nó idirbhearta áirithe a fhormheas, déanfaidh siad foráil freisin maidir le ceart ar achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhormheasa sin.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an nós imeachta achomhairc éifeachtúil agus gasta.

Teideal VIII
BEARTA LENA bhFEABHSAÍTEAR TRÉDHEARCACHT NA nDLÍTHE NÁISIÚNTA DÓCMHAINNEACHTA

Airteagal 68

Bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis

1. Soláthróidh na Ballstáit, faoi chuimsiú na Tairsí Eorpaí don r-Cheartas, bileog eolais faoin bpríomhfhaisnéis maidir le gnéithe áirithe den dlí náisiúnta i leith imeachtaí dócmhainneachta.
2. Beidh inneachar na bileoige eolais faoin bpríomhfhaisnéis dá dtagraítear i mír (1) cruinn agus soiléir, ní bheidh sé míthreorach agus leagfar na fíorais amach ann ar bhealach cothrom cóir. Beidh sé comhsheasmhach le faisnéis eile faoin dlí dócmhainneachta nó féimheachta dá bhforáiltear faoi chuimsiú chreat na Tairsí Eorpaí don r-Cheartas i gcomhréir le hAirteagal 86 de Rialachán (AE) 2015/848.
3. A méid a bhaineann leis an mbileog eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis:
   (a) i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais déanfar í a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin [*6 mhí tar éis an sprioc-ama chun an Treoir seo a thrasuí*];
   (b) cúig thaobh de pháipéar A4 a fad uasta agus í clóite, agus carachtair á n-úsáid atá inléite ó thaobh méide de;
   (c) i dteanga shoiléir, neamhtheicniúil agus intuigthe a scríobhfar í.
4. Beidh na ranna seo a leanas san ord seo a leanas sa bhileog eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis:
   (a) na coinníollacha a bhaineann le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh;

(b) na rialacha lena rialaítear taisceadh, fíorú agus cead isteach éileamh;

(c) na rialacha lena rialaítear rangú éilimh na gcreidiúnaithe agus dáileadh na bhfáltas ó réadú na sócmhainní a leanann as na himeachtaí dócmhainneachta;

(d) meánfhad tuairiscithe na n-imeachtaí dócmhainneachta, dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/1023[43].

5. Beidh an méid seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír (4), pointe (a):

(a) liosta na ndaoine a fhéadfaidh a iarraidh go dtionscnófaí imeachtaí dócmhainneachta;

(b) liosta na gcoinníollacha lena spreagtar imeachtaí dócmhainneachta;

(c) an áit agus an chaoi ar féidir an iarraidh ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh a chur isteach;

(d) an chaoi agus an uair a thugtar fógra don fhéichiúnaí maidir le tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta.

6. Beidh an méid seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír (4), pointe (b):

(a) liosta na ndaoine atá in ann éileamh a thaisceadh;

(b) liosta na gcoinníollacha chun éileamh a thaisceadh;

(c) an teorainn ama chun éileamh a thaisceadh;

(d) an áit ar féidir teacht ar an bhfoirm chun éileamh a thaisceadh, i gcás inarb infheidhme;

(e) an chaoi agus an áit chun éileamh a thaisceadh;

(f) an chaoi a ndéantar an t-éileamh a fhíorú agus a bhailíochtú.

7. Beidh an méid seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír (4), pointe (c):

(a) tuairisc ghairid ar an gcaoi a rangaítear cearta agus éilimh creidiúnaithe;

(b) tuairisc ghairid ar an gcaoi a ndáiltear fáltais.

8. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt cothrom le dáta laistigh de mhí tar éis theacht i bhfeidhm na leasuithe ábhartha ar an dlí náisiúnta. Beidh an ráiteas seo a leanas sa bhileog eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis: 'Tá an bhileog eolais seo maidir leis an bpríomhfhaisnéis cruinn amhail an [*an dáta a cuireadh an fhaisnéis faoi bhráid an Choimisiúin nó an dáta a rinneadh an nuashonrú*]'.

Socróidh an Coimisiún go n-aistreofar an bhileog eolais sin maidir leis an bpríomhfhaisnéis go Béarla, Fraincis agus Gearmáinis nó, má dhréachtaítear an bhileog eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis i gceann de na teangacha sin, go dtí an dá theanga eile, agus cuirfidh sé ar fáil don phobal í ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas faoin roinn maidir le dócmhainneacht/féimheacht do gach Ballstát.

9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún formáid na bileoige eolais maidir leis an bpríomhfhaisnéis a mhodhnú nó raon feidhme na faisnéise teicniúla a sholáthraítear

[43] TREOIR (AE) 2019/1023 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132

ann a leathnú nó a laghdú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69(2).

Teideal IX
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 69

Coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Athstruchtúrú agus Dócmhainneacht ('an Coiste') dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 70

Athbhreithniú

Faoin [*5 bliana tar éis an sprioc-ama chun an Treoir seo a thrasuí*] cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus tionchar na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Airteagal 71

Trasuí

1. Na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [*2 bhliain ón teacht i bhfeidhm*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 72

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an [...] lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 73

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
[...]	*[...]*